



Tuarascáil Bhliantúil 2007

Ospidéal Naomh Séamas

OSPIDÉAL NAOMH SÉAMAS
ST. JAMES'S HOSPITAL



RÁITEAS MISIN

“Tá sé mar bhunchuspóir ag Ospidéal Naomh Séamas cóireáil sláinte, cúram agus fáthmheas a sheachadadh, chomh maith le cur chun cinn sláinte agus seirbhísí forchoimeáda.”

Is múnlóir lárnach agus uirlis pholasaí poiblí sa chóras sláinte é go príomha Ospidéal Naomh Séamas, a bunaíodh trí roinnt d’ospidéil dheonacha agus ospidéal cathrach amháin a nascadh. Eascraíonn misean an Ospidéil as a fhealsúnacht/luachanna bunaidh agus tá sainmhíniú air sin thíos.

Is é aidhm bhunúsach an Ospidéil cóireáil sláinte, cúram agus diagnóis a sheachadadh chomh maith le cur chun cinn sláinte agus seirbhísí coisctheacha ag leibhéal ceantair, réigiúnach, os-réigiúnach agus náisiúnta. Réimsíonn a shainchúram seirbhíse i gcastacht ón dara leibhéal go dtí an leibhéal treasach.

Is ospidéal teagaisc acadúil é Ospidéal Naomh Séamas freisin. Tá sé tiomanta mar sin do chruthú timpeallachta agus cúinsí inar féidir oideachas agus taighde sna heolaíochtaí sláinte agus sna heolaíochtaí comhghaolmhara a chur ar fáil agus inar féidir leo bláthú.

Éilítear níos mó is níos mó ar an Ospidéal feidhmiú i dtimpeallacht ina mbeidh comhoibriú ingearach agus taobhach ar mhaithe le leas na n-othar sa deireadh thiar. Sa chomhthéacs seo molann sé agus saothraíonn sé cur chun cinn agus rannpháirtíocht an Ospidéil i seirbhísí agus i ngréasáin sláinte acadúla go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Agus tosaíocht á tabhairt do na hothair ar gach bealach aithníonn an tOspidéal a fhreagrachtaí i leith sraith níos leithne geallsealbhóirí lena n-áirítear an rialtas, na daoine agus an pobal i gcoitinne, ceannaitheoirí lárnacha a sheirbhísí, an fhoireann agus an iliomad institiúidí atá ag gabháil leis sna hearnálacha sláinte agus oideachais agus glacann sé leis na freagrachtaí seo.

Agus na réimsí freagrachtaí seo á gcomhlíonadh tá sé d’aidhm ag an Ospidéal na caighdeáin is airde is féidir agus na leibhéil éifeachtachta, éifeachtúlachta agus ardchaighdeáin a bhaint amach i ngach a dhéanann sé. Tá sé tiomanta freisin ag critéir an tsármhaitheasa, an fheabhsúcháin leanúnaigh agus na nuála. Cuirtear a chuid seirbhísí ar fáil go cothrom ar bhonn riachtanais. Ar deireadh tá an tOspidéal go hiomlán cuntasach dá othair agus do gheallsealbhóirí eile i leith a fheidhmithe thar raon iomlán a réimse freagrachta.

OSPIDÉAL NAOMH SÉAMAS
ST. JAMES’S HOSPITAL



CLÁR

OSPIDEÁL NAOMH SHÉAMAS

Rialú agus Feidhmeannas

Bord an Ospidéal	5
Grúpa Feidhmeannais Bainistíochta	5
Foireann Comhairligh	6
Dlíthiúil agus Baintceireacht	8

Tuairiscí Chorporáideach

Réamhrá ón gCathaoirleach	9
Tuairisc ón bPríomhfheidhmeannach	12

Buaicphointí Feidhmíochta

Méideanna Eochairghníochta	16
----------------------------	----

Tuarascálacha an Rannáin Chorporáidigh

Ráitis Airgeadais & Tuairisc	21
Bainistíocht Ábhair	23
Acmhainní Daonna	25
Iníúchadh Inmheánach	29
Seirbhísí Bainistíochta Eolais	30

Tuarascálacha an Rannáin Seirbhíse

Stiúthóireachtaí Cliniciúla

CResT

Cairdeolaíocht, Liacht Riosparáide, Máinliacht Cairdeatórasach	34
--	----

HOPe

Haemaiteolaíocht, An Clár Trasphlandú Sméara, Oifig an Chuibhreannas Trialacha Cliniciúla, An tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtuil, Cúram Maolaitheach	38
---	----

MedEL

Liacht d'Aosaigh, An tAonad Títime & Sioncóipíse, Seirbhís Chosaint Cnámh agus Chóireáil Oisteapóroise Ionad Eolais agus Forbartha um Sheirbhísí Néaltrú, Ionad Mercer um Thaighde ar Aosú	41
--	----

SaMS

Deirmeolaíocht, Inchríneolaíocht, Cluas, Srón agus Scornach, Clinic um Ghalair Infhabhaíochta Uraiginiúil (GUIDe), Géineolaíocht, Néareolaíocht, Oftailmeolaíocht, Réimaitelaíocht	45
--	----

GEMS

Seirbhísí Cíche, An tIonad Iontrála Géarmhíochaine, An tIonad Heipiteolaíochta An tSeirbhís Ionscópachta, Aonad Feidhme, Gaistraiséigeach (GI) Seirbhís Chalaireicteach, Seirbhísí Duánacha	49
---	----

Éigeandáil

Liacht Éigeandála, Aonad Measúnaithe Péine Cliabhraigh, Bharda Faire	53
--	----

Tráma

An tAonad Dó Náisiúnta do Dhaoine Fásta, Aonad Náisiúnta Liachta Mascaille & Béil, Liacht Phlaisteach & Atógálach, Liacht Ortaipéideach, Aonad Ortadóntóra & Siúnta	56
---	----

Speisialtachtaí Neamh Stiúthóireachta

Máinliacht Soithíoch agus Ionsoithíoch

Máinliacht Ionsoithíoch, An tAonad Féitheacha An Saotharlann Soithíoch	58
--	----

Síciatracht

Síciatracht Pobail, Síciatracht na nAosach Seirbhís Liachta Síceolaíoch, Obair Shóisialta Teiripe Saothair, Síceolaíocht, Roinn Acadúil Na Síceolaíochta	60
--	----

Stiúirtheoireacht Seirbhíse Cliniciúil

LabMed

Haemaiteolaíocht, Bithcheimic,
Imdhíoneolaíocht, Míochaine Aistrithe,
Histeapaiteolaíocht, Cítíphaiteolaíocht,
Micribhitheolaíocht, Fleibeatóime, Saotharlann
Téachta agus an tlonad Náisiúnta do
Ghalair Oidhreachtuil Théachta,
An tSaotharlann Chrióbhitheolaíochta,
Saotharlann Tagartha Mícbhaictéir na hÉireann,
Saotharlann Tagartha Náisiúnta MRSA 62

DiagIm

Íomhaú Diagnóiseach (X-gha),
PaRIS/EPR, Radagrafaíocht 67

ORIAN

Obrádlann, Máinliacht Lae, An tAonad
Dianchúraim, An tAonad Ard-Spleáchais,
Seirbhísí Steiriúla Ospidéal,
Seirbhísí Ainéistéiseacha, Míochaine Phéine 70

Seirbhísí Tacaíochta Cliniciúla

SCOPE

Teiripe Urlabhra agus Teanga,
Obair Shóisialta Liachta, Cothú Cliniciúil,
Teiripe Ceirde, Fisiteiripe 74

Cógaslann

Seirbhísí Cógaslainne Cliniciúla,
Seirbhísí Íoclainne agus Dáilte,
Seirbhísí Aiseipteach/Cumaisc,
An tlonad Eolais Leigheasra
Náisiúnta (NMIC),
An tlonad um Ardteiripic Cliniciúil 78

Fisic Liachta agus Bith-Innealtóireacht

Fisic Mhíochaine, Innealtóireacht Chliniciúil 82

Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta

Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta

Lónadóireacht, Fódóireacht, Línéadaigh,
Slándáil, Poirtéireacht, Teileachumarsáid,
Comhshaoil agus Séiplíneacht 84

Altranas

Riarachán Altranais, Aonad
Forbartha an Chleachtais Altranais 87


Gníomhaíochtaí Oideachais

An tlonad Iarchéime William Stokes 90
Institiúid Haughton 91
Oifig Chláir Oinceolaíochta Réigiúnach 92
Fondúireacht Ospidéal Naomh Séamas 93

Tuarascálacha Rannáin Chlár

Clár Cáilíochta 96
Seirbhísí Pleanála agus Teicniúla 99

Struchtúr Corparáideach



Bailraíocht Bhoird an Ospidéal 2007

An tOll. T. Mitchell

Cathaoirleach Bhoird an Ospidéal

An Dr. L. Barnes

Deirmeolaí

Cllr. M. Ardagh

Ball Boird

An tOll. R. Byrne

Coláiste na Tríonóide

Cllr. M. Donnelly

Comhairle Cathrach Átha Cliath

An tUas. J. Kelly

Ionadaí Foirne

M. MacGuinness Uas.

Ionadaí Foirne

An Dr. J. Moriarty

Stiúrthóir Chliniceach, Stiúrthóireacht ORIAN

C. Murphy Uas.

Ceapachán de chuid an Aire

An tOll. C. Normand

Coláiste na Tríonóide

An tOll. F. O’Kelly

Dochtúir Ghinearálta

An tOll. J. Scott

Coláiste na Tríonóide

K. O’Neill Uas.

Altra Sláinte Poiblí

Ceapachán de chuid an Aire

An tUas. P. O’Reilly

Ceapachán de chuid an Aire

C. Naughton Uas.

Ceapachán de chuid an Aire

Grúpa Feidhmeannais Bainistíochta 2007

An tUas. I. Carter

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Cathaoir)

E. Hardiman Uas.

Leas Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/Bainisteoir Feidhmiúcháin

An tUas. P. Gallagher

Stiúrthóir Altranais

An tUas. K. Hardy

Stiúrthóir Acmhainní Daonna

An tUas. B. Fitzgerald

Stiúrthóir Airgeadais

An tUas. M. Buckley

Bainisteoir, Bainistíocht Eolais

An tUas. C. Robertson

Bainisteoir, Seirbhísí Tacaíochta Ghinearálta

M. Kenny Uas.

Bainisteoir Ábhar

An Dr. C. Bergin

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht SaMS

An tOll. Davis Coakley

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht MedEL

An Dr. K. O’Byrne

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht HOPe

An Dr. F. O’Connell

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht CResT

An Dr. U. Geary

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht Éigeandála

An Dr. P. W. N. Keeling

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht GEMS

An Dr. J. Moriarty

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht ORIAN

An Dr. M. Keogan

Stiúrthóir Cliniciúil, Diaglm

An Dr. B. O’Connell

Stiúrthóir Cliniciúil, LabMed

Comhairligh in Ospidéal Naomh Séamas, 2007

An Dr. Mark Abrahams	Ainéistéisí	An tOll. John Feely	Cógaseolaíocht Chliniciúil & Teiripic
An Dr. Colette Adida	Ainéistéisí		
An Dr. Mary Anglim	Gínéiceolaí/Cnáimhseoir	An tOll. Conleth Feighery	Imdhíoneolaí
An Dr. Louise Barnes	Deirmeolaí	An tUas. Gary Fenelon	Máinlia Ortaipéideach
An Dr. Michael Barry	Lia Ginearálta/ Cógaseolaíocht & Teiripí	An Dr. Joseph Fitzgerald	Ainéistéisí
		An Dr. Brendan Foley	Cairdeolaí
An tUas. Eamon Beusang	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach	An Dr. Patrick Freyne	Raideolaí
		An Dr. Catherine Flynn	Haemaiteolaí
An tUas. Cliff Beirne	Máinlia Béil & Mascaille agus Béil	An Dr. Stephen Froese	Ainéistéisí
		An Dr. Eoin Gaffney	Ainéistéisí
An Dr. Colm Bergin	Galair Ionfhabhtaíocha	An Dr. Una Geary	Lia Éigeandála
An tUas. David Borton	Máinlia Ortaipéideach	An Dr. Noreen Gleeson	Gínéiceolaí & Cnáimsheoir
An tUas. Terry Boyle	Máinlia Ginearálta	An tUas. Ron Grainger	Úireolaí
An tUas. Frank Brady	Máinlia Béil & Mascaille agus Béil	An Dr. Elaine Greene	Síciatraí
		An Dr. Mairead Griffin	Histeapaiteolaí
An Dr. Francesca Brett	Néar-Phaiteolaí	An Dr. Michael Guiney	Raideolaí
An Dr. Paul Browne	Haemaiteolaí	An Dr. Joseph Harbison	Geiriatraí
An Dr. Michael Carey	Ainéistéisí	An Dr. Marie Louise Healy	Inchríneolaí
An Dr. Gerard Canny	Péidiatraí/Míochaine Riospráide	An Dr. Martina Hennessy	Oideachas Liachta
		An tOll. Donal Hollywood	Raideolaí
An Dr. Miriam Casey	Geiriatraí	An Dr. Niall Hughes	Ainéistéisí
An Dr. Susan Clarke	Galair Ionfhabhtaíocha	An Dr. Alan Irvine	Deirmeolaí
An tOll. Davis Coakley	Geiriatraí	An Dr. Joseph Keane	Lia Riospráide
An Dr. Daniel Collins	Ainéistéisí	An Dr. PWN Keeling	Gaistreintreolaí
An tUas. Brendan Conlon	Oitlraingeolaí	An tOll. Dermot Kelleher	Gaistreintreolaí
An Dr. Eibhlin Conneally	Haemaiteolaí	An Dr. John Kennedy	Oinceolaí Cliniciúil
An Dr. Elizabeth Connolly	Ainéistéisí	An tOll. Roseanne Kenny	Geiriatraí
An Dr. Maureen Connolly	Deirmeolaí	An Dr. Mary Keogan	Raideolaí
An Dr. Sean Connolly	Néarfhisceolaí	An tUas. John Kinsella	Oitlraingeolaí
An Dr. John Cooney	Síciatraí Idirchaidrimh	An Dr. Eimear Lawlor	Haemaiteolaí
An Dr. Peter Crean	Cairdeolaí	An tOll. Brian Lawlor	Síciatraí
An Dr. Brendan Crowley	Micribhitheolaí	An Dr. Peter Lawlor	Míochaine Mhaolaitheach
An Dr. Vivion Crowley	Paiteolaí Ceimice	An tUas. Thomas Lynch	Úireolaí
An Dr. Gaye Cunnane	Réamaiteolaí	An Dr. Fionnuala Lyons	Ainéistéisí
An Dr. Conal Cunningham	Geiriatrician	An Dr. Fiona Lyons	Míochaine Úraiginiúil
An tOll. Peter Daly	Oinceolaí Liachta	An tOll. Shaun McCann	Haemaiteolaí
An tUas. Tom D'Arcy	Généiceolaí/Cnáimhseoir	An Dr. Deirdre McCoy	Ainéistéisí
An Dr. Colin Doherty	Néareolaí	An Dr. Connail McCrory	Ainéistéisí
An Dr. Michele Doran	Réamaiteolaí	An Dr. Ronan McDermott	Raideolaí
An Dr. Aoife Doyle	Oftailmeolaí	An Dr. Raymond McDermott	Oinceolaí Cliniciúil
An Dr. Noreen Dowd	Ainéistéisí	An tUas. TED McDermott	Úireolaí
An Dr. Barbara Dunne	Histeapaiteolaí	An Dr. Niall McEniff	Raideolaí
An Dr. Patricia Eadie	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach	An Dr. Eilis McGovern	Máinlia Cairdeatóracsach
		An Dr. Eamon McKiernan	Ortadóntóir
An Dr. Carl Fagan	Ainéistéisí	An Dr. Susan McKiernan	Gaistreintreolaí
An Dr. Ruairi Fahy	Lia Riospráide	An Dr. Corrina McMahan	Haemaiteolaí

Comhairligh in Ospidéal Naomh Séamas, 2007

An Dr. Geraldine McMahon	Lia Éigeandála	An tUas. David Orr	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach
An Dr. Mairin McMenamin	Histeapaiteolaí		
An Dr. Eleanor McNamara	Micribhitheolaí	An tUas. Patrick Plunkett	Lia Éigeandála
An tUas. Prakash Madhavan	Máinlia Soithíoch	An Dr. Jenny Porter	Ainéistéisí
An Dr. Nasr Mahmud	Gaistreintreolaí	An Dr. Janice Redmond	Néareolaí
An Dr. James Meaney	Raideolaí	An tOll. John Reynolds	Máinlia Ginearálta
An tUas. Brian Mehigan	Máinlia Ginearálta	An tOll. Thomas Rogers	Micribhitheolaí
An Dr. George Mellotte	Neifreolaí	An Dr. Mark Ryan	Raideolaí
An Dr. Stanley Miller	Raideolaí	An Dr. Thomas Ryan	Ainéistéisí
An tUas. Dermot Moore	Máinlia Soithíoch	An Dr. Patrick Scanlon	Ainéistéisí
An Dr. Jeanne Moriarty	Ainéistéisí	An Dr. Thomas Schnittger	Ainéistéisí
An tOll. Fiona Mulcahy	Míochaine Úraiginiúil	An Dr. Paul Scully	Síciatraí
An Dr. Cian Muldoon	Histeapaiteolaí	An tOll. Gregor Shanik	Máinlia Soithíoch
An Dr. Raymond Murphy	Néareolaí	An Dr. Bernard Silke	Lia Ginearálta
An Dr. Ross Murphy	Cairdeolaí	An tUas. Hugh Smyth	Máinlia Ortaipéideach
An Dr. Siobhan Nichol森	Histeapaiteolaí	An Dr. Owen Smith	Haemaiteolaí
An Dr. Beatrice Nolan	Haemaiteolaí	An Dr. Mary Staines	Síciatraí
An tOll. John Nolan	Inchríneolaí	An tOll. Leo Stassen	Máinlia Béil & Mascaille agus Béil
An Dr. Suzanne Norris	Gaistreintreolaí		
An tOll. Sean O'Briain	Histeapaiteolaí	An tUas. Richard Stephens	Máinlia Ginearálta
An Dr. Kenneth O'Byrne	Oinceolaí Cliniciúil	An tOll. Con Timon	Otalaraingeolaí
An Dr. Brian O'Connell	Micribhitheolaí	An tUas. Sean Tierney	Máinlia Soithíoch
An Dr. Finbarr O'Connell	Lia Riospráide	An Dr. Mary Toner	Histeapaiteolaí
An Dr. Hugh O'Connor	Gíniceolaí & Cnáimhseoir	An tUas. Michael Tolan	Máinlia Cardatóracsach
An Dr. Dearbhaile O'Donnell	Oinceolaí Cliniciúil	An Dr. Celine Traynor	Ainéistéisí
An Dr. James O'Donnell	Haemaiteolaí	An Dr. Elisabeth Vandenberghe	Haemaiteolaí
An Dr. Margaret O'Donnell	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach	An Dr. Peter Vaughan	Ainéistéisí
		An Dr. Carmel Wall	Ainéistéisí
An tUas. David O'Donovan	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach	An Dr. Catherine Wall	Neifreolaí
		An tOll. James Bernard Walsh	Geiriatraí
An Dr. Anne Marie O'Dwyer	Síciatraí	An Dr. Rosemarie Watson	Deirmeolaí
An Dr. Fiona O'Higgins	Ainéistéisí	An Dr. Graham Wilson	Raideolaí
An tOll. John O'Leary	Histeapaiteolaí	An Dr. Barry White	Haemaiteolaí
An Dr. Aisling O'Mahony	Ortadóntóir	An tUas. Vincent Young	Máinlia Cardatóracsach
An Dr. Catherine O'Malley	Ainéistéisí		
An Dr. Aongus O'Marcaigh	Haemaiteolaí	Scoir 2007	
Péidiatraiceach		An tOll. Michael Cullen	Inchríneolaí
An Dr. Colm O'Morain	Gaistreintreolaí	An Dr. Eamon McGuinness	Cnáimhseoir & Gíniceolaí
An tUas. Sean O'Neill	Máinlia Soithíoch		
An Dr. Deirdre O'Riordan	Lia Ginearálta	An tOll. Luke Clancy	Lia Riospráide,
An Dr. Joan O'Riordan	Haemaiteolaí	An tOll. Michael Walsh	Cairdeolaí
An Dr. Liam O'Siorain	Míochaine Mhaolaitheach		
An Dr. Caitriona O'Sullivan	Oinceolaí Radaíochta		
An Dr. Ellen O'Sullivan	Ainéistéisí		
An Dr. Dermot O'Toole	Gaistreintreolaí		
An Dr. Patrick Ormond	Ormond Deirmeolaí		

Dlí agus Baincéireacht 2007

Iniúchóirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Bank of Ireland, 85 Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
Permanent TSB, 16-17 Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2

Comhairligh Dlí

Dlíodóirí A&L Goodbody, An Lárionad Seirbhísí Airgeadais
Idirnáisiúnta, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Bróicéirí Árachais

AON Ireland, 10/12 Bóthar Lansdowne, Droichead na
Dothra, Baile Átha Cliath 4

RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH



An tOll. Tom Mitchell
Cathaoirleach



Is laethanta an-dúshlánacha iad seo don earnáil ospidéil in Éirinn. Tuilleadh éilimh, leibhéal do-ghlactha d'áitíocht leapacha, liostaí feithimh a chuireann isteach go mór ar othair, brú leanúnach ar Ranna Éigeandála, áiseanna neamhleora íoschéimneacha agus fadtéarma sna Pobail, costais mhéadaitheacha agus acmhainní laghdaitheacha - seo roinnt de na mórfhadhbanna atá roimh an earnáil agus a chiallaíonn go bhfuil sé níos deacra an leibhéal seirbhíse a bhfuil an pobal i dteideal chuige a sholáthar. Ach, in ainneoin an drochphictiúir seo, d'éirigh le hOspidéal Naomh Séamas arís in 2007 an bhliain a chríochnú agus barrachas modhúil aige agus é thar gach dualgas seirbhíse.



Is éacht suntasach é seo i mbliain deacair agus é bainte amach mar gheall ar thiomantas fhoireann uile an ospidéil agus bainistíocht chúramach ar chóras na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla agus ar an bhfoireann sinsearach bainistíochta faoi stiúir Ian Carter. Ar son Bhord an Ospidéil is mian liom aitheantas a thabhairt don obair shuntasach atá á déanamh san ospidéal seo ag gach leibhéal, agus gealladh don bhfoireann go léir go bhfuil an obair aitheanta agus muid buíoch as sin freisin.

De shuntas ar leith sa bhliain atá thart ná seirbhís chúram lae san ospidéal a chuaigh thar réamh-mheastacháin le 42%. Is forbairt iontach tábhachtach é leathnú ar thoilleadh le haghaidh cóir leigheas chúram lae, chun brú ar leapacha d'othair chónaithe a éascú agus chun cúram níos éifeachtaí nach gcuireann isteach ar othair a sholáthar. Tá tairbhí na hinfheistíochta sa réimse seo á léiriú ag Naomh Séamas.

B'fhorbairt shuntasach eile é síniú i mí Nollag de Mheabhrán Tuisceana idir Coláiste na Tríonóide, Naomh Séamas agus AMNCH le bogadh chun tosaigh le bunú den Ionad Liachta Acadúil. Tabharfaidh an tionscnamh Scoil Liachta na Tríonóide agus na hospidéil le chéile in Lárionad Cuimsitheach úr, aonair, mórsála, a bheas mar mheascán d'oideachas agus de thaighde ard-leibhéal agus seirbhísí cliniciúla de leibhéal tánaisteach, treasach agus ceathrach den chaighdeán idirnáisiúnta is airde. Déanfaidh an toilleadh leathnaithe agus comhchruinniú de shaineolas a bheas mar thoradh air seo cinnte go mbeidh tairbhí ann do mhuintir na hÉireann maidir le míochaine idirdhisciplíneach de thorthaí an ard-taighde.

Tá bóthar fada romhainn go fóill, ach léiríonn síniú an mheabhráin an-dóchas gur féidir go dtiocfaidh an tionscadal fóirbhachtach seo i gcrích.

Críochnaíodh Sracphlean Rialúcháin Forbartha an Ospidéil sa deireadh agus cheadaigh an Bord é ag deireadh 2007. Beart fada ach luachmhar a bhí ann agus soláthraíonn sé na sonraí a bheas mar threoir d'fhorbairt chaipitil an suímh go ceann blianta fada.

Fiú amháin sna coinníollacha deacra airgeadais ina bhfuil muid anois beidh sé tábhachtach bogadh ar aghaidh le Clár Forbartha Straitéiseach an Ospidéil. Tá roinnt tosaíochtaí ann agus ní féidir a ngluaiseacht a mhoilliú.

Ar na cinn is práinní ina measc ná sprioc fadtéarmach an Ospidéil Seirbhísí Cúram Ailse cuimsitheacha, comhtháite, tras-dhisciplíneacha a fhorbairt. Ainmníodh Naomh Séamas anois mar Lárionad Barr Feabhais do chúram ailse, a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú mhór le sprioc an Ospidéil a bhaint amach. Tairgeann Plean Rialúcháin Straitéise Ailse Náisiúnta, faoi stiúir an Ollaimh Keane anois, fiordheis leibhéal chúram ailse in Éirinn a fheabhsú go caighdeán domhanda. Tugann Naomh Séamas tacaíocht iomlán don straitéis agus beidh ag comhoibriú go hiomlán léi. Go sonrach, tá sí ag iarraidh oibriú leis an Ollamh Keane agus a chomhpháirtithe chun an áis oinceolaíochta cógais pleanáilte a fhorbairt ar shuíomh Naomh Séamas, agus i gcomhar leis, Ionad cuimsitheach do chúram ailse a chruthú agus é tógtha timpeall thart ar an réimse leathan d'áiseanna, saineolas agus toilleadh taighde atá á chur i bhfeidhm ag an Ospidéal le blianta fada anuas.

Ba chóir tosaíocht eile a chur chun tosaigh anois, is é sin an Lárionad d'Aosú Rathúil. Tá athruithe déimeagrafacha móra ag dul ar aghaidh in Éirinn, cosúil le tíortha forbartha eile, as a dtiocfaidh céatadán níos airde de sheandaoine sa daonra. Meastar go mbeidh duine i ngach ceathrar in Éirinn níos sine ná 65 faoi 2036. Tá impleachtaí soiléire ann do na seirbhísí sláinte, agus beidh cúram do sheandaoine ar na réimsí is tábhachtaí den chúram sláinte. Tá traidisiún fada ag Naomh Séamas sa réimse seo agus tá foireann saineolaithe den scoth aige i liacht geiriatrach agus é aitheanta go maith go hidirnáisiúnta mar gheall ar éachtaí suntasacha cliniciúla agus taighde. Rinne siad togra do Lárionad nuálaíoch a rachaidh i ngleic le cuid mhór de na dúshláin is dáiríre a bhaineann le hAosú. Fuair an togra maoiniú mórscála príobháideach de €20 milliún ó Dhaonchairdis Atlantacha.

Caithfidh an Stát a pháirt a ghlacadh anois le cinnte a dhéanamh de nach gcailltear an deis suntasach seo chun na seirbhísí cúram sláinte a neartú sa réimse forthábhachtach seo.

Ar ndóigh, baineann easpa áiseanna atá ann cheana sa phobal do na daoine a bhfuil athshlánú íoschéimnithe agus lóistín fadtéarmach de dhíth orthu, leis na fadhbanna a bhaineann le hAosú. D'fhógair an HSE ar na mallaibh go bhfuil tosaíocht aige sabhail chomhtháite chúraim a chruthú a chuirfeadh níos mó seirbhísí sa phobal agus a éascódh ospidéal ghéarmhíochaine díriú ar ghéarthinneas. Tá ciall, ar ndóigh, leis an smaoineadh seo, ach níor dearnadh mórán leis seo a chur i bhfeidhm. Creidim go bhfuil Naomh Séamas suite go maith le cuidiú chun an fhadhb seo a réiteach.

Léirigh sé cheana féin a chumas na háiseanna pobalbhunaithe a bhainistiú go héifeachtach agus úsáid na n-áiseanna seo a chomhordú ar dhóigh chomhtháite le seirbhísí an ospidéil é féin. Táimid ag súil le dóigheanna chun áiseanna pobail a mhéadú a phlé le HSE chomh maith leis an dóigh ar féidir an beart seo a bhainistiú agus a chomhordú go héifeachtach le hoibriúcháin an Ospidéil.

Is é an tosaíocht phráinneach eile ná leanstan ar aghaidh le cumas taighde agus oideachais an Ospidéil a fhorbairt. Níl aon ospidéal treasach den chéad ghrád sa domhan nach bhfuil leibhéal ard de ghníomhaíocht ardaighde aige. Ní féidir cúram speisialta ag an leibhéal is airde a choinneáil mura bhfaigheann sé tacaíocht ó ardaighde agus oideachas leanúnach. Tá réimse suntasach d'áiseanna taighde agus pearsanra taighde ar an gcampas cheana féin, chomh maith leis an dtairbhe a thagann ó chomhoibriú fairsing le sárshaineolaithe na Tríonóide sa bhitheolaíocht mhóilíneach.

Gheobhaidh toilleadh an Ospidéil sa taighde neartú mór eile le críochnú an Lárionaid Taighde Cliniciúil, tionscnamh faoi cheannas Dermot Kelleher, a fuair maoiniú de €20 milliún ón bhFondúireacht Wellcome agus ón mBord Taighde Sláinte. Ardóidh an áis nua taighde aistritheach chuig leibhéal nua in Éirinn, mar déanann sé scrúdú ar agus aistríonn sé fionnachtana nua go cóireálacha nua sna réimsí mar ailse, galar cardashoithíoch, galair infhabhtaíochta, haemaiteolaíocht agus heipiteolaíocht. Beidh an foirgneamh nua suite in aice le breis mhór eile ar na mallaibh don líonra taighde, an tIonad Náisiúnta d'Ardíomháu, faoi stiúir James Meaney. Ba chóir nach mbeidh aon mhoill le críochnú an fhoirgnimh do Thaighde Cliniciúil. Is féidir leis na cineálacha forbartha seo dóchas nua a thabhairt d'othair atá faoi ghalar casta dáiríre.

Níl aon easpa tallainne agus smaoineamh ag foireann Naomh Séamas, agus tá na deiseanna ann le feabhsúcháin fhorleathan a bhaint amach i gcúram sláinte in Éirinn. Tá súil againn go mbeidh na geallshealbhóirí go léir ag comhoibriú le chéile le cinnte a dhéanamh de nach gcailltear na deiseanna.

Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach



An tUasal Ian Carter
Príomhfheidhmeannach

Bhí príomhfhócas feidhmiúcháin agus oibríochta a sainaitníodh do 2007 láraithe ar bhaint amach na leibhéal pleanailte de sheachadadh seirbhíse, taobh istigh de mhaoinithe ar fáil agus paraiméadair cháilíochta sonraithe, comhcheangailte le cur chun tosaigh an chláir fhorbartha chaipitil. Arís, bhí na torthaí feidhmithe don bhliain an-inmholta.

Gníomhaíocht Chliniciúil

Go ginearálta, sáraíodh spriocanna méideanna othar i ngach grúpa eochairchóireála (agus go deimhin chuaigh thar aschur iomlán don bhliain roimhe sin).

Príomh Ghrúpálacha Cóireál Othair	Beartaithe 2007	Iarbhir 2007	Beartaithe 2007/Iarbhir 2007
Cónaitheach	22006	23923	9%
Cúram Lae	61522	87225	42%
Seachtrach	166751	181443	9%

Daingníodh meadarachtaí feidhmíochta rochtana pleanáilte/ama feithimh freisin.

• **Roinn Éigeandála**

- Bhí 93% d'fhreastail nua triáiseáilte taobh istigh de 20 noiméad meánlíon othar ag feitheamh (08.00) – 6 (sprioc < 10), taobh istigh den mhéadrach sprioc-ama seo - tugadh 87% d'othair isteach san ospidéal taobh istigh de 12 uair an chloig ón am a sainathnódh riachtanas do leaba (sprioc 100%).

• **Othar Cónaitheach**

- Prótacal Measúnaithe Oiriúnachta (AEP) ar iontráil - 92% comhlíonadh (HSE Athbhreithniú Leapacha Ospidéal Géarmhíochaine)
- 58% de gach iontráil ghéarliachta glactha san Aonad Iontrála Géarliachta taobh istigh de 4 uair an chloig ó sainathnódh riachtanas do leaba (sprioc 75%)
- 76% de gach iontráil scaoilte laistigh de 5 lá (Sprioc 70%)

Liosta Feithimh

- 95% othair ag feitheamh < 4 mhí - 31.12.07 (sprioc 100%)

• **Cúram Lae**

Máinliacht Lae – liosta feithimh

- 99% othair ag feitheamh < 4 mhí - 31.12.07 (sprioc 100%)

Ionscópacht – Liosta Feithimh

- 100% othair ag feitheamh < 4 mhí - 31.12.07 (sprioc 100%). Lean an Ospidéal ar aghaidh le cumas do chúram lae riachtanach a fhorbairt, agus mar gheall air sin bhí 73% de chóireálacha othar in 2007 déanta ar bhonn chúram lae. Tá an fheidhmíocht ard seo soiléir go háirithe taobh istigh de na speisialtachtaí de Haemaiteolaíocht/Oinceolaíocht, áit a raibh 92% de chóireálacha déanta ar bhonn chúram lae in 2007.

• **Othar Seachtrach**

- 68% othair ag feitheamh < 3 mhí - 31.12.07 (sprioc 100%)
- 1:2.05 Nua : Cóimheas leantach bainte amach

Príomhdhúshláin

Cé go raibh luacha méid clinice agus feidhmiú rochtain, Seachas rochtain othair seachtracha, sásúil go ginearálta, tá roinnt fachtóirí seachtracha agus inmheánacha áirithe ag cuir dhúshláin mhóra ós comhair an Ospidéil:

• **Tinrimh AÉ**

- méadú 5% ar tinrimh nua
- ardú ar géire/castacht ag teacht le 22% de thinrimh nua triáiseailte mar chatagóir 1/2

• **Othair Cónaitheach**

- ardú ar géire/castacht ag teacht ó AÉ agus treorú treasach go háirithe teacht i láthair ailse/tóracasach/soithíoch/cairdeolaíocht
- ag eirí as an t-easpa suantasach atá ar cur ar fáil leapacha pobail agus coiriú tacaíochta baile de bharr cúinsí airgid laistigh den PCCC, blocáladh timpeall 18% de ghéar-leapacha an ospidéil mar thoradh ar othair, agus iad críochnaithe lena ngéarchúram, ag fanacht san ospidéal go neamhfhoirsteanach
- ardú ar éileamh diagnóiseach go háirithe: C.T, MRI, Ultrafhuaim, Mamagrafaíocht

• **Atreoraithe Othair Seachtracha**

- ardú 6% ar atreoraithe nua
- ardú suantasach ar méid atreoraithe faighte ó lasmuigh den dobharcheantar ainmnithe agus maoinithe

Tionchar – Othar/Ospidéal

Is féidir tionchar na ndúshlán seo a achoimriú mar seo leanas:

- dúshlán mór do ábaltacht Stiúrthóireacht an AÉ/Gníomh Géar Leighis chun bainistíocht a dhéanamh méid/géire- agus bhí próiseáil othair níos lú ná optamach mar thoradh ar seo
- bhí an ardú ar géire/castacht go minic níos mó ná acmhainn cúraim a bhí ann agus bhí moill ar rochtain mar thoradh ar seo go háirithe d'othair a theastaigh máinliacht ailse agus cóiríocht géarchúraim iar-obráide uathu
- tá líon na natreoraithe OPD go háirithe do Deirmeolaíocht Néareolaíocht, Inchríneolaíocht agus Úireolaíocht níos mó ná cumas/acmhainn seirbhíse OPD an ospidéil, agus bhí amanna rochtain/fanta níos lú ná optamach mar thoradh air seo

- riachtanas don ospidéal atreuirthe othar seachtracha ó thaobh amuigh de cheantar ainmnithe agus maoinithe a dhiúltú
- rochtain laghdaithe go mór go háirithe d'aistriú treasach agus cohóirt othair roghnach
- cóiríocht fhadtéarmach d'othair i mbaol, go háirithe seandaoine, taobh istigh de thimpeallacht bharr cuí in ospidéal géarmhíochaine
- áiteanna níos lú ná barrmhaith go diagnóisic go háirithe CT/MRI/Ultrafhuaim/Mamagrafaíocht
- le linn 2007 fuair an t-ospidéal maoiniú ón NTPF le dul i ngleic leis na hamanna rochtana neamhshásúla feithimh do Réamaiteolaíocht (seirbhísí othar seachtrach)
- 31.12.06 - meánam feithimh d'atreuirthe roghnach – 52 seachtain
- 31.12.07 - 89% d'atreuirthe ag feitheamh < 60 lá
- forbairt de leapacha breise pobail ar Champas Ghort na Silíní, an-tábhachtacht, agus an laghdú leanúnach/luach leapacha ar áiseanna áitiúla pobail eile

Riachtanais Eochairathruithe

Tá riachtanas soiléir agus láithreach ann fós chun:

- cumas feidhmithe ED/Géarliacht a mhéadú – go háirithe ag grád an chomhairligh
- toilleadh do chúram criticiúil a mhéadú
- toilleadh d'othair sheachtracha a mhéadú
- cláir bhainistíochta do ghalair ainsealacha ospidéil atá ann cheana a leathnú agus a phríomhshruthú
- cinnte a dhéanamh de go mbíonn toilleadh socrúcháin do chúram an phobail bunaithe ar mheasúnacht réamghníomhach riachtanais, in áit na freagartha reatha atá moillithe agus an-teoranta

Dul Chun Cinn

Tá áthas orainn gurbh fhéidir tús a chur leis na tionscnaimh sheirbhíse seo a leanas

- le linn 2007 chomhlíonadh Naomh Séamas spriocanna leagtha taobh istigh de Thionscnamh 100+ - Luaíocht d'Ospidéal a bhfuil Ranna Éigeandála Ardfheimithe acu agus fuair deimhniú ó HSE i Meán Fómhair 2007 go bhfaighfeadh an t-ospidéal maoiniú riachtanach le 6 chomhairleach breise a fhostú, go háirithe chun toilleadh/cumas próiseála othar a fheabhsú
- fuair an t-ospidéal an leithdháileadh riachtanach caipitil le tús a chur le tógáil den toilleadh breise géarchúraim críochnófar an tionscadal seo taobh istigh de thréimhse 12 - 14 mí
- Tá sé fíorthábhachtach go fóill go ndeimhnítear na sruthanna riachtanacha bainteacha ioncaim go díreach don dá thionscnaimh mhóra seo

Airgeadas

Bhí toradh airgeadais an-sasúil ag an Ospidéal, agus barrachas bliain tar éis bliana de €3.160m ar leithdháileadh HSE de €364.940m. Baineadh an suíomh deireadh bliana seo amach trí cheannaireacht áitiúil éifeachtach ag na Stiúrthóirí Cliniciúla, éascaithe ag rialúcháin lárnacha cuí phan-ospidéal, glacadh agus dul chun cinn de chlár éifeachtach srianta costais. Tugann an tOspidéal aitheantas freisin don chaidreamh tábhachtach oibre a forbraíodh le Stiúrthóireacht lárnach Airgeadais HSE.

Cáilíocht

In 2006 bhronn Bord Creidiúnaithe Sheirbhísí Sláinte na hÉireann Leibhéal Creidiúnaithe III ar an Ospidéal agus in 2007, mar chuid den Tuarascáil Leanúnach Measúnaithe 18 Mí, dheimhnigh IHSAB stádas Creidiúnaithe arís agus leibhéal ginearálta d'ard-sásamh leis an Ospidéal maidir le clár iomlán feabhsúcháin an ospidéil agus daingne na monatóireachta agus na gcóras measúnaithe atá ann.

Le linn na bliana rinne Foireann Athbhreithnithe Comhpháirtithe Iniúchta Sláinteachais iniúchadh ar an Ospidéal agus baineadh rangú duaise 'Maith' amach.

Bhain an tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU) Duais Chúram Sláinte na hÉireann 'An Tionscadal Ospidéil Is Fearr' mar aitheantas ar sheirbhís chuimsitheach COPD an Aonaid.

• Bainistíocht Riosca

Daingníodh leathnú/feabhsúcháin suntasach ar an gclár tábhachtach seo faoi cheannas an

Leas-Phríomhfheidhmeannaigh maidir le:

- faireachas cógas
- sterivigilance
- smacht infhabhtaíochta
- oiliúint riachtanach a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht
- bainistíocht/iniúchadh imeachta fairtheora

• **Clár Tacaíochta Othar – Comhairliúcháin Phobail**

Lean an t-ospidéal ar aghaidh lena Chlár Comhairliúcháin Phobail, deartha le rochtain díreach ar eolas a thabhairt don ‘phobal’, agus iad ag glacadh páirte sa díospóireacht áitiúil ‘sheirbhíse sláinte’ agus pleananna forbartha an ospidéil

• **Clár Tascaire Feidhmíochta**

Tá an clár seo ag lorg 136 eochairmhéadrach feidhmíochta faoi láthair agus é comhtháite go cuí taobh istigh de chóras monatóireacta/rialúcháin an ospidéil. Tá neart an chláir seo aitheanta go háitiúil agus go hidirnáisiúnta

• **Clár Iniúchta Cliniciúil**

D’fhorbair an tOspidéal Clár Iniúchta Cliniciúil pan-ospidéil cuí agus eisiúint iomlán in 2008

Forbairt Chaipitil

Bhí dul chun cinn/tús le roinnt forbairtí tábhachtacha caipitil san ospidéal le linn 2007, ina measc:

- críochnú an Phlean Rialú Forbartha Imlíne, a leagann amach teimpléad d’fhorbairt an ospidéil go ceann deich mbliana
- tús le hÁis Taighde MRI 3 T
- tús le hÁis Scanta PET
- ceapachán d’Fhoireann Deartha do:
- áis Taighde/Othar Cónaitheach Haemafíla/ Heipeateolaíocht Wellcome
- Áiseanna Othar Cónaitheach Eitinne Réigiúnach Supra/ Saotharlann Tagartha
- tús le Saotharlann Scileanna
- coimre deartha forbartha do sholáthar fhoireann deartha don Lárionad Náisiúnta Barr Feabhaishe d’aosú rathúil
- forbairt agus soláthar d’Ospidéal Príobháideach Comh-Shuite
- forbairt d’Áis Oinceolaíochta Radaíochta

Tá sé ríthábhachtach do straitéisí seachadta áitiúil agus naisiúnta go leanfar ar aghaidh leis na tionscadail chaipitil seo in 2008 sa dóigh thráthúil a bhí le feiceáil i mbliana.

Taighde agus Oideachas – Eochairéachta

Tús le forbairt na hÁise Taighde Cliniciúil ar an gcampas.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar bhunú Lárionad Liachta Acadúil na Tríonóide, agus go háirithe forbairt an Mheabhráin Chreatlaí comhaontaithe le dul chun cinn i mí na Nollag.

D’fhoilsigh foireann an ospidéil 247 foilseachán athbhreithnithe comhpháirtí le linn na bliana.

Go ginearálta, chomhlíon Naomh Séamas go rathúil agus go hiomlán ar gach comhaontú leis an HSE i dtéarmaí leibhéal seirbhíse, forbartha agus airgeadais do 2007.

Níor baineadh na héachtaí seo amach ach amháin trí fhreagairtí leanúnacha suntasacha agus tiomantas na foirne san Ospidéal. Tá mé buíoch díobh dá nuálaíocht, tiomantas agus tacaíocht le stádas Naomh Séamas a chinntiú agus a chur chun cinn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tá mé ag súil lena dtacaíocht leanúnach sna dúshláin atá romhainn in 2008.

Ian Carter

Príomhfheidhmeannach

Buaicphointí Feidhmíochta

Leibhéal Ghníomhaíochta Réamh-Mheasta do 2007 Ospidéal Naomh Séamas

Tréimhse Eanáir-Nollaig 2007	Gníomhaíocht 2007			Gníomhaíocht Réamh-mheasta 2007		
	Líon Othar Cónaitheach Scaoilte Amach	Cásanna Lae	Líon Othar Cónaitheach Scaoilte Amach	Cásanna Lae	% Athraitheas OC	% Athraitheas CL
Cairdeolaíocht	2796	3421	1971	2425	42%	41%
Deirmeolaíocht	39	4937	34	3257	15%	52%
Aonad Éigeandála	357		900		-60%	
Inchríneolaíocht DDC		12996		6913		88%
CSS	479	270	690	280	-31%	-4%
Máinliacht Ghinearálta	2469	5795	2220	4998	11%	16%
GUIDE	507	3776	276	1650	84%	129%
Gínéiceolaíocht	605	393	681	238	-11%	65%
Haemateolaíocht	871	10352	676	6971	29%	49%
Mascaille agus Béil	969	107	885	121	9%	-12%
Leigheas	6669	16890	5798	12282	15%	38%
Leigheas d'Aosaigh	932	7566	1023	6500	-9%	16%
Oinceolaíocht	1278	12109	729	10383	75%	17%
Ortaipéidigh	1208	212	1320	211	-8%	0%
Máinliacht Phlaisteach	1552	3003	1899	2854	-18%	5%
Síciatracht	504		470		7%	
Réamaiteolaíocht	673	5408	492	1500	37%	261%
Máinliacht Chairdiach	462		512		-10%	
Máinliacht Tórcsach	477		348		-3%	
Úireolaíocht	556	1297	501	879	11%	48%
Máinliacht Soithíoch	515	83	581	60	-11%	38%
Iomlán	23918	88615	22006	61522	9%	44%

	Gníomhaíochtaí Othar Seachtrach				Athraitheas	
	Fíor		Réamh-mheasta		%	%
	Nua	Filleadh	Nua	Filleadh	Nua	Filleadh
Tinrimh	49732	138252	50356	116395	-1%	19%

Nóta 1: San áireamh in othair cónaitheach leighis tá othair Ríspráide/Inchríneach/Gaistreintreolaíocht/Heipiteolaíocht /Néareolaíocht/Neifreolaíocht/Imdhíoneolaíocht/Ginearálta.

Nóta 3: San áireamh i gcásanna lae leighis tá teiripe Ríspráide/Gaistreintreolaíocht/Heipiteolaíocht/Néareolaíocht/Neifreolaíocht/Imdhíoneolaíocht/inchríneolaíocht/Néarfiseolaíocht Leighis/Pian.

Liosta Feithimh Othar Cónaitheach ar an 31 Nollaig 2007

ACHOIMRE	30	60	90	120	150	182	210	240	365	>365	IOMLÁN
Liosta feithimh ar an 31/12/2006	163	234	186	160	22	16	10	2	7	0	800
Liosta feithimh ar an 31/12/2007	245	179	177	229	9	31	0	0	0	0	870
Athraitheas	50%	-24%	-5%	43%	-59%	94%	-100%	-100%	-100%	0%	9%

SPEISIALTACHT	Stádas Reatha ar an 31/12/2007										
	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	IOMLÁN
C.S.S.	22	21	14	8	0	0	0	0	0	0	65
GAISTREINTREOLAÍOCHT	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	1
GÍNÉICEOLAÍOCHT	23	23	16	9	0	0	0	0	0	0	71
MASCAILLE AGUS BÉIL	37	11	25	34	0	0	0	0	0	0	107
ORTAIPÉIDIC	11	6	10	10	0	0	0	0	0	0	37
PLAISTIGH	32	30	15	35	1	0	0	0	0	0	113
MÁINLIACHT	31	21	30	37	0	0	0	0	0	0	119
MÁINLIACHT TÓRACSACH	13	31	24	22	8	31	0	0	0	0	129
ÚIREOLAÍOCHT	33	14	10	13	0	0	0	0	0	0	70
SOITHÍOCH	43	22	32	61	0	0	0	0	0	0	158
Iomlán	245	179	177	229	9	31	0	0	0	0	870

Liosta Feithimh an Aonaid Máinliacht Lae ar an 31st Nollaig 2007

ACHOIMRE	30	60	90	120	150	182	210	240	365	>365	IOMLÁN
Liosta Feithimh an AML ar an 31/12/2006	403	299	168	134	4	3	2	0	7	0	1020
Liosta Feithimh an AML ar an 31/12/2007	397	436	216	175	9	0	0	0	0	0	1233
Athraitheas	-1%	46%	29%	31%	>100%	-100%	-100%	0%	-100%	0%	21%

SPEISIALTACHT	Stádas Reatha ar an 31/12/2007										
	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	IOMLÁN
DEIRMEOLAÍOCHT	42	55	22	8	0	0	0	0	0	0	127
C.S.S	12	2	0	0	0	0	0	0	0	0	14
GÍNÉICEOLAÍOCHT	18	4	0	0	0	0	0	0	0	0	22
MASCAILLE AGUS BÉIL	56	47	50	75	5	0	0	0	0	0	233
ORTAIPÉIDIC	18	0	2	0	0	0	0	0	0	0	20
BAINISTÍOCHT PÉINE	58	91	40	36	0	0	0	0	0	0	225
PLAISTIGH	119	136	76	41	1	0	0	0	0	0	373
MÁINLIACHT	62	53	9	3	0	0	0	0	0	0	127
ÚIREOLAÍOCHT	12	48	17	12	3	0	0	0	0	0	92
Iomlán	397	436	216	175	9	0	0	0	0	0	1233

An tAonad Ionscópachta Liosta Feithimh ag 31 Nollaig 2007

ACHOIMRE	30	60	90	120	150	182	210	240	365	>365	IOMLÁN
Liosta Feithimh ar an 31/12/2006	296	245	1	0	0	0	0	0	0	0	542
Liosta Feithimh ar an 31/12/2007	123	330	122	0	0	0	0	0	0	0	575
Athraitheas	-58%	35%	>100%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	6%

SPEISIALTACHT	Stádas Reatha ar an 31/12/2007										
	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	IOMLÁN
GAISTREINTREOLAÍOCHT	68	294	103	0	0	0	0	0	0	0	465
MÁINLIACHT	33	30	19	0	0	0	0	0	0	0	82
ÚIREOLAÍOCHT	22	6	0	0	0	0	0	0	0	0	28
Iomlán	123	330	122	0	0	0	0	0	0	0	575

Liosta Feithimh othair seachtracha ar an 31 Nollaig 2007

ACHOIMRE	30	60	90	180	365	> 365	iomlán	240	365	>365	IOMLÁN
Liosta Feithimh OS ar an 31/12/2006	1945	1899	1184	1273	839	0	7140	0	0	0	542
Liosta Feithimh OS ar an 31/12/2007	2140	1930	1044	1476	944	14	7548	0	0	0	575
Athraitheas	10%	2%	-12%	16%	13%	0%	6%	0%	0%	0%	6%

SPEISIALTACHT	30	60	90	180	365	> 365	IOMLÁN
CAIRDEOLAÍOCHT	81	93	5	4	0	0	183
DEIRMEOLAÍOCHT	254	257	185	349	208	0	1253
DIAIBÉITEACH/ INCHRÍNEOLAÍOCHT	71	89	60	152	148	9	529
C.S.S	65	126	67	104	156	0	518
GAISTREINTREOLAÍOCHT	116	105	92	40	0	0	353
GEIRIATRACH	67	27	3	1	0	0	98
TREOIR	32	1	1	0	0	0	34
GÍNÍCEOLAÍOCHT	44	68	11	0	0	0	123
HAEMAITEOLAÍOCHT	26	19	13	2	0	0	60
HEIPITEOLAÍOCHT	88	54	40	11	0	0	193
IMDHÍONEOLAÍOCHT	31	28	40	59	48	0	206
MASCAILLE AGUS BÉIL	79	47	16	8	2	0	152
LEIGHEAS	26	3	7	4	4	0	44
NEIFREOLAÍOCHT	7	1	7	0	1	0	16
NÉAREOLAÍOCHT	69	96	61	99	30	0	355
OINCEOLAÍOCHT	8	2	1	2	3	0	16
OFTAILMEOLAÍOCHT	74	38	4	3	2	0	121
ORTAIPÉIDIC	108	103	114	208	110	0	643
OISTÉAPÓRÓIS & COSAINT CNÁMHA	29	198	22	38	0	0	287
BAINISTÍOCHT CNÁMHA	51	46	20	0	0	0	117
CÚRAM MAOLAITHEACH	5	0	0	0	0	0	5
PLAISTIGH	171	132	103	207	143	0	756
SÍCIATRACHT	7	7	4	6	0	0	24
LEIGHEAS SÍCEOLAÍOCH	5	0	0	0	0	0	5
RADAITEIRIPE	15	1	0	0	0	0	16
RIOSPRÁIDE	65	51	31	15	0	0	162
RÉAMAITEOLAÍOCHT	51	44	8	1	3	0	107
MÁINLIACHT	201	82	35	29	1	0	348
MÁINLIACHT TÓRACSACH	32	5	0	0	0	0	37
ÚIREOLAÍOCHT	87	90	53	130	85	5	450
SOITHÍOCH	149	117	41	4	0	0	311
CLINIC WARAFIN	26	0	0	0	0	0	26
Iomlán	2140	1930	1044	1476	944	14	7548

Nóta: Léiríonn an tuairisc seo an tréimhse ama a bhíonn othair ag fanacht ón dáta áirithe go dtí an dáta tuairisce, is é sin an 31 Nollaig 2007.



Tuarascálacha an
Rannáin Chorparáidigh

Ráitis Airgeadais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse ó 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2007

	2007 €'000	2006 €'000
Easnamh Tosaigh/(Barrachas)	-1,724	-1,596
Caiteachas Pá	252,165	236,568
Caiteachas Neamh-Phá	157,417	144,529
Ollchaiteachas, easnamh san áireamh	407,858	379,501
Ioncam	-47,802	-42,638
Glan-Chaiteachas don bhliain	360,056	336,863
Cinneadh don bhliain	364,940	338,587
Easnamh Deiridh/(Barrachas)	-4,884	-1,724

Clár Comhordaithe amhail 31 Nollaig 2007

	2007 €'000	2006 €'000
Sócmhainní Dochta		
Talamh agus Foirgnimh	179,696	178,403
Trealamh agus Feithiclí	39,979	38,884
	219,675	217,287
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe	59,899	67,036
Stoic	9,493	8,314
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	13,241	226
	82,633	75,576
Creidiúnaithe - níos lú ná bliain amháin		
Creidiúnaithe	-77,749	-61,003
Rótharraingt Bhainc	0	-12,849
	-77,749	-73,852
Glan-Sócmhainní Reatha		
Iomlán na Sócmhainní	224,559	219,011
Creidiúnaithe - níos mó ná bliain amháin		
Iasachtaí Bainc	-1,793	-3,336
Iomlán na nGlan-Sócmhainní	222,766	215,675
Caipiteal agus Cúlchistí		
Barrachas/(Easnamh) an Chuntais Ioncaim & Caiteachais	4,884	1,724
Neamh-Chaipitil	-1,793	-3,336
Easnamh an Chuntais Ioncaim Chaipitil agus Caiteachais Cuntas Caipitlithe	219,675	217,287
	222,766	215,675



An tUasal Brian Fitzgerald
Stiúrthóir Airgeadais

Laura Richardson Uasal
Rialtóir Airgeadais

Léirigh na Ráitis Airgeadais don tréimhse thuarascála 1 Eanáir 2007 go dtí 31 Nollaig 2007 (faoi réir iniúchta) barrachas de €3.160m. Ba €409.582m a bhí in ollchaiteachas an Ospidéil, agus €412.742m de mhaoiniú ioncaim agus stáchtiste. Chomh maith le barrachas 2007 bhí barrachas tosaigh de €1.724m ag an Ospidéal tugtha ar aghaidh ó 2006. Mar sin de, ba €4.884m an barrachas carnach tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2007.

Forléargas ar Chaiteachas agus Ioncam

Bhí méadú de €23.321m (6.9%) ar ghlanchaiteachas i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus den méid sin bhí méadú de €15.597m (6.6%) ar chaiteachas pá, méadú de €12.888m (8.9%) agus tháinig ardú €5.164m (12.1%) ar theacht isteach.

Bhain na príomhghnéithe arduithe/laghduithe sa chaiteachas agus san ioncam don bhliain leis na nithe seo a leanas:

Tuairisc ar Chaiteachas	€'000
Baineann le Párolla	
Dámhachtainí Náisiúnta Pá:	
Dul chun cinn a choinneáil	2.338m
I dTreo 2016	8.792m
Incrimintí Pá	1.839m
Forbairt seirbhíse na bliana reatha agus na bliana roimhe	1.873m
Breisthe ragoibre/gníomhaireachta/ agus párolla eile	0.522m
Pinsin ardaithé agus cnapshuimeanna	0.033m
Tionscadal scileanna	0.200m
Fo-iomlán Párolla	15.597m
Nach mbaineann le pá	
Drugáí agus cógais leighis	1.677m
Fuil/táirgí fola	1.856m
Earraí liachta agus máinliachta inchaite	2.325m
Earraí inchaite saotharlainne srl.	0.701m
Trealamh liachta agus cothabháil trealaimh	2.033m
Glanadh	0.531m
X-gha agus paiteolaíocht	0.306m
Seirbhísí profisiúnta agus dlí	1.239m
Cothabháil agus mion-infreastruchtúr/eile	2.220m
Fo-iomlán nach mbaineann le pá	12.888m
Baineann le hIoncam	
Ioncam ó chóiríocht othar, tobhaigh rialtais san áireamh	4.182m
Aoisliúntas – rannócaíochtaí pinsin fostaithe ardaithé	0.971m
Paiteolaíocht/cógais leighis/aonaid mhiondíola/páirceáil/eile	0.011m
Fo-iomlán a bhaineann le hioncam	5.164m

Tráchtairacht

Chuaigh an t-ospidéal thar spriocanna seachadta seirbhíse don bhliain, agus choinnigh bainistíocht straitéis stuama rialú costais a bhí deartha le luach maith ar airgead a sheachadadh chomh maith le barrachas airgeadais in éadan cúlra de choinníollacha doirbhe maicreacnamaíochta. Bhí rath leis an straitéis seo agus tugann an t-ospidéal barrachas airgeadais de €4.884m ar aghaidh, a éascaíonn na himpleachtaí ón timpeallacht srianta airgeadais poiblí in 2008.

Bhí an chreatlach chomhairliúcháin agus mhonatóireachta do mhaoiniú/seachadadh seirbhíse ag Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte sa tríú bliain dá hoibríocht agus bhog go haird ar mhaoiniú ospidéil laghdaithe chun infheistíocht i seirbhísí cúram an phobail a sholáthar.

Tá na Stiúrthóirí Cliniciúla, na Bainisteoirí Corparáide agus na foirne Bainistíochta éagsúla le moladh ar a bhfeidhmíocht bainistíochta airgeadais.

Samhail Mhaoinithe an Mheascáin Cásanna

Rinneadh mionasbhaint mhaoinithe de €281,000 ón ospidéal mar gheall ar shamhail mhaoinithe an mheascáin cásanna do ghníomhaíocht agus caiteachas bainteach don bhliain 2006.

Caiteachas Caipitil/Infreastruchtúr

Ba €8.369m a bhí sa chaiteachas ar mhórtionscadail chaipitil in 2007 i gcomparáid le €12.832m in 2006. Ina theannta sin, d'infheistigh an t-ospidéal €11.275m ó fhoinsí maoinithe ioncaim agus mionchaipitil ar fheabhsúcháin d'infreastruchtúr agus ar athchur trealaimh.

Bainistiú Ábhar



Bainisteoir Ábhar

Miriam Kenny Uasal

Bainisteoir Oibríochta Ábhar

An tUasal Vincent Callan

Réamhrá

Tá cúram corparáideach ag an Roinn um Bainistiú Ábhar do sholáthar earraí agus seirbhísí don ospidéal agus leanann ar aghaidh le bainistíocht fardail a aimsiú, a cheannach agus a sholáthar do phunann de 20,000 táirge atá soláthraithe do bhreis is 150 roinn.

Eochairfhorbairtí

- Lean an Roinn ar aghaidh lena hobair dhlúth le foireann Bainistíochta Airgeadais/Ábhar SAP (FI/MM) in 2007 agus críochnaíodh roinnt tionscadal cumasaithe do TE
- Ba €11.63 a bhí sa luach fáltais stoic do 2007 ina raibh 2,000 líne tháirgí ó 139 díoltóir
- Bhí feabhas ar láimhdeachas stoic ó 13 go dtí 14.8 uair bliain tar éis bliana
- Cuireadh tús le fócas láidir ar fhorbairt de chonarthaí Saotharlainne
- Forbraíodh foirm iarratais chóid Stór Focal Soláthair Náisiúnta (NSV) gréasánbhunaithe le háit an leagain reatha láimhe a ghlacadh

Forbhreathnú na Roinne Bainistíochta Ábhar	2006	2007	% Méadú
Luach iomlán ábhair agus seirbhísí faighte ag an Roinn BA	€57.50	€61.70	7.3%
Ábhair/Seirbhísí faoi chonradh foirmeálta	€41.16	€43.22	5.1%

Feidhmiú Bainistíochta Oibríochtaí

Díríonn feidhm Bhainistithe Oibríochtaí na Roinne ar dheardh agus ar chur i bhfeidhm gach próisis a bhaineann le sreabhadh earraí agus seirbhísí ó ghníomhaireachtaí seachtracha tríd an eagraíocht go dtí go mbíonn siad caite sa deireadh thiar.

Ba €11.63,955 a bhí sa luach fáltais stoic do 2007 ina raibh 2,000 líne tháirgí ó 139 díoltóir. Cé go raibh an luach do 2007 8% níos airde ná an bhliain roimhe sin, bhain an roinn meánchostais sealúchais stoic amach de réir 2006 trí straitéis chobhsaíochta phraghsanna agus bearta rialaithe fardail feabhsaithe. Baineadh tuilleadh feabhsúchán amach in éifeachtach fardail trí láimhdeachas feabhsaithe stoic ó 13 go dtí 14.8 uair bliain tar éis bliana.

Ba €1,748,760 a bhí sa luach Fardail Choinsíneachta ina raibh uath-tháirgí uama agus séadairí. Baineadh tairbhí as comhaontuithe fardail do tháirgí criticiúla ardluacha trí léargas tomhaltais méadaithe, críonadh nialasaigh agus rialú cruinn fardail a thabhairt.

Stocáireamh Dheireadh Bliana 2007

Rinne an Roinn um Bainistiú Ábhar stocáireamh dheireadh bliana ar 28 agus 29 Nollaig. Bhí sé seo comhdhéanta de sainaitint, comhaireamh agus taifeadadh de bhreis is 20,000 táirge i gcúig réimse Bainistithe Fardail agus 73 réimse cliniciúla.

Torthaí stocáirimh dheireadh bliana 2007	Luach
Luach Bainistithe Fardail	€1.09
Luach Bainistithe Neamh-Fhardail	€2.39

Feidhm Conarthaí

In 2007 ba €61.70 a bhí sa luach fáltais d'earraí, seirbhísí agus caipiteal ar an gcóras SAP agus €43.20 milliún den chaiteachas neamh-phá seo ar chonradh faoi láthair.

Sa cheathrú deiridh de 2007 measadh go raibh €1.19 milliún de chaiteachas neamh-phá oiriúnach le cur ar chonradh agus cuireadh tús le próiseas tairisceana. Bhí fócas an-láidir freisin ar fhorbairt na gconarthaí Saotharlainne agus leanfar ar aghaidh leis an bhfócas seo in 2008.

Lean an roinn freisin de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Grúpa Seirbhísí Soláthair an Ospidéal (HPSG) ar roinnt conarthaí.

Achoimre Conarthaí 2008	Líon na gConarthaí	Luach
Ospidéal Naomh Séamas	138 ¹	€30.68
Conarthaí Grúpa Seirbhísí Soláthair Ospidéal	33	€12.54
Líon iomlán na gconarthaí	171	€43.22

¹ Ghlac gníomh na gconarthaí páirt i gcomhaontaithe conarthach freisin d'fháil gás agus leictreachas go luach €2,526,000 nach bhfuil ag dul tríd córas an SAP.

Soláthar Cliniciúil

Chinntigh páirtíocht leanúnach ag úsáideoirí deiridh agus cur chuige ildisciplíneach don phróiseas tairisceana gur tugadh faoi ceisteanna cliniciúla agus airgeadais ón gcéim dheartha thairisceana go dtí bronnadh conartha agus monatóireacht leanúnach chonarthaí.

Lean an Bainisteoir Soláthair Cliniciúil ar aghaidh de bheith ina chathaoirleach ar Thascfórsa Coisc Biorfhollta in 2007 a lean ar aghaidh le iniúchadh a dhéanamh ar chleachtas, oideachas, tabhairt isteach táirgí agus laghdú ar bhiorfhollaidh.

Feidhm Ceannaigh

Lean an feidhm ceannaigh lena phunann táirgí a leathnú, le fócas láidir do luach ar airgead. Mar gheall ar thuilleadh forbartha ar thionscnaimh TE leis an bhfoireann SAP FI/MM bhí forbairt ar uathchor poist d'orduithe ceannaigh i bhfoirm chaipéise shoghluaiste do dhíoltóirí. Is modh tarchuir níos daingne agus níos éifeachtaí é seo atá ina thionscnamh an rathúil.

Tionscnaimh Cumasaithe ag TE Bainistiú SAP/Ábhar 2007

Lean an Roinn um Bainistiú Ábhar ar aghaidh le comhoibriú le foireann SAP FI/MM an ospidéal ar roinnt tionscnamh i.e. uathchor poist d'orduithe ceannaigh agus foirm iarratais chóid ghréasánbhunaithe NSV.

Bainistiú Cáipeisí

Déanann an roinn próiseáil ar bhreis is 44,000 nótaí comhairle díoltóirí gach bliain. Is é an próiseas de réiteach bainistithe cáipéise a chuirfidh cóip leictreonach den pháipéarachas le gach beart SAP ar fáil don chomhpháirtí roinne.

Acmhainní Daonna



An tUasal Ken Hardy
Stiúrthóir Acmhainní Daonna

An tUasal Gerry Heffernan
Leas-Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Eochairfhorbairtí

Le linn 2007 lean an roinn um Acmhainní Daonna ar aghaidh lena clár athchóirithe. Cuireadh béim ar bhunú Aonaid Phleanála agus Eolais an Lucht Oibre. Soláthraíonn agus forbraíonn an t-aonad seo eolas ar an lucht oibre don eagraíocht agus forbraíonn sé saineolas pleanála an lucht oibre, le freastal d'éileamh na n-impleachtaí soláthar foirne sa todhchaí a bhaineann le pleananna/athrú seirbhíse.

An tIonad d'Fhoghlaim agus Forbairt

Tháinig an tIonad d'Fhoghlaim agus Forbairt (CLD) chun cinn trí athchóiriú agus cumascadh den Ionad Oideachais Altraí agus an tIonad d'Fhoghlaim agus Forbairt chuig ionad foghlama agus forbartha comhtháite agus ildisciplíneacha taobh istigh de struchtúr roinne an AD. Choinnigh poist oideachais sa struchtúr nua caidrimh thuarascála profisiúnta chuig Stiúrthóir an Altranais. Tá sé mar bhunaidhm an ionaid oideachais agus oiliúint den scoth a sholáthar, atá ar fáil go héasca agus é freagrúil do riachtanais gach ball na foirne ildisciplíneach. Forbraíodh Réamheolaire bliantúil d'Fhoghlaim agus Forbairt atá bunaithe ar anailís riachtanais Oideachais agus Fhorbartha den fhoireann ildisciplíneach go léir, agus é mar phríomh-mhodh chun an fhoghlaim a chur in ord tosaíochta thar gach tréimhse 12 mhí ina dhiaidh.

Sholáthair an tlonad réimse leathan de chlár in 2007, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Ionduchtú Corparáideach
- Oiliúint Riachtanach
 - Láimhsiú Láimhe
 - Idirghabháil Ghéarchéime Neamh-Fhoréigneach
 - Tacaí Beatha Bunúsach (BLS)
 - Ard-Tacaí Beatha Cairdiach (ACLS)
- Clár Fhorbartha Fhoirne/Bhainistíochta
 - Díl Fostaíochta/Gearán/Modhanna Smachta
 - Feidhmíocht na Foirne Bainistíochta
 - Oiliúint Imscrúdaitheora
 - Leagan Síos Cuspóirí agus Oiliúint Athbhreithnithe
 - Cumas Cultúrtha
 - Cúram Custaiméirí
 - Tuiscint Chomhionannais, Mhíchumais agus Éagsúlachta
- Oiliúint TE
- Scileanna Cumarsáide d'Altraí Idirnáisiúnta
- FETAC (Leibhéal 3-6)
- Diplómaí larchéime in Altranais Speisialta agus gearrchúrsaí altranais (Cúram Maolaitheach agus Ionscópacht)
- Pleanáil do Scor
- Clár Thuisceana Struis/Bainistíochta

SKILL (Eolas a Dhaingniú trí Ionfhoghlaim don Saol)

Cuireadh tús le Tionscadal Maise Criticiúil HSE SKILL FETAC in Ospidéal Naomh Séamas in Eanáir 2007, faoi cheannas Bainisteora Tionscadail in CLD agus le tacaíocht ón nGrúpa Stiúrtha Tionscadail SKILL. Is í príomhaidhm an tionscadail ná gach Oibrí Tacaíochta a fhorbairt trí chinnte a dhéanamh de go bhfuil siad soláthraithe le gach deis rochtana do thuilleadh foghlama lena ról a fheabhsú agus sa deireadh leis na scileanna riachtanacha a fhorbairt chun páirt a ghlacadh chomh héifeachtach agus is féidir i gcuspóirí na heagraíochta agus i gcúram othar.

In 2007 chuir an fhoireann tionscadail an clár chun cinn go gníomhach ar fud an ospidéil trí léirithe agus seisiúin comhairliúcháin neamhfhoirmiúla agus thosaigh 95 ball foirne Cúrsa FETAC i Meán Fómhair 2007 mar thoradh orthu.

Earcú agus Roghnú Gníomhaíocht Earcaithe

Bhí leibhéal gníomhaíochta earcaithe cosúil le leibhéal 2006 agus 500 comórtas go neasach á bpróiseáil le linn na bliana. Lean an Coiste Ceadaithe Folúntas ar aghaidh le dianchritéir a chur i bhfeidhm maidir le folúntais a líonadh, riachtanas leibhéal soláthar foirne a mheas san áireamh, le leanúnachas seirbhísí ar fud an ospidéil a chinntiú agus poist do ghníomhaíocht earcaithe á gceadú.

Eochairfhorbairtí

Mar chuid den Tionscadal Equal at Work, maoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpach agus i gcomhpháirtíocht le comhairligh sheachtracha agus síceolaithe eagraíochta, shocraigh an t-ospidéal ar mhodh oibre bunaithe ar chumas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'earcú agus/nó ardú céime foirne taobh istigh de cheithre réimse poist (altranais, cléireachais/riarachán, SCOPe agus lónadóireacht). Forbraíodh creatlach láraithe ar Ospidéal Naomh Séamas i gcomhar le ball foirne ó na réimsí poist go léir agus atá á cur i bhfeidhm faoi láthair.

Caidrimh Fhostaithe

Bhí timpeallacht an chaidrimh fhostaithe maith san ospidéal le linn 2007. Le linn an ama seo bhí tréimhse náisiúnta 'obair de réir rialach' don fhoireann altranais go léir. Chuir na ceardlanna altranais tús leis seo mar chuid d'achrann náisiúnta maidir le pá agus uaireanta oibre. Ag teacht as sin, agus de réir mar atá de dhíth ar an gcomhaontú náisiúnta, tá meicníochta do chur i bhfeidhm na seachtaine 37.5 uair an chloig don fhoireann altranais i ngach ceantar á bhforbairt le bheith réidh don sprioc feidhmithe náisiúnta de Mheitheamh 2008. Cuireadh tuarascáil chuig Grúpa Fíorúcháin Feidhmíochta le linn 2007 a leagann gníomhaíochtaí amach sna réimsí athruithe agus nuachóirithe, de réir mar atá riachtanach faoin gcomhaontú Dul Chun Cinn a Choinneáil, agus láncheadú dámhachtainí phá mar thoradh. Leanadh ar aghaidh le Bainistíocht Bunaithe ar Fheidhmíocht.

Tionscadal Comhtháthaithe AD

Sa 2007, ceapadh an Bainisteoir Tionscadail Comhtháthaithe AD agus cúram aige/aici do bhunú aonaid Eolais agus Phleanála an lucht oibre agus aonaid Bhainistithe Phá agus Eagraíochta.

Céim 1 - críochnaíodh bunú Aonaid Eolais agus Phleanála an Lucht Oibre - go rathúil. Tá an t-aonad seo comhdhéanta d'iar-aonaid PPARS, Riaracháin Tuarastail agus Bainistíocht Eagraíochta na roinne AD. Tá sé mar chuspóir ag an aonad seo tuarascálacha cruinne a sholáthar mar chuidiú do na bainisteoirí chun cinntí eolacha a dhéanamh. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh an t-aonad eolas ar fáil a chuideoidh bainisteoirí pleanáil do fhorbairtí sa todhcháil ag déanamh cinnte de go bhfuil ailíniú straitéiseach ann idir pleananna AD agus cuspóirí corparáide.

Tabharfaidh an dara céim - bunú an aonaid Bhainistithe Phá & Eagraíochta - codanna den roinn Phárolla agus an roinn iontrála ama Riaracháin Altranais le chéile. Tá an chéim seo ag dul ar aghaidh agus le críochnú in 2008. Soláthroidh bunú an aonaid seo do lánseirbhísí láraithe AD, Pá agus freastal Ama d'fhostaithe.

Aonad an Lucht Oibre Liachta

Tá cúram ag Aonad an Lucht Oibre Liachta don fhoireann liachta, lena n-áirítear earcú, gníomhaíochtaí párolla agus obair bhainteach riaracháin. Le linn 2007 rinneadh athbhreithniú ar struchtúr an Aonaid agus tabharfar é seo chun críche le linn 2008.

I measc na dtionscnamh nua in 2007 bhí:

- Feabhas ar an gclár ionduchtaithe don fhoireann NCHD lena n-áirítear sceidealú d'athchlár ionduchtaithe do dhaoine nua do NCHD thar thréimhse dhá lá a d'éascaigh riachtanais na seirbhíse cliniciúil a chomhlíonadh. In 2007, bhí foireann nua Chomhairliúcháin san áireamh sa chlár éigeantach ionduchtaithe chúig lá dó gach fostaí nua
- Rinneadh athbhreithniú freisin ar an bpróiseas d'aighneacht agus críochnú na dtuairisceán do dhochtúirí shóisearacha i gcomhar le Stiúrthóireachtaí Cliniciúla, agus leanann an tionscnamh seo ar aghaidh, agus tuilleadh feabhsúchán á dtabhairt isteach do mhonatóireacht agus athbhreithniú ar uaireanta freastail
- Tugadh blípeanna speisialtacha ar glao-dhualgais isteach mar iarracht le cumarsáid a fheabhsú san ospidéal. Tá na blípeanna ar glao-dhualgais ina chuidiú le leanúnachas agus freagrúlacht do mheasúnuithe cúram othar a bhunú le linn tréimhsí ar glao-dhualgais
- Bhí bunú an choiste NCHD ina chuidiú maidir le naisc a neartú agus a spreagadh idir an Aonad agus na NCHDí agus sholáthair fóram úsáideach do pháirtíocht na NCHDí ar eochaircheisteanna an ospidéil

Comhpháirtíocht ag Ospidéal Naomh Séamas

Tá cur chuige an Ospidéil maidir le comhoibriú, tríd an gCoiste Oibre Comhpháirtithe, dírithe ar thimpeallacht de chomhoibriú a chur chun cinn idir ionadaithe foirne agus bainistíocht le fíor fheabhas ar sheirbhís agus dea-chleachtas a bhaint amach.

Tá an tOspidéal tiomanta do:

- Sraith shoiléir luachanna a fhorbairt le timpeallacht de pháirtíocht a chur chun cinn
- Socruithe a bheith ann le freagrachtaí an Ospidéil a chomhlíonadh maidir le hAcht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin) 2006
- Creatlach a fhorbairt d'athrú in iompar agus cleachtas
- Próiseas a fhorbairt do ghnó foirmiúil

- Clár de Cheardlanna agus Eagraíochtaí Foirne aitheanta do chomhairliúchán/margáil foirmiúil a bheith ann
- Gealltanais do chomhoiliúint

Tá an tOspidéal agus na Ceardlanna tiomanta don choincheap d'oibriú comhpháirtithe, le tairbhe sláinte a bhaint amach sa daonra seirbheáilte agus i seachadadh d'fhíorfheabhas seirbhíse thar an réimse de sholáthar seirbhíse. Tá meicníocht an Choiste Comhpháirtithe ann le taca a chur faoi na luachanna agus na prionsabail atá san ospidéal maidir le dea-chleachtas a chur chun cinn i bhfostú agus i gcaitheamh le foireann, mar is sa dóigh a gcaitear le foireann san áit oibre atá bunúsach do chothabháil de thimpeallacht sláintiúil fostaíochta agus d'fhorbairt de chultúr eagraíochtúil ina mothaíonn an fhoireann go bhfuil páirt á glacadh acu maidir le fíorfheabhas seirbhíse a bhaint amach, agus go bhfuil aitheantas agus luach ar an bpáirt a ghlacann siad.

Tá ceannasaíocht éifeachtach de dhíth ar Oibriú Comhpháirtithe taobh istigh de thimpeallacht ina bhfuil luach ar éagsúlacht, spreagadh do oscailteacht agus bainistiú d'fheidhmíocht. Tá an tOspidéal tiomanta do chultúr agus sraith luachanna a spreagadh, a léiríonn cairt chomhaontaithe d'athrú, a leagann amach tiomantas an Ospidéil agus a dhéanann soiléir an rud do shúil na foirne chomh maith leis an áit ba chóir dóibh a bheith ann:

- Páirt i gcinnteoireacht
- Caitear go maith leo agus le meas
- Forbartha go proifisiúnta agus iad in ann a dtallann a úsáid do lánphoitéinseal
- Dáfa go cuí ar son a scileanna, iarrachtaí agus ranniócaíochta
- Eolach go maith agus tacaithe go cuí

Baineann na heochairphrionsabail a chuireann taca faoi shocruithe Oibríthe Comhpháirtíochta an ospidéil le:

- Foireann cumhachtaithe bainistíochta a bhíonn ag comhoibriú leis an bhfoireann le fíorfhócas a sholáthar d'fhorbairt réimse straitéisí acmhainní daonna atá dírithe ar shaolta oibre a fheabhsú
- Struchtúr Coiste Oibríthe Comhpháirtíochta a fheidhmíonn mar spreagadh le caighdeán a ardú ar fud na heagraíochta trí aistriú éifeachtach eolais agus dea-chleachtas roinnte i mbainistíocht agus i gcaitheamh le foireann

- Páirtithe atá tiomanta d'oscailteacht i roinnt eolais, le cinnteoireacht eolach agus comhairliúchán éifeachtach a chinntiú chun fóirfeabhas ar sheirbhísí agus ar chleachtas fostaíochta a bhaint amach
- Eagraíochtaí foirne atá tiomanta don chreatlach seo agus atá aitheanta do chomhairliúchán foirmiúil ar cheisteanna fostaíochta, de réir dlí fostaíochta agus dea-chleachtas fhostaíochta
- Comhpháirtithe a aithníonn an tábhacht le bheith ag obair le chéile i mbainistiú éifeachtach d'athrú

Tá baill ag na heagraíochtaí seo a leanas atá fostaíte ag an agus dá bhrí sin iad aitheanta maidir le comhairliúchán foirmiúil de réir dea-chleachtas fhostaíochta agus dlí fostaíochta:

- SIPTU
- IMPACT
- Cumann Altraí na hÉireann (CAE)
- Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann (CDÉ)
- TSD
- Comhlachas Chomhairteoirí Ospidéal na hÉireann (CCOÉ)
- Cumann na n-Eolaithe Saotharlainne Míochaine (CESM)
- Comhlachas Altraí Síciatracha (CAS)
- BATU
- AMICUS
- TEEU
- UCATT

Sláinte Shaothair



An Dr. Noirin Noonan
Ceann Roinne

Chuir Sláinte Shaothair seirbhís chuimsitheach ar fáil d'ós cionn 4,500 duine den fhoireann in Ospidéal Naomh Séamas agus ghlac seasamh forghníomhach i ndáil le tacaíocht a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht na foirne go léir. Tá an mheitheal – lena n-áirítear Lia Saothair lánaimseartha, dhá Altraspeisialtóir Cliniciúil, 2 rúnaí/fáilteoir agus Bainisteoir Sonraí – gníomhach i ngach gné de shláinte agus sábháilteacht le fócas ar rialú ionfhabhtaithe, gluaiseacht agus láimhseáil, bainistiú riosca, cosaint radaíochta agus cur chun cinn sláinte. Lean an roinn ar aghaidh le ról mór i gCúrsa Ionduchtaithe an Ospidéal, atá éigeantach do gach ball nua foirne. D'fhreastail breis is 500 oibrí cúram sláinte le haghaidh scagadh réamh-fhostaithe. Bhí laghdú de 165 ar an bhfreastal iomlán ar an roinn, ó 5,661 go dtí 4,752, an chéad laghdú le seacht mbliana anuas. Tharla sé seo cionn is go ndéantar scagadh ar níos mó rudá sa chuairt chéanna, i.e. scagadh do TB, díonacht ar fhabhtuithe éagsúla, fleibeatómaíocht. Leanann an mórathrú in eitneachas fhoireann

an ospidéal ar aghaidh, a chuireann freisin le héagsúlacht an chásualaigh.

I measc na bpríomhsheirbhísí a chuir an Roinn ar fáil bhí:

- Measúnú a dhéanamh ar ghuaiseanna ceirde - a d'fhéadfadh a bheith fisiciúil, bitheolaíoch (paitiginí a iompraítear san fhuil), ceimiceach nó síceashóisialta
- Clár vacsaínithe i gcomhair Heipitíteas B
- Scagadh Eitinne agus rianú teagmhála tar éis nochtadh (go háirithe Eitinn)
- Cúram do dhíobhálacha foirne tar éis nochtadh tréachraicneach
- Soláthraíodh seirbhísí comhairliúcháin nasctha leis an CCF (Clár Cuidithe Fostaithe) le linn na bliana. Bhí sé seo an-rathúil arís agus glactha go maith ag an bhfoireann. Tá sé dírithe go mór ar an gcliant, agus roghú d'fhreastal istigh (80% d'fhreastalaithe) nó amuigh
- Oideachas agus oiliúint foirne (altraí, dochtúirí, freastalaithe cúraim, mic léinn liachta agus déidliachta)
- Scagadh amhairc ag baint le VDU
- Scagadh agus vacsaíniú don Bhruitíneach, do Varicella, don Bhruitíneach Dhearg agus do Leicneach. Tá an-mhéadú ar an gcuid seo den ualachoibre cionn is nach bhfuil níos mó daoine ná riamh a rugadh taobh amuigh d'Éirinn díonta agus mar sin de claonta do na fabhtuithe seo
- Vacsaínithe Taistil a bhaineann leis an obair
- Scrúdaithe liachta Inphoist
- Treoruithe Bainistithe do mheasúnú ar fholláine d'obair

Lean an Clár Vacsaínithe i gcoinne an Fhlú i agus vacsaíniú breis agus 436 den fhoireann chúram sláinte, méadú de 14%, a léiríonn feachtas le vacsaínithe a mhéadú i measc na foirne. Tá an roinn ag obair i dtreo sprice de 30% den fhoireann vacsaínithe a bhaint amach sna blianta atá le teacht Lean Altraspeisialtóirí Cliniciúla ar aghaidh le cuairteanna a thabhairt ar shuíomhanna éagsúla, ag vacsaíniú ar an láthair d'áis na foirne. Lean an córas Epinet – (Líonra Faisnéise um Chosc Nochtá), a bhfuil sé mar aidhm leis próifiliú a dhéanamh ar nádúr, tarlú agus suíomh nochtadh sá snáthaide, craicinn agus múcais chuig galair a iompraítear san fhuil, ar aghaidh le heolas luachmhar a sholáthar don roinn san fheachtas le biorphollaidh agus nochtadh steallóige a laghdú.

Iniúchadh Inmheánach



An tUasal Cathal Blake
Ceann Roinne

Réamhrá

Is é ról agus feidhm na Roinne Iniúchta Inmheánaigh ná anailís agus measúnú neamhspleách a sholáthar ar pholasaithe, modhanna oibre agus rialúcháin an ospidéil.

Cuidíonn Iniúchadh Inmheánach le cur chun cinn agus measúnú ar rialachas maith corparáideach trí na scrúduithe agus na measúinuithe a dhéanann sé ar ghníomhaíochtaí éagsúla san ospidéal. Tá raon ann ó dhualgais straitéiseacha go dtí feidhme agus sa deireadh geilliúntais.

Forbairtí in 2007

In 2007 rinneadh iniúchtaí éagsúla. B'iad na trí réimse leathan d'fhócas na párolla, ioncam agus réimsí mar a raibh féidearthachtaí le feabhsú ar eacnamaíocht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht.

B'iad seo a leanas na tuarascálacha iniúchta a críochnaíodh agus a foilsíodh in 2007:

- Párolla Altranais
- Párolla Stiúrtóireachta LabMed
- Párolla TSD
- Párolla Daonchumhachta Liachta
- Ioncam ó Charrchlós
- Éilimh agus Aisíocaíochtaí Sochar Tinnis Oifigeach A1
- Stocáireamh Dheireadh Bliana

Agus an tábhacht atá le párolla do bhuiséad iomlán an ospidéil, tá an réimse seo i gcónaí ard ar an liosta den chlár iniúchta inmheánaigh. Bhí sé sin soiléir agus an chuid is mó de na hiniúchtaí déanta in 2007 bainteach le párolla.

Bhí giniúint agus cuntasáíocht d'ioncam mar chuid de mheasúnú ar chlár oibre na roinne do 2007 agus na acmhainní ar fáil don roinn. Baineann giniúint agus bailiúchán ioncaim le hidirghníomhú an ospidéil le geallsealbhóirí éagsúla seachtracha, idir aonair agus corparáideacha. Caithfidh polasaithe agus modhanna a bheith sainmhínithe go maith, doiciméadaithe agus curtha i bhfeidhm. Is é ról na roinne ná na rialúcháin éagsúla atá i bhfeidhm a scrúdú agus a mheasúnú agus moltaí cuí a dhéanamh le haghaidh feabhais nuair is gá.

Le linn na bliana, glacadh gach iniúchadh agus teagmháil le baill foirne mar dheis don roinn eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúlacht a chur chun cinn. Rinneadh na measúinuithe seo agus súil ar rialachas maith corparáideach agus an glacadh go soláthraíonn gach fostaí an ospidéal seirbhís atá láraithe ar an othar, is cuma cé chomh fada ar shiúl ón othar is atá siad ina gcuid oibre laethúil. Cuidíonn úsáid cheart agus éifeachtach na n-acmhainní leis na tairbhí a uasmhéadú do na daoine atá i gcúram an ospidéil.

Seirbhísí Faisnéise agus Bainistíochta (IMS)



An tUasal Martin Buckley

Bainisteoir IMS

Marie Sinnott Uasal

Bainisteoir Oibríochtaí ICT

Annemarie Dooley Uasal

Bainisteoir Tionscadal ICT

An tUasal Finian Lynam

Faisnéis Bhainistíochta (MIS)

An tUasal Gerry Sullivan

Bainisteoir Saotharlainne ICT

An tUasal Feargal McGroarty

Bainisteoir ICT Haemaifilia/Haemafhaireachais

Cuireann an Roinn IMS creat nuálaíochta agus athléimneach Seirbhísí Faisnéise ar fáil chun tacú le gach gné de ghnó an Ospidéil.

Forbairtí in 2007

• Córas Nua Teileafóin – Bealtaine 2007

Ba thionscadal straitéiseach teileachumarsáide é seo comhbhainistithe ag Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta (GSS) agus IMS. Baineann an córas nua úsáid as Teileafónaíocht Phrótaicail Idirlín (IP) soláthraithe ag Cisco agus a ghlacann áit an chórais Analóige Siemens PABX ata ann ó bhí 1992 ann.

Tugadh an córas nua isteach in oibríocht aonair ar 27 Bealtaine 2007 agus 2,500 guthán IP agus 500 ciorcad eile ag freastal ar fhacsanna, glaoireacht, aláráim, ardaitheoirí, srl.

I measc príomhghnéithe an chórais ná consóil ríomhairithe d'oibreoirí lasc-chláir, guth-theachtaireachtaí aontaithe, ródú scairteanna, eolaire inmheánach ar líne, agus comhdháil. Éascaíonn tuarascáilíú feabhsaithe arfheidhmíocht agus ar úsáid bainistíocht níos éifeachtaí agus seirbhís custaiméara feabhsaithe.

- **Taifead Leictreonach Othar PaRIS/EPR**
Síníodh an córas seo, a cuireadh isteach i Meitheamh 2006, leis seo a leanas a chur san áireamh:

- Idirghabhálacha cógaslainne HOPE
- Orduithe nua agus sraithorduithe
- Staidéir ón seomra cairdeangagraif feiceálach anois in PACS/EPR
- Ullmhúchán d’uasghrádú mór chuig leagan 2007 de bhogearraí feidhme

Ba é 323,000 an líon iomlán de Shraith Íomháiithe taifeadta ar PACS do 2007 ag úsáid 4 Theiribheart de stóras go neasach.

- **Treoir-Scéim Aitheantais Urlabhra**
Athchur de mhodhanna deachtaithe téipe agus cur isteach de bhogearraí aitheantais urlabhra bunaithe ar an bhfreastalaí. Tá an treoir-scéim ar bun i gclinicí othar seachtrach roghnaithe
- **Córas Íocaíochta gan Airgead Tirim**
Úsáid chárta ID na Foirne mar ‘sparán leictreonach’ chun bearta airgead tirim in áiteanna lónadóireachta a dhíbirt i.e. Bialann na Foirne, Ceaintín na Saotharlainne agus foirgneamh CEO
- **Monatóireacht Bhaile Haemaifilia**
Treoir-scéim ghuthán cliste i mbailte de cheathrar othar
- **Treoir-Scéim Téacsála SMS**
Síníodh an scéim mheabhrúcháin do choinní othar seachtrach go 660 clinic agus ba 4,000 in aghaidh na míosa a bhí i líon na dteachtaireachtaí curtha
- **E-Sláinte**
Síníodh aistrihe leictreonacha de thorthaí Saotharlainne agus Raideolaíochta agus coinní othar seachtrach chuig breis is 220 dochtúir ginearálta
- **Feidhm Cláraithe Othar Seachtrach**
Clárú nua Réamh-OPD (POP) chun scrúduithe cliniciúla a éascú
- **Oiliúint agus cáilíocht sonraí**
Soláthar leanúnach d’oiliúint d’fhostaithe ar chórais chliniciúla agus monatóireacht leanúnach ar cháilíocht sonraí

Infreastruchtúr ICT

Rinneadh uasghrádú suntasach ar líonra an ospidéal (LAN) in 2007 le tionscadal Teileafónaíochta IP a thacú (IPT). Ionadaíodh breis is 90 lasc le Power over Ethernet (PoE)

a sholáthar atá riachtanach do ghutháin IP. Cuireadh dhá chroílasc nua isteach chun athléimneacht níos fearr a sholáthar agus uasghrádaíodh an líonra iomlán do luas tarchurtha Gigibhert.


Fíorúlú

Tar éis treoir-scéime rathúil in 2006 cuireadh ardán iomlán bonneagair VMWare i bhfeidhm. Tá 39 freastalaí ar an ardán seo faoi láthair Go bunúsach, éascaíonn VMWare ríomhaire amháin feidhm ilríomhairí a dhéanamh, agus mar thoradh air sin tá IMS saor ó theoireannacha fisceacha agus geografacha. Is iad coigiltí fuinnimh agus úsáid níos éifeachtaí de chrua-earraí buntáistí eile.

Deasc Chabhrach

Bhí ról mór ag foireann na deisce cabhrach i saolú IPT. Bhain sé facs agus ceisteanna bainteacha eile. Taifeadadh breis is 20,000 glao seo le cuar géar foghlama agus fabhtcheartú fairsing ar ghuthán, in 2007. Tugadh Freagra Gutha Idirghníomhach (IVR) isteach ag deireadh na bliana, a d’éascaigh bainistiú níos éifeachtaí do ghlaonna ar an deasca chabhrach.

Glaonna 2007



Mar chuid den fheabhsúchán leanúnach de chrua-earraí ICT, cuireadh breis is 300 PC agus 200 printéir isteach le linn 2007.

Seirbhísí Gréasáin

Choinnigh IMS cos le forbairtí teicneolaíochta gréasáin agus ardán gréasáin éifeachtach, cobhsaí bunaithe aige. Tá láithreáin Idirlin agus Inlin á moladh fós mar gheall ar an ardchaighdeán d’eolas atá ar fáil iontu. Bhí fás tapa in iarratais fhoirme ar líne agus ranna ag oiriúnu chun gnó a dhéanamh ar líne. Forbraíodh seacht bhfoirm ar líne in 2007. Faoi láthair, ghineann foirmeacha ar líne breis is 300 idirbheart in aghaidh an lae.



Fíricí agus figiúir ghréasáin do 2007

- 530,651 cuairt ar an suíomh gréasáin, meán de 1,524 cuairt in aghaidh an lae. Méadú de 58% ar fhiigiúr na bliana roimhe
- 227,804 cuairteoir aonair ar an suíomh, meán de 633 in aghaidh an lae. Méadú de 29% ar fhiigiúr na bliana roimhe. Ón líon sin, thug 43,852 níos mó ná cuairt amháin
- 2,812.602 líon iomlán na leathanach ar a dtugadh cuairt, meán de 8,082 cuairt in aghaidh an lae, arís, méadú de 30% ar an mbliain roimhe.
- Roghú 5 Ábhar:
 1. Othair & Cuairteoir
 2. Eolas GP
 3. Faoin Ospidéal
 4. Eolas Cliniciúil/Taighde Oideachais
 5. Comhairleach de réir Speisialtachta

R-phost

Tá an ríomhphost go mear ag tiontú isteach ina phríomh-mhodh cumarsáide laistigh d'Ospidéal Naomh Séamas. Is dúshlán leanúnach é bainistíocht r-phoist. In 2007 fuair IMS breis is 1.2 milliún teachtaireacht bhailí. Mar gheall ar éifeachtacht an chórais nua scagtha Ironport, tá 95% de ríomhphoist ag teacht isteach rangaithe anois mar Thurscar. Dá bhrí sin, tá ríomhphoist núise díbeartha a bheag nó a mhór.

Córais Faisnéise Bainistíochta (MIS)

Lean soláthar fhaisnéise bainistíochta mar phríomhfhócas le linn 2007 agus éileamh méadaithe ar fhaisnéis chruinn agus thráthúil ó ranna inmheánacha agus gníomhaireachtaí seachtracha. Chomh maith le monatóireacht agus pleanáil sheirbhísí, tá táscairí casta feidhmíochta agus 'deaiseanna'

ag teacht chun bheith ina riachtanais chriticiúla. Leanann feabhsúcháin ar an áis thuairiscithe ar líne MIS ar an Inlíon chun rochtain leithdháilte a sholáthar ar shonraí staitistiúla agus ar thacaíocht chinntí oibríochtúil.

Forbraíodh ollstór mórscála agus casta sonraí agus ailtireacht chomhtháthaithe le taca a chur faoi fheidhm MIS. Is ardán sonraí dinimiciúil é seo atá nuashonraithe go leanúnach le sonraí gníomhachtaí othar réad-ama glactha ó roinnt feidhmeanna túsline. Éascaíonn sé seo radhairc mhionsonraithe agus láithreacha thrasghearrthacha agus anailís staitistiúil ar ghníomhaíocht an ospidéil. Feidhmíonn an t-ardán freisin mar stór comhtháthaithe le breis is 20 comhéadan a sholáthar do chórais speisialtóirí nó roinne. Cuireadh níos mó príomhchomhéadan i mbliana isteach mar thacaíocht maidir le cumarsáid seachtrach le DGÍ agus próiseas éilimh an árachais sláinte.

Ag úsáid an ardáin chéanna, cuireadh córas bainistíochta leapacha i bhfeidhm in 2007, le léiriú níos cruinne d'úsáid leapacha a éascú, chomh maith le rianú d'fhad cónaithe othar agus pleanáil réamhghníomhach scaoilte a thacú.

Fanann códú clínicíúil de ghníomhaíocht an ospidéil ag 100%. Críochnaítear 95% de chódú clínicíúil anois taobh istigh de shé sheachtain ó scaoileadh de réir deá-chleachtas. Mar gheall air seo tá sonraí Casemix ar fáil anois ar dhóigh thráthúil le haghaidh úsáide reatha oibríochtúil. Cuireadh próiseas iniúchta nua i bhfeidhm (HCAT) le cruinneas an eolais chódaithe clínicíúil a chinntiú. Próiseas leanúnach atá ann ina mbeidh freisin athbhreithniú ar dhoiciméadú clínicíúil.



Tuarascálacha an Rannáin Seirbhíse

CResT



An Dr. Finbar O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil

Mary Foley Uasal
Bainisteoir Altranais

Jo-Ann Campbell Uasal
Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Tá Stiúrthóireacht CResT comhdhéanta de na speisialtachtaí seo a leanas: Cairdeolaíocht, Liacht Riospráide agus Máinliacht Chairdeatóracsach.

Forbairtí in 2007

- Rinneadh an chéad mhacallachardagham traséasafagach tríthoiseach idiroibríoch beo in Éirinn ag an Ardchúrsa Íomháithe in Ospidéal Naomh Séamas i Samhain
- Ceapadh an Dr. Emily Ho mar Chomhalta Taighde Macalla Sinsearach, ag obair leis an tseirbhís Oinceolaíochta le tomhas trí mhacalla ar fheidhm Méadailíneach Clé a athscagadh
- Bhain an tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU) Duaiseanna Cúram Sláinte “An Tionscadal Ospidéal Is Fearr” mar aitheantas ar an tseirbhís chuimsitheach COPD a sholáthair an tAonad
- Bhí Michele Agnew, Príomheolaí Riospráide tofa do Thionól Chumann Riospráide na hEorpa agus cúraim aici don Lucht Gairme Sláinte Gaolmhara

Cairdeolaíocht

In 2007, bhí an ceathrú Cúrsa Beo Idirghabhála in Ospidéal Naomh Séamas. Iompraíodh íomhánna beo ón

Saotharlann um Chataitéarú Cairdiach go dtí lucht féachana i bhFoigréamh Liachtscoile na Tríonóide agus bhí ceangal beo chuig lucht féachana in Ollscoil Columbia, Nua Eabhrac. Is traidisiún bunaithe anois é an t-imeacht seo ag an ospidéal, agus painéal aionna idirnáisiúnta ó chúig thír. D'fhreastal Mary Harney Uasal, Aire Sláinte agus Leanáí ar an searmanas oscailte.

An tSeirbhís Chairdeolaíochta

Leanann an Roinn Chairdeolaíochta ar aghaidh le réimse leathan seirbhísí agus gnáthaimh a sholáthar d'othair chónaithe, don phobal áitiúil agus d'ospidéal réigiúnacha a chuireann othair ar aghaidh.

Tá méadú leanúnach bliantúil ar leibhéal iomlán ghníomhaíochtaí Chairdeolaíochta. Tá gnáthaimh níos casta á ndéanamh, ina measc galar príomhghais chlé agus galar ilsoithigh a mbeadh máinliacht Seach-Chonaire Artaire Corónach de dhíth orthu san am atá thart. D'ardaigh líon na bPríomhangaplaiste (PCI) agus PClanna tarthála. D'ardaigh líon na ngnáthamh PCI a dhéantar go gathach a chuireann go minic le sólas na n-othair agus a laghdaíonn an t-am a gcaitheann siad sa Saotharlann um Chataitéarú.

Comhordaitheoir Cairdeolaíochta

Tugann an Comhordaitheoir Cairdeolaíochta comhairle agus oideachas faoi bhunathrú guaise d'othair PCI tar éis a ngnáthaimh. Soláthraítear oideachas agus cúram leantach freisin d'othair Dhífhibrileoirí Cairdithiontaire Ionchlannaithe (ICD).

Rinneadh iomlán de 1,280 PClanna in 2007 agus bhí 67 ICDanna ionchlannaithe. Cuireadh breis is 800 othair ar aghaidh chuig cúrsa Athshlánaithe Cairdiach ina n-ospidéal áitiúla. Chuir an barda shé leaba, leithdháilte go háirithe d'othair PCI i mBarda Robert Adams, le seachadadh de chúram agus bainistiú d'othair PCI agus éascaíonn aistriú níos tapa don seomra scaoilte.

Seirbhís Chun Éirí as an Tobac

Tairgtear seirbhís chun éirí as an tobac d'othair, d'fhoireann an Ospidéal agus don phobal. Cuireann an tseirbhís comhairliúchán othar seachtrach agus othar aonair ar fáil agus dianchúrsaí sé seachtaine chun éirí as an tobac. Le linn 2007, chuir an tAltraspeisialtóir chun éirí as an tobac idirghabháil ghairid agus litríocht ar fáil do 607 de lucht caite tobac le linn dóibh a bheith san ospidéal. Cuireadh scairt ghutháin ar 456 othar tar éis dóibh a bheith scaoilte ón ospidéal. D'éascaigh an tAltra chun éirí as an tobac cúrsa oiliúna aon lae maidir le hidirghabháil ghairid i mí na Samhna. Ba é aidhm an chúrsa sin na scileanna bunúsacha a thabhairt do ghairmigh sláinte

chun tionchar chaitheamh tobac agus éirí as an tobac a chur chun cinn i measc lucht caite tobac..

An tSeirbhís Chardagrafaíochta Macalla

Forbraíodh seirbhís chuimsitheach lia-stiúrtha, traséasafagach macallachardagrafach, Macalláí Struis Dobutmine agus macalla aclaíochta le comhoibriú na Stiúrthóireachta ORIAN agus an Bharda Lae Máinliachta. Tarlaíonn an tseirbhís othar cónaithe san Aonad Cúraim Chorónaigh (CCU) i gcomhar leis an fhoireann altranais. Tugadh Macalla Codarsnachta isteach freisin sa Roinn. Bhí cúrsa ardíomháithe an-rathúil in Ospidéal Naomh Séamas i Samhain, agus 140 toscaire ag freastal air. Mar chuid de bhí Ultrafhuaim Ionsoithíoch chás beo agus Máinliacht Chomhla Bheannach chás beo agus an chéad mhacallachardagraham traséasafagach tríthoiseach idiroibrioch beo in Éirinn.

Cuireadh tús le dhá líne nua de thaighde suntasach i gCaireolaíocht in 2007. Ceapadh an Dr. Emily Ho mar Chomhalta Taighde Macalla Sinsearach, ag obair leis an tseirbhís Oinceolaíochta le tomhas trí mhacalla ar fheidhm Méadailíneach Clé a athscagadh agus beidh an Dr. Kunal Patel ag déanamh scrúdaithe ar ról an sloinn mRNA den ais IL17-23 i ngéarshiondróim chorónacha.

An Roinn Chairdiach

I nDeireadh Fómhair 2007 aimníodh Gerard King, Príomh-Theicneolaí Cairdiach do Dhuais na nDochtúirí do Thaighde Cairdiach mar gheall ar a alt ar righneas Mióchairdiúil agus an difríocht ama idir oscailt comhlaí bheannach buaic íomháú Ea Doppler fíocháin agus gur féidir leis hipeartrófacht fiseolaíoch i lúthchleasaithe a aithint ó cairdimiópaithe hipeartrófach.

Méadaíonn gníomhaíocht na Roinne Cairdiach go fóill. Tá méadú ar Leictreacardagraim (ECGs) in 2007 agus 14,280 an líon iomlán a rinneadh. Is méadú é seo de 3223 ó 2006. Tá méadú freisin ar scrúduithe séadairí de 206 go 1204 in 2007.

Athshlánú Cairdiach

Tairgeann athshlánú cairdiach oideachas ildisciplíneach galarchoisic tánaisteach agus tacaíocht d'othair tar éis imeachta cairdiach.

- Thug Comhordaitheoirí Athshlánaithe Cairdiach cuairt ar 400 othar agus sholáthair oideachas agus comhairle Chéim 1
- Rinneadh athbhreithniú ar 370 othar tar éis scaoilte 4-6 seachtaine ag clinic othar seachtrach Athshlánaithe Cairdiach Chéim II. Déantar atreoruithe cuí chuig disciplíní ag an gclinic seo.



Pictured At The Irish Healthcare Awards were, (L-R): back row: Dr. Joe Keane, Consultant Respiratory Physician; Bettina Korn, Respiratory CNS; Eilish Hardiman, Deputy CEO; Dr. Barry O'Connell, Consultant Respiratory Physician; Michele Agnew, Chief Respiratory Technician; Dr. Pat Manning, Consultant Respiratory Physician. Front row: Maria Lawlor, Respiratory CNM3, CResT; Jaye Farran, Respiratory Assessment Unit Co-Ordinator; Sinead Glennon, Physiotherapy Manager, CUH; Mary Foley, Nurse Manager, Crest; Clare Bailey, Specialist Respiratory Physiotherapist.

- Bhí 15 clár Chéim III le linn na bliana. Mhair 8 acu sé seachtain agus mhair 6 acu ocht seachtain. Bhí clár speisialta amháin a mhair 6 seachtain do na hothair níos sine
- Tairgíodh clár Chéim III do 263 othar. Ghlac 224 acu leis an tairiscint agus níor tháinig 40 acu. Chríochnaigh 172 othar an clár agus d'éirigh 52 as
- Rinneadh trí athbheithniú Chéim IV in 2007. Tairgítear an seisiún tráthnóna seo do na hothair a chríochnaigh clár Chéim III. Tugtar cuireadh do na hothair teacht ar ais se mhí tar éis a gcláir le haghaidh nuashonraithe oideachais. D'fhreastail 90 othar air seo
- Mar gheall ar Ospidéal Naomh Séamas a bheith ag feidhmiú mar ionad atreoruithe d'Idirghabhálacha Corónach Tréachraicneacha (PCLanna) is as taobh amuigh den cheantar cuid mhaith othar cóireáilte. Cuireann na comhordaitheoirí athshlánaithe cairdiach na hothair seo ar aghaidh chuig a n-ionad athshlánaithe cairdiach is cóngaraí. Ba 742 líon iomlán na n-atreoruithe chuig ionaid eile
- Ina theannta sin, bhí 53 othar atreoraithe chuig Ospidéal Naomh Séamas faoi choinne athshlánaithe cairdiach

Liacht Riospráide Ailse Scamhóige

D'ardaigh líon na gcásanna ailse scamhóige diagnóisithe agus/nó cóireáilte in Ospidéal Naomh Séamas le 7% go neasach gach bliain. Bhí 408 othar nua-diagnóisithe in 2007. Léiríonn sé seo méadú de 9% i gcomparáid le sonraí ó 2006, nuair a bhí 342 othar. Tá Ospidéal Naomh Séamas ag diagnóisiú agus/nó

ag cóireáil chóir a bheith ceathrú (22%) den obairualach. náisiúnta maidir le hailse scamhóige. Ba é máinliacht íceach an phríomhchóireáil do bheagnach 30% in aghaidh na bliana d'othair scamhóige san ospidéal le ceithre bliana anuas. Meastar go ndearna foireann chardatóracsach in Ospidéal Naomh Séamas breis is 50% den ualachoibre náisiúnta i máinliacht íceach d'aillse scamhóige. (*Cancer in Ireland 1994 – 2005, National Cancer Registry*).

Aonad TB For-Réigiúnach

Bunaíodh clinic nua mantoux treoraithe ag altráí in Eanáir 2007 le tástáil chraicinn a éascú d'othair ag freastal ar Ospidéal Naomh Séamas. D'fhreastail 243 othar san iomlán idir Eanáir agus Nollaig, d'fhreastail gach othar faoi dhó: lá 1 doshocruán an chraicinn agus la 2 do léamh an toraidh.

Ceapadh Cláraitheoir i Míonlaine Riospráide ar 1 Eanáir 2007 agus cúram aige/aici do TB agus cuireadh tús le ceapachán de Phoitigéir Sinsearach 0.5WTE i Lúnasa 07.

Aerú Neamh-Ionsaitheach

Lean Barda John Houston ar aghaidh ina ról mar chroílár de ghéarsheirbhíis riospráide d'othair chónaithe. Bhí méadú arís ar na hothair ar bi-pap in 2007. Bhí iomlán de 172 othar ar bi-pap. D'ardaigh sé seo le 21% i gcomparáid le 2006.

An tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU)

Dhaingnigh an RAU a ról mar chroílár de bhainistiú ar ghalair ainsealacha riospráide san ospidéal agus a cheantarphobal. Déanann foireann RAU athbheithniú ar liostaí othar san AMAU agus sa Roinn Éigeandála ar bhonn laethúil agus glacadh le 80 othar ar an gclár scaoilte luath. Léiríonn sé seo meadú de 66% ar fhigiúirí 2006.

Bhain an RAU an dámhachtain “An Tionscadal Ospidéil Is Fear” de chuid Dámhachtainí Cúram Sláinte na hÉireann. Bhí an dámhachtain mar aitheantas ar an tseirbhís chuimsitheach COPD a sholáthraíonn an tAonad. Ó bhí 2002 ann, tá Clár rathúil Scaoilte Luath COPD á reáchtáil ag an Aonad atá éifeachtach maidir le fad cónaithe agus ráta athiontrála d’othair a bhfuil COPD orthu a laghdú. Tháinig seirbhísí RAU chun cinn ó shin agus anois soláthraíonn an t-aonad réimse seirbhísí ó thacaíocht ghutháin go clinicí stiúrtha ag altraí/ fisiteiripeoirí go athshlánaú scamhógach. Tá Fisiteiripeoir Speisialtóra Cliniciúil, beirt Speisialtóirí Altra Cliniciúla, Bainisteoir Altra Cliniciúil III, Cláraitheoir Riospráide, Comhairleach Riospráide (An Dr. Barry O’Connell) agus riarthóir san aonad.

Bunaíodh comhthionscnamh in 2007 idir an RAU agus Foireann Idirghabhála an Phobail (CIT), Baile Átha Cliath Theas, agus aidhm aige clúdach iar-ama agus deireadh seachtaine a sholáthar d’othair RAU ag an CIT. Leis seo a éascú, sholáthair an RAU dhá lá staidéir ildisciplíneacha do fhoireann CIT agus cuairteanna baile ina dhiaidh sin.

Clár Athshlánaithe Scamhógaigh

Reáchtáladh trí Chlár Athshlánaithe Scamhógaigh ocht seachtaine in 2007. Cláraíodh 70 othar ar an gclár, idir an RAU agus fisiteiripeoirí sinsearacha, agus chríochnaigh 50 othar go neasach an clár. Bhí clár i Lúnasa 2007 d’othair bhroinseachtáise. Bhí méadú ar chuaipteanna baile aeraithe neamhionrach (NIV) ó cheann amháin 2006 go 14 in 2007.

Cuaipteanna Cúraim Tacaíochta

Cuireadh tús le treoirthionscadal de chuaipteanna baile maolaitheach/tacaíochta in 2007. Bhí ocht n-othar atreoraithe do chuaipteanna tacaíochta, agus iomlán de 20 cuairt mar thoradh air sin.

An tSaotharlann Riospráide

Lean an tSaotharlann Riospráide le réimse cuimsitheach seirbhísí a sholáthar ag leibhéal réigiúnach agus for-réigiúnach Toghadh Michele Agnew, Príomh-Eolaí Riospráide, don tionól den Chumann Riospráide Eorpach, agus cúram aici do Ghairmí Sláinte Gaolmhara. Bronnadh tráchtas M Phil ar Michele (Máistreacht Taighde ó DIT Sráid Chaoimhín) ar Shláinte Riospráide oibríthe na dtithe tábhairne Bhaile Átha Cliath, i gcomhthéacs an choisc ar thobac.

Máinliacht Chairdeatóracach

Rinneadh obráidí ar 401 othar in 2007. Ó bhí 2000 ann rinne an tAonad máinliachta cairdiach Keith Shaw idir 400 agus 500 cás máinliachta cairdiach do dhaoine fásta gach bliain. Thar na blianta bhí athrú suntasach ar phróifíl an othair:

- Líon méadaitheach d’aistrithe práinneacha othar cónaithe ó ospidéal atreoraithe ar a bhfuil máinliacht éigeandála de dhíth ar an iontráil ospidéil chéanna
- Méadú ar chastacht na gcásanna

Tar éis d’fhoireann ó Ospidéal Naomh Séamas a bheith ag freastal ar chlár oiliúna san RA d’oiliúnaí Ard-Tacaíochta Beatha Chairdeatóracach (CALS), d’fhreastail foireann ó Ospidéal Middlesbrough, RA, ar Ospidéal Naomh Séamas chun an chéad chlár CALS in Éirinn a sholáthar. D’fhreastail idir fhoireann liachta agus altranais air seo.

Rinneadh measúnú ar bhreis is 200 othar ag an gclinic Réamh-Iontrála in 2007. Faoi cheannas na nArd-Chleachtóirí Altra agus cláraitheoir, ainéistéisí, phoítigéir, diaitéiteacha agus ball den fhoireann athshlánaithe cairdiach i láthair, déantar scrúduithe réamh-obráide ar an othar. Tá x-gha cliabhraigh agus ECG, chomh maith le lánchuntas.

Teilechairdeolaíocht

Leathnaíodh an tseirbhís amach tuilleadh sa cheantar lártíre tar éis an cheangail thosaigh, ag soláthar nasc fíorluachmhar d’Ospidéal Thulach Mhór agus Phort Laoise. Is é an príomhthairbhe don othar atá sa chóras seo go gceadaíonn sé rochtain thapa ar Chairdeolaí Idirghabhálach agus ar Mháinlia Cairdiach. Bhí idirbheartaíocht ar siúl le hOspidéal tharchuir eile leis an gcóras seo a leathadh amach tuilleadh.

Máinliacht Tóracach

Tá an tAonad Tóracach is mó i bPoblacht na hÉireann in Ospidéal Naomh Séamas le daoine á gcur ar aghaidh ó áiteanna ar fud na tíre. Téann os cionn aon chúigiú cuid de chásanna ailse scamhóige na hÉireann trí Ospidéal Naomh Séamas gach bliain. Mar aon le hailse scamhóige, déileáilann an tAonad le raon leathan galair neamhurchóideacha pleoracha agus tóracacha urchóideacha nach mbíonn chomh forleathan sin.

HOPe



An Dr. Kenneth O'Byrne
Stiúrthóir Cliniciúil

Suzanne Roy Uasal
Bainisteoir Gnó

Geraldine Reynolds Uasal
Bainisteoir Altra

Réamhhrá

Tá Stiúrthóireacht HOPe comhdhéanta de na speisialtachtaí seo a leanas: Haemaiteolaíocht, Liacht agus Rada-Oinceolaíocht agus Cúram Maolaitheach. Ionchorpraíonn na speisialtachtaí sin an tIonad Náisiúnta Thrasphlandaithe Smior Dhaoine Fásta agus Ionad Náisiúnta do Neamhoird Téachtaithe Oidhreachtuil lena n-áirítear Clinic Warfarin. Tá naisc láidre ag Stiúrthóireacht HOPe leis an gClár Cuibhreannais Trialacha Cliniciúla Ailse agus leis an Bone Marrow for Leukaemia Trust.

Eochairfhorbairtí

- Ceapadh an Dr. Catherine Flynn, Haemaiteolaí Comhairleach, i Nollaig 2007
- Tugadh os cionn 80 othar isteach sna trialacha cliniciúla oinceolaíochta/haemaiteolaíochta agus 260 othar sna staidéir thaighde aistriúcháin
- Bhí laghdú ar rátaí Did Not Attend (DNA) san Ionad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtuila ó 26% go 12% le tabhairt isteach de mhodh feabhsúcháin próisis


Nósanna Seirbhíse

Le linn 2007, bhí bliain ghnóthach eile ag an Stiúrthóireacht, agus tuilleadh méaduithe i líon na n-othar faoi chóireáil

Cúram Lae Haemaiteolaíochta Oinceolaíochta

Bhí méadú leanúnach i líon na n-othar a bhí faoi chóireáil san Ionad Cúraim Lae Haemaiteolaíochta Oinceolaíochta in 2007.


An Líon a d'fhreastail ar Chúram Lae 2000 - 2007



Gníomhaíocht Othar Cónaithe

Maidir le gníomhaíocht othar cónaithe, bhí méadú ar scaoilidh Haemaiteolaíochta agus Oinceolaíochta in 2007.

Scaoilidh de réir Speisialtachta 2000 - 2007




Haemaiteolaíocht


Tháinig an Dr. Catherine Flynn isteach san fhoireann chomhairleach i Nollaig 2007. D'oibrigh an Dr. Flynn go hidirnáisiúnta le linn a hoiúna liachta, agus dá bhrí sin tá neart taithí á thabhairt aici chuig an bhfoireann chomhairleach.

An Clár Trasphlandú Smeara


Clár Iomlán Trasphlanduithe Ospidéal Naomh Séamas 1984 - 2007




Standard Haematopoietic Stem Cell Transplants (HSCT) i 2007 de réir comharthú Galair



Trasphlandálacha Déine Laghdaithe i 2007 de réir comharthú Galair



Trasphlandálacha smeara uathlógach i 2007 de réir comharthú Galair



Oifig an Chuibhreannas Trialacha Cliniciúla ag Ospidéal Naomh Séamas

An Dr. John Kennedy

Stiúrthóir Cláir

An tOllamh John Reynolds

Stiúrthóir Eolaíochta

Ms. Ingrid Uasal

Bainisteoir Cláir

Riaraíonn Oifig na dTrialacha Cliniciúla Ailse (CCTO) trialacha cliniciúla ag an Ospidéal agus déantar idirchaidreamh le Grúpa Taighde Oinceolaíochta Cliniciúil na hÉireann (ICORG), an HRB agus le Bord Leigheasra na hÉireann. Tá iniúchtaí, oiliúint, taighde agus scaipeadh an eolais a bhíonn mar thoradh air mar chroí-obair ghníomhaíochtaí an ghrúpa.

Tá 3 bhainisteoir shonraí, 7 n-altra taighde, rúnaí, 2 chomhalta taighde agus poitigéir thrialacha chliniciúil fostaithe san oifig.

Clár Trialacha Cliniciúla Ailse 2007

Ba bhliain an-táirgiúil í 2007 d'oifig na dtrialacha cliniciúla ag an ospidéal. Tugadh os cionn 80 othar isteach sna trialach cliniciúla oinceolaíochta/haemaiteolaíochta agus 260 othar sna staidéir thaighde aistriúcháin. Lean trialacha ar aghaidh leis an gcuid is mó de na mórchomhlachtaí cógaisíochta agus grúpaí comharchumainn idirnáisiúnta sna réimsí d'ailse brollaigh, ailse scamhóige, ailse calaireicteach, ailse cinn agus muiníl, liomfóma agus leicchéime chronic myeloid.

An tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtuil (NCHCD)

Le linn 2007 lean an tseirbhís altranais laistigh den NCHCD ar aghaidh le iniúchadh agus monatóireacht ar chailíocht na seirbhísí soláthraithe i réimsí mar chomhairliú géiniteach agus cóireáil bhaile. Léirigh torthaí ón iniúchadh go bhfuil rátaí sásaimh othar ard fós. Ina theannta sin, in 2007 tugadh Lean Sigma, modh feabhsúcháin próisis, isteach leis an gclár dearbhairthe cáilíochta a thacú. Áiríonn torthaí an tionscnaimh seo laghdú i rátaí othar seachtrach DNA ó 26% go 12% agus 100% d'atreoruithe nua othar feicthe taobh istigh de 6 sheachtain.

Bhí an Cúrsa bliantúil dhá lá Téachta ann in Aibreán i bhfoirgneamh Eolaíochta Sláinte na Tríonóide agus breis is 100 gairmí cúraim sláinte ó gach cearn d'Éirinn i láthair.

Tuarascáil Altranais

Fuarthas maoiniú ón Bone Marrow for Leukaemia Trust le forbairt de phost Speisialtóra Altra Cliniciúil (CNS) a éascú i gCúram Trasdultach Trasphlandaithe Smeara. Thosaigh Kathleen Beston Uasal ina post ar 23 Aibreán 2007.

Soláthraíodh Bainistíocht Feidhmíochta Fhoireannbhunaithe don fhoireann Speisialtóra Altra Cliniciúil HOPE i nDeireadh Fómhair. Tógfaidh an fhoireann an t-eolas bailithe chun tosaigh le ceisteanna sainaitheanta a mheas agus ról an Speisialtóra Altra Cliniciúil in HOPE a fhabhrú.

Chríochnaigh Evelyn Singleton Uasal, Altra Faireachais Aistrithe CNM2, NCHCD, duine den triúr iarrthóirí Oidis Altra ó Ospidéal Naomh Séamas, an chéad chúrsa oiliúna i gColáiste Ríoga na Máinlianna d'Oideas Altra. Tháinig Norma Daly Uasal i gcomharbacht ar Colette Healy mar Éascaitheoir Cliniciúil i Samhain 2007. Chuaigh Anne Grogan Uasal isteach sa NCHCD mar fhoireann CNM 3 i Samhain.

Oideachas

Lean na cláir oideachais a bunaíodh le blianta beaga anuas ar aghaidh le linn 2007, ina measc:

- Cúrsa Tréachta dhá lá
- Cúrsa Haemaiteolaíochta chúig lá
- Cúrsa Oinceolaíochta chúig lá



An tOllamh Davis Coakley
Stiúrthóir Cliniciúil

Nuala Kennedy Uasal
Bainisteoir Altra

Carol Murphy Uasal
Bainisteoir Gnó

Soláthraíonn an Roinn Míochaine do Dhaoine Scothaosta seirbhísí speisialachta do dhaoine scothaosta. Tá bardaí iontrála, athshlánaithe, bardaí do chúram leanúnach agus ospidéal lae a chuireann seirbhísí liachta agus athshlánaithe ar fáil d’othair. Tá Roinn Eisothar gnóthach agus cuimsitheach ann agus cuirtear raon clinici speisialaithe cúram siúlach ar fáil freisin. Tá taighde a bhfuil tábhachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta leis sa réimse aosaithe ag dul ar aghaidh sa roinn faoi choimirce na hInstitiúide Mercers ar Thaighde i nDáil le hAosú.

Forbairtí in 2007

Bhí an-fhairsingiú in 2007 in obair chliniciúil agus taighde na Stiúrthóireachta:

- Bhí tuilleadh forbartha ar an Ionad nua pleanáilte um Aosú Rathúil
- Fairsingiú ar sheirbhísí cliniciúla agus taighde i nGalar Stróc. Ceapachán an Dr. Joe Harbison mar Léachtóir Sinsearach agus Comhairleach d’Ospidéal Naomh Séamas agus MIRA
- Forbairt agus fairsingiú leanúnach ar sheirbhísí titime agus sioncóipise

- Bhí tuilleadh fairsingithe ar chosaint cnámh agus oistéapórois chomh maith le héileamh méadaitheach ar gach gné den tseirbhís
- Leanann fairsingiú agus forbairt ar aghaidh ar mhórhionscadail agus deontais nua thaighde á thabhairt

An tlonad Barr Feabhais um Aosú Rathúil

Fuair an tlonad pleanáilte Barr Feabhais tuilleadh fuinnimh i mbliana. Bunaíodh Grúpa Comhairle Idirnáisiúnta don lonad agus tugadh cur i láthair mór don ghrúpa comhairle nua in Ospidéal Naomh Séamas ag athbhreithniú ar an tionscadal i Nollaig. Beidh an Grúpa Comhairle Idirnáisiúnta ag feidhmiú mar ghrúpa comhairle dea-chleachtais don lonad.

Chríochnaigh an Stiúrthóireacht anailís thairbhe chostais a bhí coimisiúnaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (HSE) le scrúdú a dhéanamh ar an bplean forbartha don lonad agus lena tairbhe iomlán don tseirbhís sláinte agus don phobal a mheas ó dhearcadh socheacnamaíoch. Bhí an tuarascáil dheiridh an-dearfach agus thug tacaíocht láidir d'fhorbairt an lonaid.

D'ordaigh an HSE don t-ospidéal bogadh ar aghaidh le roghnú agus ceapachán na Foirne Deartha don tionscadal seo.

An tSeirbhís Stróc

Tugadh neartú mór do sheirbhísí cliniciúla agus do thaighde i ngalar stróc le ceapachán an Dr. Joe Harbison mar Léachtóir Sinsearach agus Comhairleach d'Ospidéal Naomh Séamas agus MIRA.

Téann an ghéarsheirbhís stróc MedEL trí na bardaí go laethúil anois ag déanamh athbhreithnithe ar gach othar stróc a thagann isteach san ospidéal. Ceapadh Speisialtóir Altra cliniciúil lánaimseartha i Míochaine Stróc, Suzanne Walsh Uasal, a chomhordaíonn oiliúint na foirne ar fud an ospidéil i ngeitithe de chúram stróc agus a chuidíonn le réachtáil na gclinicí Néarshoithíoch agus Stróc.

Fairsingíodh clinic Ioscaemach Ceirbreach Díomuan (TIA) le bheith ar fáil go laethúil, a éascaíonn athbhreithniú ar othair ar a bhfuil TIA nó Stróc taobh istigh de lá oibre amháin ó theacht Stróc. Tá prótacal trombailísis stróc i bhfeidhm agus d'eagraigh an tseirbhís Stróc an chéad lá Oideachais Trombailísis i gColáiste Ríoga na Lianna i nDeireadh Fómhair mar iarracht le húsáid na teiripe ar fud na hÉireann a mhéadú.

Tá an tseirbhís páirteach i bhforbairt de Dhioplóma i Míochaine Chardashoithíoch le Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann.

An tlonad Titime agus Sioncóipise

Cuireann an tlonad Titime agus Sioncóipise measúnú agus cóireáil thapa, shaineolach agus thiomanta ar fáil don titim agus don titim i laige maraon le sioncóipis. In 2007 bhí méadú de 48% i líon na n-othar ar a gcuireadh cóireáil i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Chuir láithreach na seirbhíse galarchoisc agus athbhreithnithe titime stiúrtha ag altra go mór le cosc agus laghdú i dtitimí, a léiríonn an líon is lú de thiteoirí ar thaifead ó thosaigh an tseirbhís in 2003. Léiríodh an laghdú seo i dtiteoirí ar thaifead agus i dtiteoirí athfhillteacha sna bardaí géara, athshlánaithe agus cúraim shínithe.

Seirbhís Chosaint Cnámh agus Chóireáil Oisteapóroise

Bhí tuilleadh fairsingithe in 2007 i seirbhís chosaint cnámh agus chóireáil oisteapóroise, a léiríonn méadú de 20% in othair measúnaithe agus cóireáilte i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tugadh clinici breise réamh-mheasúnaithe stiúrtha ag altraí isteach le linn na bliana, a d'éascaigh measúnú tosaigh agus obair dhiagnóiseach d'othair a bhfuil an-oisteapórois orthu. Déantar athbhreithniú ar na hothair seo ina dhiaidh sin sa chlinic sláinte chnámh agus cóireála oisteapóroise.

Cuireadh tús le roinnt staidéar móra ar bhriseadh chromáin le linn na bliana, ag déileáil leis na gnéithe histeamorfaiméadrachta, dlúsmhéadrachta, bithcheimiceacha agus bithinnealtóireachta de chromáin bhriste na n-othar a thagann chuig ospidéal Naomh Séamas. Bhronn an Bord Taighde Sláinte (HRB) deontas mór ar an Speisialtóir Altra Cliniciúil i Sláinte Chnámh agus Titimí, Niamh Maher, ar na mallaibh le staidéar a dhéanamh ar bhristeacha cromáin as a dtiocfaidh PhD sa deireadh.

Mercers Institute for Research On Ageing (MIRA)

Bhí tuilleadh fairsingithe in obair cliniciúil agus thaighde na hInstitiúide Mercer ar Thaighde i nDáil le hAosú.

Bhí rath ar leith ag an Ollamh Rose Anne Kenny agus í mar dhuine tábhachtach maidir le dámhachtainí móra deontais a bhaint amach, mar an clár TRIL (IDA/Intel), TILDA, agus staidéir Roskamp agus an dámhachtain taighde aistriúcháin HRB atá curtha síos thíos.

Comhthionscnaimh Bhainistíochta le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte

Leanann an roinn Mhíochaine do dhaoine Scothaosta ar aghaidh de bheith ag obair go dlúth leis an HSE, ag comhbhainistiú an aonaid Chois Ceim ag Brú Chaoimhin

agus an Aonaid Aspen in Ospidéal Ghort na Silíní. Bhí an dá aonad ríthábhachtach maidir le géarscaoilidh ón ospidéal a éascú d'othair a bhfuil tuilleadh athshlánaithe de dhíth orthu, chomh maith le socrúchán sínithe cúraim. Leanann an roinn ar aghaidh freisin de bheith ag obair i gcomhar le hAonad Athchumasúcháin Pobail (CRU) ag Ospis Mhuire, Crois Araid. Déantar measúnú tapa ar othair a dtagann fadhbanna gluaiseachta orthu sa phobal ag ár roinn othar seachtrach agus ina dhiaidh sin dianathshlánú san Aonad CRU, rud a choscann iontrálacha ospidéal.

D'éascaigh bronnadh deontais IDA/Intel bunú de chlár Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL). Ní tionscadal aonair é TRIL, ach croí de shármhaitheas, a sholáthraíonn réimse de thionscail taighde fhócasaithe trí na scileanna agus an saineolas d'fhoirne ildisciplíneacha eolaithe ón earnáil tríú leibhéal, speisialtóirí cliniciúla agus taighdeoirí tionsclaíocha a thabhairt le chéile, agus na nualaíochtaí seo a scrúdú i suíomh othar smachtaithe agus fócasaithe. Lean fairsingiú agus forbairt an tionscadal ar aghaidh in 2007 le bunú na gclinicí seachtainiúla do mheasúnú othar.

Tá Fad-Staidéar na hÉireann ar Aosú (TILDA) á dhéanamh ag foireann trasinstitiúideach, ildisciplíneach de shaineolaithe agus a hoifig láir suite i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I Meitheamh 2007 bronnadh an Comhalta Paul Beeson ar an Dr. Patricia Kearney atá ag forbairt taighde ón staidéar TILDA ar na fachtóirí baolí cardashoithíochta d'aosú agus ar an bhforbairt d'fhadhbanna cuimhne agus néaltrú. Ceapadh an tOllamh Brendan Whelan freisin mar stiúrthóir taighde.

Clinic Cuimhne:

Ó bunaíodh é, tá cuid mhór saineolais faighte ag an gclinic Cuimhne maidir le neamhoird chognaíochta a dhiagnóisiú agus os cionn 3,600 othar measúnaithe. Lean an clinic cuimhne de bheith gníomhach i dtionscail taighde éagsúla, comhoibriú le ranna agus institiúidí eile san áireamh.

Tionscail Taighde Leanúnacha an Chlinic Cuimhne

- Staidéar Aosaithe Sláintiúil Bhaile Átha Cliath
- Forbairt bheart nua de chuimhne dhírbheathaisnéiseach
- Áirge MMSE, Tarraingt Chloig agus scrúdú Athchuimhne Mhoillithe Focal (DWR) i scagadh do Alzheimer's (AD) luath
- Tuiscint i nGortú Inchinne Trámach agus néaltú Frontotemporal

- Fisic Liachta agus Bithinnealtóireacht – Taighde Chrith Súile agus Córas Aimsitheora
- Staidéar Roskamp ar Ghalar Alzheimer – Is measúnú lipéid oscailte é seo ar shábháilteacht agus éifeachtúlacht de Nilvadipine i néaltrú éadrom go dtí measartha Alzheimer.
- Taighde aistriúcháin HRB in éagobhsaíocht néarshoithíoch

Ionad Eolais agus Forbartha Seirbhísí Néaltraithe

Réamhrá

Is ionad náisiúnta do shármhaitheas i néaltrú é an tIonad Eolais agus Forbartha Seirbhísí Néaltraithe (DSIDC) agus é tiomanta do dhea-chleachtas i ngach gné de chúram néaltraithe.

Tairgeann sé trí phríomhsheirbhísí proifisiúnta: Oideachas agus Oiliúint, Eolas, Taighde.

Cuireadh líon méadaithe cúrsaí agus laethanta oiliúna ar fáil don fhoireann a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu i suíomh cúraim éagsúla ar fud na tíre. D'fhreagair an tIonad d'iarrais aonair agus eagraíochta le haghaidh eolais agus ghlac páirt i mórán líonraí agus grúpaí oibre.

Bhí neartú ar ghníomhaíochtaí taighde le maoiniú do chlár de thaighde sóisialta ar néaltrú. Cuirfidh an tionscnamh seo le forbairt d'idirghabhálacha tráthúla, freagrúla agus inrochtana do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu, beidh tionchar ar fhorbairt pholasaithe aige agus cuirfidh sé le dearadh na samhlacha dea-chleachtais do na daoine a bhfuil éifeacht ag néaltrú orthu.

I measc na n-imeachtaí le linn na bliana ná obair le hÚdarás Cáilíochta an Oideachais Sláinte (HIQA) ar an bhforbairt de chaighdeán chúraim i suíomhanna cúraim cónaithe agus seoladh an Ionaid Néaltraithe Thuaisceart Éireann.

Forbairtí in 2007

Oideachas agus Oiliúint

Lean forbairt na feidhme oideachais den DSIDC ar aghaidh in 2007. Mar gheall ar sholáthar de 80 cúrsa nó seisiúin ar leith, solathraíodh 113 lá oideachais/oiliúna do 1,274 rannpháirtí i mórán áiteanna ar fud na tíre. Is ionann é seo agus 1,818 lá duine d'oideachas/oiliúint.



Eolas

Láimhsíodh ceisteanna ó riachtanais oiliúna foirne go comhairle ar chaighdeán, agus ó dhearadh go dea-chleachtas i gcúram néaltraithe. Iarradh ar shaineolas foirne DSIDC ar go leor ceisteanna polasaithe agus caighdeán agus bhí ballraíocht ar éagsúlacht de ghrúpaí comhairleacha, coistí agus líonraí mar thoradh air seo.

Lean an suíomh gréasáin mar fhoinse tábhachtach eolais do chleachtóirí néaltraithe agus é úsáidte go forleathan, le 17,244 cuairteoir le linn na bliana ar mheán de 1,437 cuairt gach mí.

Bhí breis is 2,000 cóip de lámhleabhar seirbhíse an DSIDC, 'Dementia, a Positive Guide' priontáilte agus curtha ar fáil do chleachtóirí agus do dhaoine aonair. Bhí an-suim freisin i bhFístéipeanna/DVDanna oiliúna déanta ag an DSIDC, ina measc 'Understanding Dementia' agus 'Understanding Challenging Behaviours in Dementia'.

Ghlac foireann DSIDC páirt sna rudaí seo a leanas: Líonra Aosaithe go, Maith, Líonra Ionad Forbartha Seirbhísí Néaltraithe (DSDC), Grúpa Comhairleach HIQA ar Néaltrú agus Caighdeán i Suíomhanna Cúraim Cónaitheach, Fo-choiste Néaltraithe Náisiúnta HSE Grúpa, Grúpa Comhpháirtíochta Mhala, Grúpa Iompair Dúshlánaigh Thithe Príobháideacha Altranais Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Grúpa Mara Thuaidh, Bord Comhairleach Ionaid Néaltraithe Thuaisceart Éireann, Grúpa Sainspéise na nOibríthe Sóisialta ar Aosú, Cuibhreannas na Tríonóide ar Aosú, Grúpa Oibre ar

Shainchúram Maolaitheach do na daoine a bhfuil néaltrú orthu.

Labhair foireann DSIDC ag na himeachtaí seo a leanas:

- 1ú Comhdháil Idirnáisiúnta, Ollscoil Stirling, Albain, Aibreán, 2007
- Seoladh Ionaid Seirbhísí Néaltraithe Thuaisceart Éireann, Óstán Stormont, Bealtaine, 2007
- 17ú Comhdháil Eorpach Alzheimer, An Phortaingéal, Bealtaine, 2007
- Néaltrú agus Teicneolaíocht, Ollscoil Northumbria, Newcastle on Tyne, Deireadh Fómhair, 2007

Taighde agus Foilseacháin

Cheadaigh Atlantic Philanthropies deontas de €1.2m le taighde sóisialta ar néaltrú a thacú. Éascóidh sé seo, chomh maith le hacmhainní breise ó Chumann Alzheimer na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide, maoiniú do 5 mhac léinn PhD agus Comhalta Taighde i gColáiste na Tríonóide.

Coiste Stiúrtha

Tar éis blianta fada seirbhíse, d'éirigh an tOllamh Brian Lawlor agus an tOllamh Des O'Neill as an gCoiste Stiúrtha. I measc na mball a chuaigh ar an gcoiste leis an Ollamh Bernard Walsh agus an tOllamh Davis Coakley bhí an tOllamh Rose Anne Kenny a ghlac áit an Chathaoirligh, An Dr. Robert Coen, An Dr. Elaine Green, An tOllamh Robbie Gilligan agus an Dr. Greg Swanwick.



An Dr. Colm Bergin
Stiúrthóir Cliniciúil

Margaret Codd Uasal
Bainisteoir Altra

Sharon Morrow Uasal
Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Clúdaíonn Stiúrthóireacht SaMS naoi speisialtachtaí lena n-áirítear Inchríneolaíocht, Gíneolaíocht, ENT, Oftailmeolaíocht, Deirmeolaíocht, Réamaiteolaíocht, Néareolaíocht, Néarfhisceolaíocht Chliniciúil agus an Roinn Míochaine Úraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta (GUIDe). Tá an Seomra Scaoilte agus trí bharda d'othair chónaitheacha, Naomh Eoin, Victor Synge agus Ospidéal 5 Aonad 3, agus ionaid lae siúlacha ag an gClinic GUIDe, an tIonad Cúraim Sláinte, an tIonad Lae Diaibéiteach agus an tIonad Lae Réamaiteolaíochta san áireamh freisin.

Eochairfhorbairtí in 2007

- Sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal, TD, an tseirbhís Mháinliachta Mhicreagrafach Mohs go hoifigiúil, soláthraithe ag an Dr. Patrick Ormond
- Thosaigh an tseirbhís néareolaíochta an chéad shainchlinic iompraíochta sa tír a shainfheidhmíonn i neamhoird iompraíochta cognaíoch i ndaoine fásta, néaltrú agus titimeas san áireamh
- Bhain an fhoireann ildisciplíneach réamaiteolaíochta an Duais santaithe Bernard Connor don tionscadal RAISE (Oideachas agus Tacaíocht Eolach Airtritis Réamatóidigh)

- Lean an Roinn Réamaiteolaíochta go rathúil lena clár OPD NTPF agus bíonn tionchar dearfach leanúnach aige ar amanna feithimh


Forbairtí Foirne

- D'éirigh an tOllamh Cassidy, Oftailmeolaí Comhairleach, as in 2007 tar éis blianta fada seirbhísí dearsna agus tiomanta
- Ceapadh an Dr A. Irvine mar Ollamh Deirmeolaíochta in 2007
- Ceapadh Sharon Morrow mar Bhainisteoir Gnó i Meitheamh
- Ceapadh an tUasal Damien Kavanagh mar Comhordaitheoir Oibríochta don Stiúrthóireacht mar gheall ar athstruchtúr na seirbhíse riaracháin
- D'éirigh Audrey Donnelly Uasal as mar Leas-Bhainisteoir Gnó tar éis 25 bliain seirbhíse don eagraíocht

Seirbhísí Othar Seachtrach

D'ardaigh an ráta iomlán freastail do sheirbhísí Othar Seachtrach stiúrthóireachta SaMS arís le linn 2007. Thug an Stiúrthóireacht tionscnaimh isteach mar chuidiú i mbinistiú cóimheas idir othair nua agus othair athfhillte.

SaMS Directorate Outpatient Activity 2005 - 2007



Seirbhísí Barda Lae

Cuireann Stiúrthóireacht SaMS seirbhísí barda lae (liachta agus máinliachta) ar fáil thar ocht speisialtacht.

Is iad seo a leanas an freastal in aghaidh na roinne:

Cásanna Lae	Iomlán 2005	Iomlán 2006	Iomlán 2007
Deirmeolaíocht	4,082	4,654	4,937
Inchríneolaíocht	10,898	13,185	12,996
C.S.S	192	258	270
GUIDe	3,111	3,311	3,776
Gínéiceolaíocht	194	378	393
Néareolaíocht	106	38	146
Néarfiseolaíocht	916	1,115	1,176
Réamaiteolaíocht	3,090	5,003	5,408
Iomlán	22,589	27,942	29,102

An Seomra Scaoilte

Tá sé mar chuspóir ag an Seomra Scaoilte amanna feithimh a laghdú d'othair a bhfuil leapa othair chónaithe de dhíth orthu trí áit chompordach a sholáthar d'othair a bhí scaoilte an lá sin. Is táscaire tábhachtach é don Stiúrthóireacht agus don eagraíocht éifeachtach an tSeomra Scaoilte. Freastalaíodh ar 43% de scaoilidh othar sa Seomra Scaoilte in 2007.

SCAOILTE MÍOSÚLA TRÍD AN tSEOMRA SCAOILTE								
	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
EAN		175	202	259	273	338	445	404
FEA		275	267	306	320	333	440	438
MAR		261	316	279	385	296	488	506
AIB		203	317	362	400	332	421	343
BEA		246	312	310	363	322	468	298
MEI		255	328	259	410	327	444	319
IUIL		333	363	369	439	355	490	463
LUN		352	369	286	408	378	479	457
MF		310	337	339	385	490	483	442
DF	16	359	351	386	377	425	467	442
SAM	126	303	335	267	418	480	521	390
NOL	136	232	250	257	401	453	301	336
IOMLÁN	278	3304	3747	3679	4579	4529	5447	4838
Iomlán Cornach	278	3582	7329	11008	15587	20116	25563	30401

Deirmeolaíocht

Sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal, TD, an tseirbhís Mháinliachta Mhicreagrafach Mohs (MMS) go hoifigiúil, atá suite san Ionad Cúraim Sláinte, bunaithe ag an Dr. Patrick Ormond. Bhí obráidí MMS ag 114 othar le linn 2007, agus dá bhrí sin ní raibh ar na hothair seo taisteal chuig an RA faoi choinne chóireála.

Ceapadh an Dr. A. Irvine mar Ollamh Deirmeolaíochta in 2007. Lean foireann EB, faoi cheannas an Dr. R Watson, ar aghaidh le cúram tiomanta aonair a sholáthar d'othair fhásta a raibh Epidermolysis Bullosa orthu.

Inchríneolaíocht


Tá fairsingíú leanúnach ar an tseirbhís dhiaibéitigh a sholáthraíonn sainchúram do líon méadaitheach othar i réimsí mar theiripe chaidéil insline agus scagadh reitineach. Bhí aistriú de sheirbhísí fleibeatóime chuig roinn othar seachtrach an phríomhospidéil mar thoradh ar chur i bhfeidhm de mhodh feabhsúcháin phróisis 6 Sigma.

Leanann an Dr. Marie Louise Healy, i gcomhar leis na Seirbhísí Máinliachta ENT, ar aghaidh le seirbhís chuimsitheach oinceolaíochta tíoróidigh a sholáthar. Soláthraíonn an tseirbhís seo do 70% go neasach d'othair ata diagnóisithe le hailse thíoróidigh i bPoblacht na hÉireann.

Cluas, Srón agus Scornach (C.S.S.)

Léiríonn na figiúirí is déanaí go gcuireann Ospidéal Naomh Séamas cóireáil ar 47% go neasach d'ualach oibre náisiúnta Ailse Chinn agus Mhuiníl. In 2007, d'fhairsingigh an chuid altranaís den tseirbhís le ceapachán de phost Speisialtóra Altra Cliniciúil idir Ospidéal Naomh Séamas agus Súil is Cluas Victoria Ríogas.

Gníomhaíocht Ailse Chinn agus Mhuiníl 2001 - 2007



Lean an Clár Sábháilteachta Traicéatóime ar aghaidh le linn 2007. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís béim a leagan ar na ceisteanna bainistithe riosca a bhaineann le cúram traicéatóime agus iad a dhíbirt. Tá laethanta staidéir traicéatóime ráithiúla i gceist ar a bhfreastalaíonn an t-ospidéal agus soláthraíóirí cúraim sláinte ón taobh amuigh.

GUIDe

Bíonn seirbhísí ag an Roinn Mhíochaine Uraignitiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta (GUIDe) a chlúdaíonn galair ghnéas-tarchurtha, ionfhabhtú HIV, cúram ginearálta galair ionfhabhtaigh agus seirbhís chomhairleach d'othair chónaitheacha ar fud an Ospidéil.

Bhí rath leis an bhforbairt de chlinicí comhairleacha seachtainiúla GU/HIV i bpríosúin Chnoc na Seamar agus Pháirc na Cruithneachta seachadta ag comhairligh agus faoi stiúir an Dr. Fiona Lyons agus léirigh coigilteas suntasach costais le linn 2007. In 2007 chríochnaigh go rathúil beirt bhall den fhoireann altranaís an chéad chlár Oidís Altra Náisiúnta, agus ceapadh Speisialtóir Altra Cliniciúil in altranas HIV/Heipiteolaíochta.

Bhí treoirchlár rathúil Teiripe Frith-fhabhtach Paireintrealach Othar Seachtrach nó Baile (OHPAT) ag an Roinn in 2006, agus lean an clár seo ar aghaidh in 2007 faoin tionscnamh Hospital In The Home. Lean an tOllamh Fiona Mulcahy agus an Dr. Colm Bergin ar aghaidh mar Stiúrthóirí Speisialtachta Náisiúnta, RCPI dá speisialtachtaí áirithe; Míochaine Úraignitiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta.

Gníomhaíocht Othar Seachtrach GUIDe 2007

Cuir Síos	Nua	Filleadh	Iomlán
Tinrimh Seirbhíse VEID	143	3,925	4,068
Tinrimh Seirbhíse IGT	6,907	3,750	10,657
Tinrimh Othair Seachtrach um ghalair ionfhabhtaíoch	76	501	577
Tinrimh Seirbhíse Daoine óga	236	316	552
Tinrimh Othair Seachtrach VEID-Hep C	22	997	1,019
Tinrimh Nua Líonadh	24	59	83
Tinrimh Bharda Lae	356	1,343	1,699
Tinrimh Clinicí Altraí/Torthaí		3,216	3,216
Tinrimh Vacsaíniú	505	1,536	2,041
Tinrimh seirbhíse fleibeatóime	373	498	871
Gníomhaíocht Iomlán Othair Seachtrach	8,642	16,217	24,859

Gynaecology

Cuireann an tSeirbhís Gíneolaíochta Oinceolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas seirbhís áitiúil, réigiúnach agus for-réigiúnach ar fáil d'othair a bhfuil ailse ghíneolaíoch orthu. Soláthraíonn an tSeirbhís Ghíneolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas cúram d'othair a bhfuil réimse

leathan d'fhadhbanna acu, mar shampla, riochtaí ginearálta gíneolaíochta, oinceolaíochta, neamhchoinneálacht lamhnáin agus inchríneolaíocht ghíneolaíochta (éadoircheasacht agus sos míostraithe).

In 2007, bhí 408 othar atreoraithe faoi choinne athbhreithnithe ag an gcrúinniú seachtainiúil Ildisciplíneach Oinceolaíochta Gíneolaíochta. Daingníodh seirbhísí gíneolaíochta trí aistriú na n-oifigí comhairligh agus altranaís chuig an roinn othar seachtrach sa phríomhospidéal.

Néarfiseolaíocht Chliniciúil

Is cuid de Sheirbhís Néarfiseolaíochta Cliniciúil Bhaile Átha Cliath Theas í an Roinn Néarfiseolaíochta Cliniciúil, a thairgeann réimse de sheirbhísí scrúduithe agus diagnóiseacha, ina measc Staidéir ar Sheoladh Néaróg (NCS), Leictreimíografaíocht (EMG), Tástáil Chainníoch Chéadfach (QST), Leictreinceifileagrafaíocht (EEG) agus Ionchas ó Spreagadh Sómatachéadfach (SSEPs), Freagraí i Stoc na hInchinne ó Spreagadh Éisteachta (BAERs) agus Freagraí ó Spreagadh Radharcach (VERs).

Néareolaíocht

Leanann an Roinn Néareolaíochta le fochlinicí speisialtacha a sholáthar i dTitimeas agus i néareolaíocht lompraíochta Cognaíoch. Léirigh iniúchadh ar iontrálacha chuig an roinn éigeandála a bhaineann le taom gurb é an grúpa othar seo 8% de na hiontralacha liachta go léir. Léirigh sé freisin gurbh fhéidir 1/3 d'othair a scaoileadh ón Roinn Éigeandála (ED) le comhairle speisialtóra neamhleor agus leanúntas luath. Bhí forbairt de sheirbhís atreoruithe luath mar thoradh air seo le scaoileadh sábháilte othar a éascú ón ED agus ó na bardaí le leanúntas luath OPD.

Thosaigh an tseirbhís néareolaíochta an chéad sainchlinic iompraíochta sa tír, ag sainfheidhmiú ar neamhoird iompraíochta cognaíocha i ndaoine fásta, néaltrú agus titimeas san áireamh. Leanann an Roinn Néareolaíochta lena taighde leanúnach ar Scléaróis Iolrach, galar cnáimh agus imdhíon-modhnóirí. Lean an Clár Altranaís Néareolaíochta de chuid na seirbhísí néareolaíochta ar aghaidh le linn 2007.

Oftailmeolaíocht

Leanann fás ar an gclár Chlinic Scagadh Reitine do Dhiabéitigh, a tugadh isteach in 2005, ar aghaidh agus iomlán de 957 othar ag freastal ar an tseirbhís in 2007. Éascaíonn an cur chuige comhoibritheach seo ar chúram othar ag an tseirbhís Inchríneolaíochta agus Oftailmeolaíochta do bhrath luath de ghalar súile diaibéiteach, agus é mar chuid mhór den obair a dhéanann an tseirbhís oftailmeolaíochta. Freastalaíonn gach othar diaibéiteach faoi choinne scagtha go bliantúil.

Leirigh iniúchadh ar na mallaibh (Bealtaine - Lúnasa 2007) gur rinneadh measúnú ar 79.3% d'othair dhiaibéiteacha sa bhliain roimhe sin.

Réamaiteolaíocht

Baineann an tseirbhís Réamaiteolaíochta le; sainseirbhís airtritis bunaithe ar an othar seachtrach, seirbhís treasach fhíochain tacaíochta atreoraithe i gcomhoibriú le hImdhíoneolaíocht agus Deirmeolaíocht, seirbhís insteallta/measúnaithe san Ionad Lae Réamaiteolaíochta, seirbhís laethúil comhairliúcháin d'othair chónaitheach, sain-sheirbhís fhisiteiripe/theiripe shaothair, sainchlár teagasc seachadta ag comhairligh i réamaiteolaíocht, clár tiomnaithe taighde, rannpháirtíocht mhór don ghéaruainchlár míochaine ar glao-dhualgais don Roinn Éigeandála.

D'éascaigh acmhainní breise ón gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) in 2007 oibriúchán d'fhoireann 3 chomhairleach a bhí rathúil maidir le hamanna feithimh clinic a laghdú ó >18 mí go <5 mhí, agus mar thoradh air sin >1000 nua- agus >3500 measúnú othar athfhillte.

D'fhreastail 5,500 othar go neasach ar na Clinicí Ionad Lae Réamaiteolaíochta. Lean an Dr. Cunnane ar aghaidh ina ról mar Stiúrthóir Speisialtacha Náisiúnta d'oiliúint réamaiteolaíochta in Éirinn agus mhaoirsigh sí cruthú de shuíomh gréasáin do mhúineadh na scrúduithe matánchnamharlaigh, an chéad cheann den chineál sin sa tír (www.managingarthritis.ie). Bhain an fhoireann ildisciplíneach réamaiteolaíochta an Duais santaithe Bernard Connor don tionscadal RAISE (Oideachas agus Tacaíocht Eolach Airtritis Réamatóidigh).



Ag an oscailt fhoirmiúil den áis mháinliachta mhicreagrafach Mohs ag OSS bhí, (l-r): an líne chúil: Nancy Zyed, Eileen Jones, Orliath Ashe, Anne Maher. an líne thosaigh: Sarah Gore, Patrick Ormond, Liz Jenkins, Mary Harney, TD, Aire Sláinte agus Leanaí; Deirdre Kennedy, Mai McManus and Joan Colleran.



An Dr. P.W.N. Keeling
Stiúrthóir Cliniciúil

Catherine Carey Uasal
Bainisteoir Altra

An tUasal Kevin Burke
Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Is iad na réimsí seo a leanas a thagann faoin Stiúrthóireacht GEMS, liacht agus máinliacht Ghastraistéigeach, Liacht Ghinearálta lena n-áirítear Heipiteolaíocht, Liacht Duánach, Úireolaíocht agus Máinliacht Ghinearálta.

Forbairtí in 2007

- Cuireadh Eintreascópacht Bhalúin Dhúbailte (DBE), modh ionscópach nua, ar fáil in Éirinn den chéad uair, san Aonad Ionscópachta tar éis ceapacháin an Dr. Nasir Mahmud, Léachtóir Sinsearach i Míochaine Cliniciúil agus Gaistrentreolaí
- Mhéadaigh gníomhaíocht réamh-sceagdhailithe le 72% ó bhí 2006 ann
- Bhunaigh Bainisteoir Altra Cliniciúil, Nuala Doyle, cosán cúraim comtháite do sceagdhéalú duánach in othair agus d'othair réamh-sceagtha agus trasphlandaithe duánach
- Ceapadh an Dr. Dermot O'Toole mar Ghaistrentreolaí Comhairleach in Naomh Séamas agus mar Léachtóir Sinsearach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Seirbhísí Cíche


Idir 1997 agus 2004 bhí méadú de bhreis is 300% ar ghníomhaíocht an Chlinic Cíche in Ospidéal Naomh Séamas. Bunaíodh an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP) agus bhí cinneadh ann go mbeadh Aonad Cíche Ospidéal Naomh Séamas mar cheann de ocht Seirbhísí Cíche Siomtómacha ainmnithe in Éirinn. Mar gheall air seo bhí méadú sa dobharcheartar agus atreoruithe. In 2007, targóidh coinne taobh istigh de dhá sheachtain do 96.8% d’othair a atreoraíodh go práinneach. Tairgeann an clinic Cíche Measúnaithe Triarach Rochtana Tapa chomh maith le, Raideolaíocht (Mamagram/ Ultrafhuaim), Cíteolaíocht (Bithóipse Mínsnáthaide) agus diagnóis agus comhairle in aon chuairt amháin. Tá se mar aidhm ag an gclinic seo diagnóis chinnte a aimsiú, más féidir ag an gcéad chomhairle.

In 2007, fuair 97% d’othair nua a ndiagnóis sa chéad chuairt. Tá an tseirbhís seachadta ag comhairligh agus triúr máinlianna ginearálta ag freastal ar an gclinic ar bhonn rothlach. Tá seisiún mamagrafaíochta tiomanta ar fáil don chlinic, agus clinic, and ultrafhuaim chíce nuair is gá. Soláthraíonn Raideolaí Comhairleach tuarascáil fhoirmiúil ar an toirt ar gach íomháu. Déantar asú mínsnáthaide do chíteolaíocht (FNAC) ina dhiaidh sin agus tugann an Cíteaphaiteolaí Comhairle tuarascáil air ar an toirt.


Tar éis measúnaithe triarach, déanann an Mainliacht Comhairleach athbhreithniú ar othair agus a gcuid torthaí agus faigheann siad comhairle chuí ón Speisialtóir Altra Cliniciúil. Tá béim ar chúram ildisciplíneach comhoibríteach san aonad agus cinntíonn cruinnithe seachtainiúla foirne go léiríonn gach cinneadh cóireála treoirínte dea-chleachtais bunaithe ar phrótacail. Tá na táisc do chaomhnú cíche, teiripí aidiúvacha agus athdhéanamh san áireamh. Déantar bailiú sonraí ‘Réad-ama’ ag an gclinic agus glactar agus iniúchtar gach gné de chúram, ina measc tráthúlacht agus cruinneas den bhrath.

Tá 3 mháinlia, Oinceolaí Liachta (le suim ar leith in ailse chíce), Oinceolaí Radaíochta, 2 Cíteapaiteolaí, 3 Raideolaí, 2 Mháinlia Plaisteach, Comhordaitheoir Altra Cúraim Cíche, Altra Cúraim Cíche, Bainisteoir Sonraí Cíche agus radagrafaí tiomanta cíche.

Gníomhaíocht Chúraim Cíche




Líon na nAilsi Brollaigh Cóireáilte



An tIonad Iontrála Géarmhíochaine (AMAU)

Tá sé mar aidhm ag an Aonad Iontrála Géarmhíochaine (AMAU) freastal do phróiseas iontrála éifeachtach ardchaighdeán trí bhaill foirne agus acmhainní teicneolaíochta a lonnú go tréan ag an bpointe ina dtagtar isteach le haghaidh cúram clinice. Soirbhíonn an fáthmheas luath maille le himscrúdú agus cóireáil tráthúil le scaoileadh othar amach go luath, rud a fhreastalaíonn chomh maith agus is féidir do leapacha géarchúraim a bheith ar fáil san Ospidéal. 59 leaba atá san AMAU atá suite i ngar don Roinn Éigeandála agus do Roinn an Íomháithe Diagnóise. Lean an tAonad ag glacadh isteach othair leighis éigeandála 24 uair a chloig an lae, seacht lá na seachtaine agus ag oibriú an chórais ‘Comhairleach an lae’ trína nglacann an dochtúir comhairleach ginearálta atá ar glao-dhualgas freagracht maidir leis na hothair san aonad ar feadh tréimhse 24 uair a chloig agus an bainisteoir altrachta sinsearach freagrach as gnáthobair an Aonaid. Tá uainchlár duine in aghaidh an naonúir do dhochtúirí comhairleacha i bhfeidhm ag an Aonad agus foirne á roinnt i measc na ndochtúirí comhairleacha. Tá Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta a dhéanann maoirseacht maidir leis an Aonad, gach aon duine acu ina dhochtúir ginearálta comhairleach.

AMAU: % Iomlán Scaoilidh laistigh de 5 lá do Leighis Neamh roghnach 2006 - 2007



Úireolaíocht

Bunaíodh clinic bithóipse stad amháin TRUS. Éascaíonn an clinic measúnú ar na hothair, ar atreorú ón DG, agus bithóipse a fháil ar an la céanna. Iarrtar ar an othar ansin teacht ar ais i gceann coicíse le haghaidh torthaí.

Bhí forbairtí suntasacha ar an gclinic Haemaiteolaíochta stad amháin freisin. Téann na hothair seo, ar atreorú ón DG, chuig an Speisialtóir Altra Cliniciúil a dhéanann measúnú orthu; bíonn úranailís acu ansin agus x-ghathanna cuí agus cisteascópacht solúbtha ina dhiaidh sin. Bíonn a ndiagnóis ag na hothair an mhaidin chéanna.

An tIonad Heipiteolaíochta

Soláthraíonn an tIonad Heipiteolaíochta seirbhís chuimsitheach d'othair a bhfuil galair ae agus gaistreintreolaíoch orthu.

Leanann rath na gclinicí CNS do ghéar-HCV and HBV ar aghaidh, rud a chiallaíonn gurb é seo an t-ionad cóireála is mó in Éirinn do heipititis víreasach. Tá géilliúntas cóireála agus torthaí othar ar dóigh go fóill. Leanann an fhoireann altranais ar aghaidh le forbairt de na Clinicí Cóireálacha Treoirithe ag Altratment, agus gníomhaíocht sna clinicí seo ag fás i gcónaí. Tá tionscnaimh oideachais agus cur chun cinn sláinte go fóill mar fhócas don fhoireann, agus iad ag imeascadh na seirbhísí andúile agus na ngrúpaí áitiúla pobail.

Glacann an t-aonad páirt i dtaighde bunúsach eolaíochta, go háirithe sna réimsí de ghéar-HCV, géar-HBV agus haemacromatóis. Tar éis iniúchta ar na cosáin cóireála ngéar HCV, tá seachadadh cóireála anois ann atá láraithe ar othair agus torthaí níos fearr. Cuireadh tús le post comhairleach altranais leis an Aonad Ae in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann in 2007 mar gheall ar an líon méadaitheach d'othair a bhí atreoraithe faoi choinne trasphlandaithe ae de thairbhe carcanóma heipteacheallach nó galar ae díchúitithe a bheith orthu.

An tSeirbhís Ionscópachta

Bhí dhá cheapachán nua san aonad ionscópachta; Ceapadh an Dr. Dermot O'Toole mar Ghaistreintreolaí Comhairleach in Naomh Séamas agus mar Léachtóir Sinsearach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ceapadh an Dr. Nasir Mahmud freisin mar Ghaistreintreolaí Comhairleach in Naomh Séamas agus mar Léachtóir Sinsearach i Míocháine Chliniciúil i gColáiste na Tríonóide.

Ionscópacht Bhalúin Dhúbailte - Íomháu ar an bputóg bheag iomlán

Cuireadh Eintreascópacht Bhalúin Dhúbailte (DBE), ar fáil in Éirinn den chéad uair in Ospidéal Naomh Séamas in 2007.

Is teicnócht nua Ionscópachta í seo a éascaíonn cliniceoir oilte go speisialta an phutóg bheag a scrúdú go hiomlán ón mbealach beil nó reicteach. Is cloch mhíle é an modh mionionrach DBE sa diagnóis agus bainistiú teiripeachde ghalar na putóige bige gan an riachtanas do ghnáthamh oscailte máinliachta. Níl an teicnócht nua seo ar fáil faoi láthair ach amháin ag Ospidéal Naomh Séamas, Baile Átha Cliath, faoi cheannas cliniciúil an Dr. Nasir Mahmud, Léachtóir Sinsearach i Míocháine Chliniciúil agus Gaistreintreolaí Comhairleach.

Ultrafhuaim Ionscópach (EUS)

Comhcheanglaíonn Ultrafhuaim Ionscópach dhá mhódúlachtaí: amharcléiriú ionscópach agus ultrafhuaim ardmhínicíochta. Tá an cumas le balla na conaire GI a shamhlú mar shraith d'ionair soaitheanta a fhreagraíonn do histeolaíocht, in áit aonain aonair, mar bhun do na cuid is mó de na tásca de EUS. Tá EUS i bhfeidhm faoi láthair ar an Luan agus ar an Déardaoin i seomra áirithe san Aonad Ionscópach ina bhfuil áiseanna den scoth. Tá an Dr. Dermot O'Toole ina speisialtóir in úsáid EUS.

Rinneadh an líon seo a leanas de ghnáthaimh ionscópachta san aonad;

Gnáthamh	Líon
Ionscópacht ar an drólann	4251
Cisteascópacht	860
ERCP	601
Ileoscopy	37
Ionscópacht ar an siogmóideach	360
Broncascópacht	942
GI Uachtarach	5683
Iomlán	12734

Aonad Feidhme Gaistraistéigeach (GIFU)

Le linn 2007 thug an GIFU seirbhís tástála anála hidrigine arís ar bhonn trialach. Rinneadh 124 iniúchadh in 2007. Tá an tseirbhís ar fáil do chomhairligh an ospidéil. Tá tástálacha anála hidrigine simplí agus sábháilte (neamh-radaighníomhach) mar mhalairtí do straitéisí iniúchta níos ionraí do go leor riochtaí gaistraistéigeacha. Tá tástálacha glúcóis, lactulose, fruchtóis, siúcrosis agus lachtóis ar fáil. Lean éileamh do ghluaisteacht éasafagach agus staidéir mhonatóireachta pH 24 uair ar aghaidh ag leibhéal roimhe in 2007.



Rinneadh iniúchadh ar 1538 othar le linn 2007, 32% acu mar atreoruithe ón taobh amuigh.

Maidir le hatreoruithe istigh, tháinig 12% ón tseirbhís riospráide agus 8% ó ENT. Tháinig 80% den ualach oibre ó othar a bhfuil galar aife Gaistrai-éasafagach (GORD) orthu. Is gnáthiniúchadh anois é tastáil aife Laraingeafaraingeach (LPR). Tá fairsingiú ar thástáil anasach-reicteach le ceapachán de mháinlia comhairleach breise.

An tSeirbhís Chalaireicteach

Lean an tseirbhís Chalaireicteach ar aghaidh le cur i bhfeidhm de chur chuige foirne maidir le bainistiú d'othair calaireicteacha, agus foireann sóisearach á roinnt ag an Uasal Stephens agus an tUasal Mehigan, chomh maith le comhchuariteanna barda agus comhchomhairle ar chuid mhór gnéithe de chúram othar.

Seirbhísí Duánacha

Mhéadaigh Gníomhaíocht Scagdhealaithe go mór ó 2006, agus méadú de 72% i ngníomhaíocht réamh-sceaghdhalaithe agus méadú freisin in obair thrasphlandaithe duánach ar othair.

D'fhreastail Altra Foirne Sally Casey agus Tracey Beirne ar Shiompóisiam Duánach na Breataine in Birmingham. D'fhreastail Bainisteoir Altra Cliniciúil Nuala Doyle ar chomhdháil Chumann Sceagdhealaithe/Trasphlandaithe Neifreolaíochta na hEorpa in Flórans i Meán Fómhair. D'fhreastail Nuala Doyle agus Marie Owens ar chomhdháil dhá lá in Ospidéal Hammersmith, Londain ar Chúram Maolaitheach Duánach. Bhí foireann altranais ina n-ionadaithe d'Ospidéal Naomh Séamas ag cruinniú Chumann Altraí Neifreolaíochta na hÉireann i mBaile Átha Cliath freisin.

Bhunaigh Nuala Doyle, Bainisteoir Altra Cliniciúil, cosán cúraim do sceagdhealú duánach in othair agus freisin d'othair réamh-sceagdhealaithe agus trasphlandaithe duánach.

Éigeandáil



Una Geary Uasal

Stiúrthóir Cliniciúil

Noelle Wallace Uasal

Bainisteoir Gnó

Caitriona McHale Uasal

Bainisteoir Altra

Réamhrá

Tá an Stiúrthóireacht Éigeandála comhdhéanta den Rannóg Éigeandála (ED) an Barda Éigeandála agus an tAonad Measúnaithe Pian Cliabhraigh (CPAU). Is é misean an ED ná sárchúram a sholáthar d'othair a dtagann tinneas orthu go tobann taobh istigh de na hacmhainní atá ar fáil, trí éifeachtacht agus éifeachtúlacht de gach gné den tseirbhís a uasmhéadú. Tá cúram othar díreach, seirbhísí tacaíochta, feidhm riaracháin, agus gníomhaíochtaí acadúla agus oiliúna san áireamh.

Forbairtí in 2007

- Úsáid mhéadaithe d'aerú neamh-ionrach
- Trombólóis d'othair stróc trí comhoibriú dlúth leis an Dr. Joe Harbison agus an Dr. Colin Doherty
- Tabhairt isteach de rochtain díreach d'othair ED ar an tseirbhís Títime agus Sioncóipise
- Leathnaíodh oiliúint Ard-Speisialtachta do thriúr Cláraitheoirí Speisialtachta (SpRs)
- Ghlac an Stiúrthóireacht páirt ghníomhach i ngach tionscnamh feabhsúcháin cáilíochta, Creidiúnú agus Iniúchtaí Náisiúnta Sláinteachais san áireamh

Éachtaí

In Aibreán 2007, bhronn Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, an Comhairleoir Vincent Jackson, Dámhachtain an Ard-Mhéara ar an Uasal Patrick Plunkett, Comhairleach i Míochaine Éigeandála.

Gníomhaíocht Seirbhíse


Méid agus Géire

D'fhreastail iomlán de 48,038 othar ar an Roinn Éigeandála in 2007. Léiríonn sé seo méadú de 5% ar 2006. Bhí méadú leanúnach ar gníomhaíocht othar nua, agus laghdú breise in othair athbhreithnithe, de réir na spriocanna a bhí ann. Ní fiú othair athbhreithnithe ach 4% de ghníomhaíocht san ED.

Cosúil le blianta roimhe, bhí líon na ndaoine a d'fhreastail don chéad uair agus a fuair leapacha mar chásanna éigeandála via an ED seasmhach ag 28%, comhartha ionaid de dhaonra atá an-tinn. Is féidir é seo a mhíniú go páirteach le dáileadh aoise na n-othar, agus iad siúd níos sine ná 75 mar 25% iomlán d'iontrálacha via an roinn éigeandála.

Cé go bhfuil líon na ndaoine ar a bhfuil na tinnis is measa agus na gortuithe is lú orthu measartha seasmhach, bhí luaschtaí suntasacha maidir le tinneas agus gortú measartha. Bhí tréimhsí nuair a bhí an roinn faoi an-bhrú mar gheall ar líon na n-othar ann agus an méid oibre de dhíth le líon na n-othar seo a chobhsú. Uaireanta, bhí méadú in amanna feithimh faoi choinne leapacha mar gheall air seo, go háirithe sa cheathrú deireanach den mbliain.


Comhdhéanamh Ama Feithimh ED




Iontrálacha agus Profíl Aoise

Iontrálacha Ón RÉ	Iontrálacha iomlána Go ONS	% den Iontráil Ón RÉ	<65yrs	65 -74yrs	75 +
12698	24000	53%	7856	1711	3141


Catagóirí Triáis



Tinrimh 2007



Meánlíon na nOthar ag Fanacht ar 8rn An Roinn Éigeandála



Dochtúirí Ospidéal Neamh-Chomhairleach (NCHDs)

Le linn 2007, d'éascaigh tuilleadh athdháilte de phoist liachta sinsearach mhéadaithe thar na 24 uair an chloig, ach go háirithe in amanna d'ardualach réamh-mheasta othar. Mar gheall air seo bhí feabhsúcháin san am glactha ó iontráil go bualadh le dochtúir D'éascaigh sé freisin úsáid an spáis mhéadaithe taobh istigh den roinn leathnaithe.

Thaispeáin na cláraitheoirí Speisialtachta roinnt póstaer ag comhdhálacha idirnáisiúnta, agus bronnadh duais ar an Dr. Gabby O'Connor mar gheall ar a cur i láthair don chruinniú bliantúil de Chumann Míochaine Éigeandála na hÉireann.

Aonad Pian Cliabhraigh

Leanann an sainaonad ar aghaidh le cur chuige sábháilte agus uaséifeachtach a sholáthar d'othair meánriosca agus riosca íseal. Agus cúram othar á thiomaint ag Próiseas Cosáin Criticiúil, fanann meánfhad cónaithe íseal, ag 1.36 lá. Mar a bhí roimhe, theipeann ar suas le duine i ngach 6 othair sa phrótacal, as a dtagann angagafaíocht phráinneach, agus mórán acu a bhfuil idirghabháil thréachraicneach de dhíth orthu. Is é an comhoibriú dlúth leis an Roinn Cairdeolaíochta atá mar chúis den samhail CPAU a bheith uathúil.

Cairdeolaíocht Éigeandála

Is é ról an Ardchleachtóra Altra (ANP) ná a bheith ag comhoibriú leis an bhFoireann Éigeandála i sainaitheint agus bainistiú d'othair ar a bhfuil siomtóim de ghéarshiondróm corónach (ACS) agus le sainbhainistíocht, idirghabháil, tacaíocht, agus leanúntas a sholáthar d'othair a theann isteach san Aonad Measúnaithe Pian Cliabhraigh.

Áiríonn an limistéar leathnaithe cleachtas den ANP measúnú agus bainistiú cuimsitheach d'othair a bhfuil ACS orthu. Is é an ranníocaíocht ghinearálta a thairgeann an ról seo ná bainistiú na n-othar a théann chuig an Roinn Éigeandála ar a bhfuil siomtóim de ghéarshiondróm corónach orthu a fheabhsú trí:

- Sainaitheint agus bainistiú luath d'iscéime mhiachairdiúil (doras go teiripe reperfusion)
- Iontráil d'othair riosca meánach/íseal chuig an CPAU

Tinrimh Ardchleachtóra Altra 2007

Mí	Tinrimh AÉ	Tinrimh ANP	% Tinreamh Iomlán
Ean	3917	569	15%
Fea	3705	518	14%
Mar	3848	530	14%
Aib	3933	550	14%
Bea	4080	573	14%
Mei	3839	502	13%
Iuí	4191	550	13%
Lun	4262	540	13%

MF	3961	520	13%
DF	4164	556	13%
Sam	3984	567	14%
Nol	4154	509	12%
Iomlán	48038	6484	13%

Bainistíocht Sonraí

Déanann an Fhoireann Bhainistithe Sonraí Éigeandála iniúchtaí agus measúnú rialta de shonraí. Soláthraítear na sonraí seo don Chlár Táscaire Feidhmíochta, do staitisticí seachtainiúil HSE agus do thuaraiscú ad hoc. Baintear úsáid as na figiúirí seo i bpleanáil agus i réamh-mheasúnú riachtanas seirbhíse na Stiúrthóireachta.

Eochairfhorbairtí in Oiliúint

- Lelinn 2007 tugadh clár Oiliúna Athnuachana Athbheochana d'Altraí isteach. Chríochnaigh 12 altra an clár go rathúil i mbliana
- Chríochnaigh 15 ón bhfoireann altranais agus 5 ón bhfoireann liachta an clár Oiliúna Athbheochana Nuabheirthe in Ospidéal an Choim. Cuireann sé sin ar ár gcumas cúram éigeandála a sholáthar don seachadadh neamhchoitianta, ach spreagúil, de leanbh nuabheirthe i dtimpeallacht do dhaoine fásta
- Chríochnaigh seachtar altraí an tArd-Diplóma in Altranais Éigeandála
- Chríochnaigh beirt chúntóirí Cúraim Sláinte an cúrsa FETAC leibhéal 5

Seirbhís Ardchleachtóirí Altranais (ANP)

Leanann an tseirbhís seo ar aghaidh le cúram a sholáthar d'othair a mbeadh orthu fanacht níos faide thairis sin mar gheall ar a ngéire, agus an brú atá ar fhoireann liachta déileáil leis na daoine ar a bhfuil an tinneas is measa i dtús báire. Is féidir linn cur chuige pearsanta ardcháilíochta a chinntiú do na hothair seo, mar gheall ar an bhfócas ar réimse teoranta de thinnis, agus chóir a bheith 20 othar in aghaidh an lae ag dul chuig na ANPanna amháin, agus rochtain díreach acu do chomhairle chomhairleach nuair is gá.

Tráma



Dymphna St. John Coss Uasal
Bainisteoir Altra

Réamhrá

Tá réimse seirbhísí speisialtóirí i gceist le Tráma nach bhfuil socraithe go hiomlán taobh istigh de struchtúr Stiúirthóireachta go fóill. I measc na seirbhísí istigh ann ná;

- Máinliacht Phlaisteach agus Athchruthaitheach
- An tAonad Dó Náisiúnta
- Máinliacht Mhascaille
- An tAonad Ortadóntaice & Scoilte
- Máinliacht Ortaipéideach

Máinliacht Phlaisteach agus Athchruthaitheach

Tá an tAonad Dó Náisiúnta taobh istigh den Roinn um Máinliacht Phlaisteach agus Athchruthaitheach agus tá seisear comhairleach ag obair inti, gach duine acu a bhfuil suim fho-speisialtacht acu. Tá suim speisialtachta ag an Uasal An tUas. Eamon Beausang in athchruthaitheach cinn agus muinte agus ailse chraicinn. Díríonn an Dr. Patricia Eadie ar líon measartha mór d'othair a bhfuil fadhbanna láimhe acu. Tá suim aici freisin i máinliacht chíce. Tá suim ag an Dr. Catriona Lawlor i ndónna, suim ar leith ag an Uasal David O'Donovan in ailse chraicinn, athchruthaitheach cíche agus máinliacht chluaise agus tá suim ar leith ag an Uasal David Orr in othair a bhfuil bearna mhíl agus carball scoilte acu. Is máinlia plaisteach ginearálta é an tUasal Humuyan Khan.

Bainistíonn an fhoireann ildisciplíneach othair a bhfuil réimse leathan d'fhabhanna acu, ina measc ailse chraicinn, gortuithe láimhe, dónna móra agus galair chíche, ón gceanatr áitiúil agus ó áiteanna eile ar fud na tíre. Faigheann atreoruithe ó gach cearn den tír agus tá athshlánú othar comhordaithe ag leibhéal áitiúil.

An tAonad Dó Náisiúnta do Dhaoine Fásta

Tá an tAonad Dó Náisiúnta do Dhaoine Fásta ina bhfuil 14 leaba agus é féin chuimsitheach lonnaithe in Ospidéal Naomh Séamas d'othair atá níos sine ná 14.

Bhí 208 iontrálacha ag an Aonad in 2007. Faigheann othair san aonad cúram ó fhoireann ildisciplíneach a áiríonn Máinlianna Plaisteacha, Altraí Dó, Fisiteiripeoirí, Teiripeoirí Shaothair, Saineolaí Cothúcháin Cliniciúil, Síceolaí agus Micribhitheolaithe. Cuimsíonn cruinniú seachtainiúil na foirne ildisciplíneach clár agus plean cóireála do gach othar. D'fhreastail othair sheachtaracha ar Chlinic Dó démhíosacháin tar éis dóibh a bheith scaoilte ón Ospidéal.

Roinn na Máinliachta Ortaipéidí

Bhí ualach suntasach cásanna tráma i gceist do Roinn na Máinliachta Ortaipéidí arís, chomh maith le cásanna fo-speisialtachta maidir le hobair leasaithe casta ar chromáin faoi chúram Gary Fenelon Uasal, obair chasta ar chosa agus rúitíní faoi chúram David Borton Uasal agus obair chasta ar an ngéag uachtarach agus seirbhís ortaipéideach haemaifiliach faoi chúram Hugh Smyth Uasal.

An tAonad Ortadóntaice Scoilte

Feidhmíonn an tAonad Ortadóntaice Scoilte mar sheirbhís atreorúcháin den tríú céim maidir le bainistiú ortadóntaice i gcás othar a bheirtear agus bearna mhíl, carball scoilte agus iomrall cráinia-éadanacha iontu.

Ortadóntóir Comhairleach lánaimseartha agus Ortadóntóir Speisialtachta lánaimseartha atá ar fhoireann an aonaid. Feidhmíonn samhail mhoil agus spóca de chóireáil agus le comhghleacaithe Ortadóntaice Comhairleacha réigiúnacha a laghdaíonn ualach an chúraim d'othair.

Bíonn clinici rialta ildisciplíneacha scoilte in Ospidéal Naomh Séamas, Ospidéal Ollscoile Leanaí Sráid an Teampaill agus Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Cromhghlinn mar chuid den Ionad Scoilte Bhaile Átha Cliath níos leithne.

Bíonn comhchlinicí ann freisin le comhghleacaithe i mainliacht Mhascaille, Fiaclóireacht Phlaisteach agus Aisiríoch d'othair a bhfuil aimhrialtachtaí forbartha géill acu.

Coinníonn an comhordaitheoir scoilte Laura Duggan Uasal an bunachar sonraí agus comhordaíonn cosán cúraim aonair na n-othar. Déantar iniúchtaí ar thorthaí cóireála go rialta de réir phrótacal idirnáisiúnta dea-chleachtais.

Soláthraíonn an tsaotharlann Mhascaille réimse chuimsitheach tacaíochta teicnúil agus iniúchta a sholáthraíonn seirbhís Náisiúnta maidir le Máinliacht Mhascaille agus ortadóntaice Scoilte.

An tSeirbhís Fiaclóireachta Treas-Athchruthaitheach Scoilte (Próisteadóntach)

Is féidir le gach othar bearna mhíl agus carball scoilte leas a bhaint as an tseirbhís fiaclóireachta próisteadóntach tríú leibhéal seo a mbaineann próistéis shocraithe, próistéis inaistrithe nó próistéis le taca ionchlannaithe agus na struchtúir a théann leo a chur san áit a bhfuil mant.

Déantar othair a atreorú ón Aonad Náisiúnta Fiacla, Béil agus Mascaill, ó Aonad na Máinliachta Plaistí, ó Ospidéal Leanaí Chromghlinne, ó Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill agus ó Scoil (agus Ospidéal) Déadliachta Bhaile Átha Cliath.

Tionóltar Comhchlinicí i gcomhar leis na hAonaid Mhainliachta Plaistí, Fiacla, Béil agus Mascaill agus Ortadóntaice. Cuirtear seirbhís taca ar fáil san obrádlann d'othair a bhfuil ailse sa cheann nó sa mhúineál orthu agus d'othair Tráma a dtarlaíonn gortú chomh trom dóibh agus nach mbeadh fiaclóir ginearálta in ann a chur ar ais ina cheart.

Máinliacht Soithíoch agus Ionsoithíoch



An tOll. G. Shanik

Máinlia Soithíoch

An tUasal D Moore

Mainlia Soithíoch

An tUasal P. Madhavan

Máinlia Soithíoch

An Dr. M. P. Colgin

Léachtóir Sinsearach

Réamhrá

Tá trí ról lárnacha ag an Roinn Máinliachta Soithíche in Ospidéal Naomh Séamas:

- Soláthraíonn sí measúnú agus bainistiú d’othair a bhfuil galar artaireach ag gabháil dóibh; ceirbreashoithíoch agus forimeallach araon
- Solathraíonn sé seirbhís cuimsitheach fhéitheach
- Soláthraíonn sí measúnú soithíoch neamhionsaitheach do na Ranna go léir san Ospidéal seo agus do go leor ospidéal eile

Forbairtí in 2007

- Neartaíodh neascanna idir máinliacht Ionsoithíoch agus na ranna Cairdeolaíochta, Cardatóracsach agus Raideolaíochta le bunú de Chomhionad Cóireála Aortach Náisiúnta
- Rinne an Clár Scagtha Ainéarais scagadh ar 750 fear d’aois 65 ina chéad bhliain
- Chuaigh an tUasal Sean O’Neill sa roinn i Meán Fómhair mar Mháinlia Comhairleach. Bhí an tUasal O’Neill ag obair roimhe sa Chlinic Cleveland ina gclár ionsoithíoch agus tá neart taithí á thabhairt chuig an roinn aige le forbairt agus dul chun cinn sa réimse cóireála seo a éascú



Máinliacht Soithíoch

Lean réimse na máinliachta Ionsoithíche ag leathnú le torthaí den scoth. Leanadh ar aghaidh le linn na bliana le húsáid na nóduithe steintíne do bhainistiú ainearas aortacha agus ghalair aorta-iallach, agus bhí laghdú suntasach i mortlaíocht i gcomparáid le deisiú oscailte.

Bhí an roinn arís mar chuid den chúrsa beo in Ospidéal Naomh Séamas. Ba é an tOllamh Stephan Haulon as Lille an cliniceoir ar chuairt. An dá chás a rinneadh ná Nódú Steintíne Tórcsach d'Othras Aortach treáiteach agus nódú lallach Craobhachan.

Bhí céad bhliain an-rathúil ag an gClár Scagtha Ainéarais in 2007. Rinneadh scagadh ar bhreis is 750 fear d'aois 65. Aimsíodh cúig ainéarais suntasach go cliniciúil agus cóireáilte go rathúil, agus aimsíodh trí ainéarais eile atá á gcóireáil sa roinn othar seachtrach. Cuireadh an clár ar fáil freisin do dobharcheantar an Ospidéil.

An tAonad Féitheacha

Lean an líon othras coise a ndearnadh freastal orthu san Aonad Féitheacha ag ardú agus bhí rátaí cneasaithe den scoth ann. Ghlac an t-aonad páirt i gcuinnte oideachais chun cabhrú le húsáid cheart chóiriú comhbhrú a chur chun cinn.

Leanann an t-aonad de bheith páirteach i dtrialacha cliniciúla. Tá eisídiú féitheach ag bainte úsáide as scléiri-teiripe léasair agus cúir anois mar ghnáthchuid den ualach oibre laethúil. Éascaíonn sé seo cóireáil i suíomh othar seachtrach a chuireann leapacha ospidéil ar fáil.

Saotharlann Soithíoch

Tá an tsaotharlann soithíoch an-ghnóthach go fóill le fairsingiú ar an ról d'íomháu déphléacsach imeallach maidir le hothair a roghnú do bhainistiú ionsoithíoch. Bhí an tsaotharlann páirteach freisin le reáchtáil na gceardlann Doppler go míosúil. Chuir Colette Choiseul angagrafaíocht MR i gcomparáid le híomháu dephléacsach maidir le hartairí ísle a mheas agus bronnadh M.Sc. uirthi ar son a gcuid oibre.

Síciatracht



An tOllamh Brian Lawlor

Stiúrthóir Cliniciúil Síciatrachta Idirchaidrimh

An tUasal Oliver Claffey

Stiúrthóir Síciatrachta Altranais

An tUasal Gerry O'Neill

Bainisteoir Seirbhísí Sláinte Intinne

Réamhrá

Tá roinnt seirbhísí ar leith taobh istigh de Shíciatracht.

I measc na seirbhísí ná;

- Cúram othar cónaithe sa Chlinic Jonathan Swift
- Síciatracht Phobail atá earnáilbhunaithe agus roinnte idir an chathair istigh (An Chamóg agus Droimeanach) agus ceantair fho-uirbeacha (An Dothra Bheag)
- Síciatracht na Seanaoise
- Soláthraíonn an tSeirbhís Mhíochaine Síceolaíochta, atá lonnaithe san ospidéal ginearálta, seirbhís Chomhairliúcháin-Idirchaidrimh don ospidéal ginearálta agus í ag obair go dlúth le seirbhísí pobail ag Clinic Jonathan Swift

I measc na ndisciplíní taobh istigh de Sheirbhís Sláinte Intinne Chathair Bhaile Átha Cliath Theas ná liacht, altranas, síceolaíocht, teiripe shaothair agus obair shóisialta. Seachadann foirne ildisciplíneach cúram trí úsáid de phleananna cóireála aonair.

Bhí 463 iontráil don chlinic Jonathan Swift Clinic in 2007. Ba iontrálacha nua 175 acu agus coinníodh 43 othar faoi Achtanna Sláinte Intinne 2001.



Forbairtí in 2007

- Ceapadh an Dr. Veronica O'Keane mar Shíciatraí Comhairleach leis an Dr. Shanley a ionadú
- Ceapadh an Dr. Bernadette Cullen do phost nua in Earnáil na Camóige

Síciatracht na Seanaoise

D'fhás gníomhaíocht taighde arís in 2007 agus maoiniú nua faighte trí chlár le taighde ar ghalar Alzheimer a luathú, i gcomhar le hInstitiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (TCIN) agus GlaxoSmithKline (GSK). Forbróidh aonad nua taighde trialach cliniúil in Ospidéal Naomh Séamas mar chuid den tionscnamh taighde seo.

An tSeirbhís Mhíochaine Shíceolaíochta

Leanann an tseirbhís ar aghaidh le cúram foirne ildisciplíneach a fhorbairt ar fud an ospidéil, an Roinn Éigeandála agus gach speisialtachtaí liachta agus máinliachta san áireamh.

Comhoibríonn an tseirbhís go fóill i gclár taighde le cliniceoirí ospidéil ag Naomh Séamas agus le hInstitiúid Néareolaíochta ag Coláiste na Tríonóide.

Teiripe Shaothair

Tá Teiripe Shaothair sa tseirbhís seo lonnaithe go príomha i dtrí ionad, Clinic Jonathan Swift, Ospidéal Naomh Séamas; Seirbhís Lae Naomh Martha, An Cuarbhóthar Theas agus Ospidéal Lae Martha Whiteway, Ospidéal Naomh Pádraig.

Tá ocht bpost teiripeoirí saothair san iomlán don Othar Fásta agus don Othar Cónaithe, Ospidéal Lae agus Seirbhísí Sláinte Intinne Othar Seachtrach.

Síceolaíocht

D'fhás agus d'fhorbair an Roinn Síceolaíochta le Síceolaíocht agus Síciteiripe a chlúdach ag leathnú a réimse d'idirghabhálacha síciteiripeach ag leibhéal aonair agus grúpa lena n-airítear Teiripe Theaghlaigh, Teiripe Iompraíochta Cognaíoch, Síciteiripe Chomhtháite agus Dhaonnachaíoch, Bitshintéis, agus Teiripe Iompraíochta Dhialachtaiciúil. Tá an Roinn Síceolaíochta agus Síciteiripe, faoi bhainistiú an Dr. Linda Finnegan, Síceolaí agus Síciteiripeoir Cliniúil ag dul i ngleic go gníomhach le hamanna feithimh d'úsáideoirí seirbhíse agus leibhéil soláthar foirne.

LabMed



An Dr. Brian O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil

An tUasal John Gibbons
Bainisteoir Saotharlainne

Réamhrá

Tagann faoin Stiúrthóireacht LabMed na Ranna Saotharlainne seo a leanas: Bithcheimic Chlinice, Imdhíoneolaíocht, Haemateolaíocht, Liacht Aistriú Fola, Micribhitheolaíocht, Saotharlann Tagartha Miceabhaictéir na hÉireann (IMRL), an Saotharlann Tagartha MRSA Náisiúnta (NMRSARL), Diagnóistic Móilíneach Ailse (CMD), Críobhitheolaíocht, an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) agus Fleibeatóime.

Tá Stiúrthóireacht LabMed freagrach as an mbainistíocht agus as an bhforbairt ghinearálta ar na Seirbhísí Saotharlainne maidir le Paiteolaíocht Chlinice d'Ospidéal Naomh Séamas, do dhochtúirí teaghlaigh, d'ospidéil eile agus d'áisinteachtaí seachtracha agus feidhmíonn sé mar shaotharlann tagartha don iliomad réimse míochaine speisialtóra ar fud na tíre.

Eochairfhorbairtí

- Tá gach Roinn na Saotharlainne á ullmhú do Chreidiúnú Saotharlainne Liachta de réir caighdeán ISO 15189 - *Medical Laboratories: Particular Requirements for Quality and Competence*. Tá an Áis Ghaschealla Chríobhitheolaíochta ag lorg ceadúnais le feidhnmíú faoi Threoir AE 2002/98/EC agus tá iniúchadh ag Bord Máinliachta na hÉireann (IMB) mar chuid de sin. Bhí réamhniúchadh i Samhain 2007 agus beidh iniúchadh deiridh i Meitheamh 2008
- Ardaíodh an t-ualach oibre san ospidéal agus ó DGanna arís in 2007. Fuarthas iomlán de 1.95 milliún d'eiseamail, a bhí mar breis is 7 milliún toradh scrúduithe intuairiscithe. Léiríonn an t-ardú ar 2006 méadú de 4% i líonta eiseamail (féach fonóta i dTreochtaí Iarratais Seirbhíse). Tá ranníocaíocht Ospidéal Naomh Séamas don ualach ag 66% agus tugann DGanna 22%, leis an gcuid eile ag teacht ó ospidéal eile ar fud na tíre agus i mBaile Átha Cliath freisin

Treochtaí Iarratais Seirbhíse 2007

Roinn	2006 Iomlán Tiom.	2007 Iomlán Tiom.	% Incr/decr 06/07
Haemaiteolaíocht	429,543	477,645	11%
Téachtadh	168,562	171,806	2%
Fuilaistríú	31,572	33,610	6%
Bithcheimic	761,806	724,884	-5%
Micribhitheolaíocht	315,608	340,960	8%
Hista - Blocanna	62,626	67,129	7%
Cíteolaíocht	17,311	16,622	-4%
Imdhíoneolaíocht	92,509	114,022	23%
Iomlána in Aghaidh Ospidéal	1,879,537	1,946,678	4%

Ní léiríonn athruithe i gcomhdhéanamh de staitistic ualach oibre bhithcheimice leibhéil d'fhiorghníomhaíochtaí a bhí níos airde ná 2006.

Saotharlann Haemaiteolaíochta

Cuireann Roinn na Haemaiteolaíochta seirbhís chuimsitheach saotharlainne diagnóise ar fáil d'Ospidéal Naomh Séamas, d'ospidéal cheantar Bhaile Átha Cliath agus do dhochtúirí teaghlaigh.

Tagann cásanna atreorúcháin faoi bhráid chomh maith d'fhonn imscrúdú speisialta. Tá obair taca saotharlainne chun treisiú leis an Stiúrthóireacht HOPE, an Lárionad Náisiúnta Trasphlandaithe Fola agus Smeara do Dhaoine Fásta agus an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) san áireamh, ina chuid lárnach d'obair na Roinne.

Forbairtí

- Leanadh ionadaíocht ón saotharlann mhontóireachta drugaí haemaitinici & trasphlandaithe ar aghaidh ar choiste stiúrtha/eolaíochta (haematinici) RA NEQAS. Leanann an tsaotharlann seo freisin ar aghaidh i gcomhoibriú leis na hIonaid um Ghalair a Chosc (CDC), Atlanta agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). Sholáthair sí oiliúint saotharlainne mar chuid de chomhoibriúle WHO agus leis an Eagraíocht Sláinte Pan-Mheiriceánach (PAHO) le haghaidh staidéir ar stádas fóláite i bPeiriú, agus fuair cuireadh ó UNICEF chun páirt a ghlacadh mar chomhairleoir i staidéar idirnáisiúnta sa Chirgeastáin

Saotharlann Téachta agus an tIonad Náisiúnta do Ghalair Théachta Oidhreachtúla

Soláthraíonn an tsaotharlann gnáthaimh téachta seirbhís chliniciúil agus dhiagnóiseach d'áiseanna othar cónaithe agus othar seachtrach chomh maith le dochtúirí teaghlaigh.

Tá diagnóis de neamhoird ó oidhrecht agus faighte, monatóireacht de theirpe agus scagadh do neamhoird ghéiniteacha mar chuid den obair scrúdaithe san Ionad. Tháinig 45% den obair uile a rinneadh in 2007 sa saotharlann diagnóiseach ó ghníomhaireachtaí seachtracha Déantar scrúdú ar an gcuid is mó de na samplaí seo le haghaidh fabhtanna feidhme agus móilíneacha a bhaineann le staideanna protrombóise.

Seirbhís Saotharlainne Críobhitheolaíochta

Cuidíonn an tSaotharlann Críobhitheolaíochta leis an gClár Náisiúnta Trasphlandú Gaschealla ó Dhaoine Fásta in Ospidéal Naomh Séamas agus le Clár Deontóirí Neamhghaolta Smeara na hÉireann.

Rinneadh iarratas chuig Bord Míochaine na hÉireann (IMB) do cheadúnas bunaithe fíocháin faoin Treoir AE agus bhí réamh-iniúchadh ceadúnaithe i Samhain 2007. Táthar ag súil le hiniúchadh ceadúnaithe deiridh i Meitheamh 2008.

Diagnóisic Mhóilíneach Ailse

Soláthraíonn an tSaotharlann Diagnóisic Mhóilíneach Ailse (CMD), an t-aon cheann den chineál sin sa tír, seirbhís tastála móilíneach do shainnithint d'iomrall faighte in ailse.

Lean an tsaotharlann CMD le leathnú ar a hobair thástála le linn 2006/2007. Forbairt tábhachtach a bhí ann ná soláthar tástála PCR cainníochtúil leis an sprioc bcr-abl a aimsiú in othair a bhfuil Leiocéime Mhialeoideach Ainsealach (CML) orthu.

Forbairt eile ná tabhairt isteach de scagadh claochlaithe don chlaochú JAK2 V617F. Is cionáis tirisión cíteaplasmach í Wild-type JAK2. Is é an JAK2 V617F an t-iomrall géiniteach is coitianta in othair a bhfuil géarneamhoird míleiomadaithe orthu.

Roinn na Bithcheimice

Mhéadaigh ualach oibre Roinn na Bithcheimice ó fhoinsí seachtracha agus ón taobh istigh d'Ospidéal Naomh Séamas arís in 2007.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú mionsonraithe de phróiseas d'ardáin anailíseach agus réamh-anailíseach a chur i bhfeidhm in 2007, agus a tosaíodh in 2004, agus roghnaíodh Roche Diagnostics mar an soláthraí roghnaithe. Cuirfear an t-ionstraimiú isteach faoin samhradh 2008.

Lean an tsaotharlann ar aghaidh lena seirbhísí diagnóiseacha móilíneacha porphyria a fhorbairt, agus bailíochtú de measúnacht ghéine FECH do staidéir theaghligh in Erythropoietic Protoporphyrinemia (EPP). Leanadh obair ar aghaidh freisin ar mheasúnacht scagtha chlaochlaithe géine LDLR a fhorbairt le scagadh cascáide a thacú do Familial Hypercholesterolaemia i gClinic Guaise CVD.

Seirbhís Saotharlainne Imdhíoneolaíochta

Is ionad do thástáil, bainistiú agus cóireáil d'othair a bhfuil neamhoird den chóras imdhíonachta orthu é an Roinn Imdhíoneolaíochta. Ina theannta sin, bíonn an roinn ag iarraidh tuiscint ar an gcóras imdhíonachta agus a ról i sláinte agus galair a spreagadh agus a chur chun cinn i measc othar, cliniceoirí, eolaithe agus an pobal i gcoitinne.

Seirbhís Saotharlainne

Tá méadú leanúnach ar ualach oibre na saotharlainne. Bhí méadú de 27% i líon samplaí in 2007. Rinneadh dul chun cinn freisin in 2007 maidir le creidiúnú na saotharlainne.

Seirbhísí Cliniciúil

Ó ghalar athlastach, ailléirge agus easpa imdhíonachta den chuid is mó a bhíonn othair a fheictear ag clinici d'othair sheachtracha agus trí chomhairle othar cónaitheach ag fulaingt. Lean an Roinn den pháirt atá aici i mbeartaíocht staidéir idirnáisiúnta ilionaid ar othair a bhfuil neamhord ar an gcóras imdhíonachta orthu.

Oideachas agus Foghlaim

Ceapadh an Dr. Derek Doherty mar Léachtóir in Imdhíoneolaíocht. Bronnadh PhD ar an Dr. Greg Byrne mar gheall ar thráchtas ar ghalar céiliach. Bhunaigh an roinn clár in imdhíoneolaíocht do shainchláraitheoirí liachta agus tá roinnt mac léinn aici in oiliúint inseirbhíse in Eolaíocht Bhithleigheis.

Seirbhís Mhíochaine Aistrithe

Tairgeann an roinn Mhíochaine Aistrithe seirbhís chuimsitheach aistrithe d'Ospidéal Naomh Séamas, lena n-áirítear an tSeirbhís Thrasphlandaithe Ghaschealla Náisiúnta do Dhaoine Fásta, an tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtúla agus aonad máinliachta cardatóracsach.

Méadaíodh iarratais le 3% chomh maith le húsáid chomhpháirte fhola. Méadaíodh úsáid chealla dhearga le 1% agus pláitíní le 15%. Ba iad haemaiteolaíocht/oinceolaíocht agus máinliacht chardatóracsach.

Cuireadh an córas inrianaitheachta comhpháirte fola "Bag and Tag" i bhfeidhm le riachtanais inrianaitheachta de Threoir Fola AE 2002/98/EC a chomhlíonadh.

Rinneadh iniúchadh ar 75 imoibriú aistrithe amhrasta in 2007 agus 36 acu cinntithe mar imoibrithe bainteacha le haistriú, ráta imoibrithe de 0.16% de na comhpháirtithe fola aistrithe. Rinneadh 18 imoibrithe aistrithe an-áibhirseacha agus tuarascálacha imeachta don Oifig Haemafhaireachais Náisiúnta in 2007, 14 imoibriú an-áibhirseacha agus ceithre imeacht an-áibhirseachas. Níor tharla aon dochar d'othair mar gheall ar na himoibrithe nó na himeachtaí Cuireadh eolas ar chleachtas aistrithe fola ar fáil ar-líne in 2007.

Seirbhísí Saotharlainne Micribhitheolaíochta

Cuireann an Saotharlann Micribhitheolaíochta seirbhís diagnóise, rialú ionfhabhtaíochta agus clinice ar fáil don Ospidéal, do Dhochtúirí Teaghligh in Iardheisceart Bhaile Átha Cliath agus d'áisinteachtaí seachtracha.

Tháinig méadú suntasach ar obair na saotharlainne i rith na bliana 2007. Rinneadh próiseáil sa saotharlann ar ionann agus 340,000 iarratas maidir le hothair sa bhliain 2007. Bhí ardú 12% i gceist leis an ualach oibre ón Ospidéal ach bhí ardú 6% i gceist maidir le hiarratais ó Dhochtúirí Teaghligh agus ón taobh amuigh. Bhí ardú ginearalta de 19% san ualach oibre ó 2006, (ardú 36% ar 2003) agus ardú 12% in iarratais DG ar 2006, (74% ar 2003) agus ardú 7% in iarratais SJH ar 2006, (34% ar 2003). I measc na réimsí a léirigh arduithe suntasacha bhí iarratais a bhain le MRSA, HBV, CMV agus STI.

Rinneadh obair shuntasach thaighde sa roinn, go háirithe é a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh i measc baictéire Gram-diúltach, ionfhabhtú de bharr *Staphylococcus aureus* atá frithsheasmhach do mheiticillin, ionfhabhtú *Aspergillus*, víris Herpes, víris ghastraistéigeacha agus riospráide.

Seirbhísí Rialaithe agus Coisc Ionfhabhtaithe

Tá na Seirbhísí Rialaithe agus Coisc Ionfhabhtaithe (IPCS) mar chuid den roinn Mhicribhitheolaíochta Cliniciúil, atá faoi shainchúram na Stiúrthóireachta Lab Med.

Lean na Seirbhísí Rialaithe agus Coisc Ionfhabhtaithe ar aghaidh in 2007 le cláir a chur i bhfeidhm chun tionsnaimh nua Náisiúnta a chuimsiú agus rátaí ionfhabhtaithe a bhaineann le cúram sláinte a laghdú.

Is iad seo a leanas na príomhthionscnaimh in 2007:

- Iniúchadh ar chomhlónadh de sláinteachas láimhe
- Feachtais thuisceana do shláinteachas láimhe
- Rannpháirtíocht de IPCS le scéim mheasúnaithe seirbhísí sláinteachais
- Leanúint d'fhaireachas sruth na fola a bhaineann le Cataitéar agus leathnú den fhaireachas le faireachas ar an suíomh deiridh máinliachta a chur san áireamh
- Forbairt ar mhodhanna caighdeánacha oibríochta do stervilgance agus iniúchadh ar réimsí iar-ama.

Seirbhísí Histeapaiteolaíochta

Forbraíodh tuairiscíocht fospesialtóireachta a thuilleadh le linn 2007 agus bhí sí comhtháite le comhdhálacha foirne ildisciplíneacha. Bhí méadú suntasach ar ualach oibre, mar gheall ar athbhreithniú ar ábhar do na comhdhálacha seo, go háirithe le hathbhreithniú ar ábhar seachtrach diagnóiseach.

Thug an roinn Histeapaiteolaíochta tacú don tSeirbhís nua Mhánliachta Mhicreagrafaice Mohs.

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha *Staphylococcus aureus* Meiticillin-Fhriotaíoch (NMRSARL)

Soláthraíonn an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Meiticillinfhriotaíoch (NMRSARL) seirbhís náisiúnta do:

- Tíopáil eipidéimeolaíochtúil ar aonraigh MRSA (d'fhonn cuidiú le himscrúdú i gcás briseadh amach)
- Friotaíocht antaibheathach a bhrath {go háirithe deimhniú ar mheticillinfhriotaíocht/ocsaicilínfhriotaíocht agus imscrúdú faoi fhriotaíocht ionchais ghlicipeiptíde (vancomycin)}
- Gnáthmhonatóireacht ar shaothrán fola aonraíoch MRSA ó ospidéal de chuid na hÉireann atá páirteach i gCóras Faireachais Friotaíochta Frithmhiocróbaigh na hEorpa (EARSS)
- Comhairle maidir le cóireáil ar othair a bhfuil MRSA ag baint leo tríd an Stiúrthóir Míochaine
- Comhairle maidir le rialú ionfhabhtúcháin trí Mheitheal Rialú Ionfhabhtúcháin Ospidéal Naomh Séamas
- Comhairle mar gheall ar cheisteanna MRSA i saotharlanna trí fhoireann eolaíochta agus clinice an NMRSARL

I measc na mórforbairtí in NMRSARL le linn 2007 bhí:

- Rannpháirtíocht i dtionscadal Eorpach ag imscrúdú próitéine staphylococcal A (spa) tíopáil seichimh géine in *S. aureus* ionrach (i gcomhar le EARSS)
- Comhoibriú i dtionscadal Taighde Aistriúcháin MRSA leis na hOllaimh David Coleman (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus Hilary Humphreys (Coláiste Ríoga Máinlianna in Éirinn agus Ospidéal Beaumont)
- Measúnú ar an trealamh Xpert-MRSA™ do bhrath tapa móilíneach de MRSA

- Aithint d'fhadhb atá ag teacht chun cinn le frithsheasmhacht ard mupirocin in Éirinn
- An chéad chruinniú idirnáisiúnta eolaíochta de chuid NMRSARL a óstáilte go rathúil i gcomhoibriú leis an Ollamh Hilary Humphreys (agus urraíocht ó Novartis Ireland Teo.)

I 2007, rinne NMRSARL próiseáil ar:

- 466 aonarán (ó 440 othar) curtha isteach faoin scéim EARSS
- 45 iarratas ar eolas saotharlainne maidir le saotharlainne maidir le MRSA
- 144 iarratas ar imscrúdú aonaráin (ar 390 aonarán a áiríonn 21 iarratas imscrúdaithe briseadh amach)

Saotharlann Tagartha Míceabhaictéire na hÉireann (IMRL)

Sholáthair an IMRL seirbhís atreoraithe eiseamail ar shaothrán TB do roinnt ospidéal ar fud na tíre. Saothraíodh breis is 6,000 eiseamal in 2007.

Rinne an IMRL scrúduithe aithint agus so-ghabhálachta ar 166 othar a raibh eitinn orthu, 50% acu a bhí atreoruithe chuig an IMRL ag na hospidéil mhóra eile i réigiún Bhaile Átha Cliath. Sainathnódh 112 eile a raibh ionfhabhtú orthu mar gheall ar ionfhabhtú neamh-eitinne. Is é seo an líon is mó d'othair aonaráin sainaitheanta in aon bhliain go dtí sin agus léiríonn méadú de 50% go neasach ar 2006 agus méadú de 95% ar 2005.

Forbairtí Seirbhíse Nua in 2007

- Ceapadh duine sa phost d'Eolaí Móilíneach
- Tugadh córas móilíneach isteach darb ainm GenoType Mycobacterium (HAIN LifeScience). Éascaíonn an córas seo do mhéadú i raon na scrúduithe ag an IMRL
- Cuireadh tús le hathchóiriú na Saotharlainne TB i Samhain 2007. Tugadh seomra breise agus forsheomra don IMRL. Aistríodh an obair mhóilíneach chuig saotharlann taighde Sir Patrick Duns

Taighde agus Forbairtí in 2007

Cuireadh tús le comhthionscadal tíópála idir an IMRL agus an tSaotharlann Taighde Tréidiachta in Back Weston. Baineadh úsáid as teicnící Spoligotyping agus MIRU/VNTR chun comparáid a dhéanamh idir aonaráin M.bovis a tugadh ó dhaoine agus aonaráin a tugadh ó speicis ainmhí.

Fuarthas deontas de bhreis is €40,000 ó Ionad Faireachais Cosanta Sláinte le staidéar a dhéanamh, i gcomhoibriú le stiúrthóireacht GUIDE, ar dhá Mheasúnacht Scaoilte Gáma Inteiféaróin do bhrath na heitinne folaigh i ndaoine imdhíon-sochta agus sláintiúla.



An Dr. Mary Keogan

Stiúrthóir Cliniciúil

Paula Corby Uasal

Bainisteoir Gnó

Suzanne Dennon Uasal

Bainisteoir Seirbhísí Radagrafach (A)

Réamhrá

Cuireann an Stiúrthóireacht DiagIm seirbhísí ar fáil don Ospidéal agus do na Dochtúirí Teaghlaigh i gceantar an ospidéil. Cuirtear cúram tríú céim ar fáil chomh maith d'ospidéal taobh amuigh de cheantar Ospidéal Naomh Séamas.

Seirbhísí

Cuirtear seirbhís uillechuimsitheach íomhátthe ar fáil maidir le 10 módúlacht – Raideolaíocht Ghinearálta, Fiacla, Béal agus Mascail, Liacht Gastraistéigeach, IVP, Mamagrafaíocht, Ultrafhuaim, C.T., Raideolaíocht Idirghabhálaíochta (Teiripeach agus Diagnóise), Liacht Núicléach agus MRI. Cuirtear seirbhís radagrafaíochta ar fáil freisin don tSaotharlann Angagrafaíochta Croí, don tSraith Seomraí Ionsooithíoch, do na hObrádlanna agus d'Aonad Scagthástála an Ionaid Chúram Sláinte.

Treochtaí Seirbhíse

Anailís Ghníomhaíochta Inchomparáides de réir Modúlachtaí.

Módúlacht Íomháu	2006	2007	Athraitheas
Raideolaíocht Ghinearálta	98,886	107,632	9 %
mascaille agus béil	6,125	5,724	-7%
G.I.	1,941	1,474	-24%
I.V.P	188	123	-35%
Mamagrafaíocht	2,765	2,926	6%
Ultrafhuaim	10,629	11,373	7%
C.T.	16,593	20,941	26%
Raideolaíocht Idir-ghabhálach Teiripeach	2,195	2,560	17%
Raideolaíocht Idir-ghabhálach: Diagnóiseach	576	447	-22%
Míochaine Núicléach	3,275	3,274	0%
M.R.I	4,827	4,934	2%
Angagrafaíocht corónach	4,567	4,415	-3%
Iomlán	152,567	165,823	9%

Forbairt in 2007

Bhunaigh an HSE tascfhórsa in Aibreán 2007 le moltaí a mheas agus a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na hIonstraime Reachtúla 478, a phléann le cosaint radaíocht an othair. Ceapadh Bernadette Moran, Bainisteoir Seirbhísí Radagrafach ag Ospidéal Naomh Séamas do choiste an Tascfhórsa.

PaRis/EPR

Leanann tionscadal PACS/RIS/EPR le feabhsúcháin mhóra a sholáthar maidir le seachadadh na seirbhíse raideolaíochta. Tá comhpháirteanna éagsúla sa chóras atá lárthaite ar raideolaíocht: (PACS, RIS, Sceidealóir, Aithint Ghutha). Tá na feidhmeanna seo bainiste/riartha ag an bhfoireann PACS/RIS Raideolaíochta, i gcomhoibriú dlúth le roinn TE an ospidéil, IMS.

Tá breis is 14 milliún íomhá stóraithe faoi láthair ar an gcóras PACS, comhdhéanta de 250,000 staidéar agus scrúduithe ar bhreis is 75,000 othar aonair ó Mheitheamh 2006.

Bhí breis is 230,000 scrúdú tuairiscithe ag Raideolaithe Diaglm ag baint úsáide as feidhm Aitheanta Ghutha sa tréimhse seo.

Thosaigh an dá sheomra Angagrafaíochta Cairdiach a staidéir íomhá a chur chuig an gcartlann PACS i Samhain 2007 agus na híomhanna seo inamhairc anois ar fud an Ospidéil trí EPR.

Tá uasghrádú mór á dhéanamh faoi láthair ar an gcóras PACS/RIS/EPR chun feidhmiú feabhsaithe a sholáthar d'úsáideoirí an chóras. Tá na huasghráduithe seo le bheith críochnaithe in Iúil 2008.

Tá cur chuige comhpháirtíochta forbartha leanúnach ar bun ag Ospidéal Naomh Séamas leis an díoltóir PAC/RIS/EPR, Corparáid Cerner SAM agus tá ról tábhachtach á imirt ag Raideolaíocht sa phróiseas seo trína háit ar Ghrúpa Stiúrtha Raideolaíochta na Corparáide. Tá an t-ospidéal ainmnithe faoi láthair mar shuíomh Tagartha Oifigiúil Cerner san Eoraip do PACS/ RIS/EPR comhtháite agus roinnt cuairteanna rathúla suímh óstáilte aige.

Míochaine Núicléach

Rinneadh líon méadaithe scanadh of raidiseatóip i comparáid le 2006. Arís tá sé nótáilte go raibh athrú fócais ar na seirbhísí a solathraíodh.

Meadaíodh de réir a chéile an líon othar atá ag dul faoi scanadh faireachais do charcanómaí tíoróideacha meiteastátacha mar gheall ar an tseirbhís an-rathúil teiripe radaíochta atá ar fáil sa seomra eisídithe raidió-iaidín (suite i mBarda Victor Synge Ward). Tá scanadh rialta diagnóiseach bliantúil de dhíth ar na hothair seo mar chuid dá gcóireáil leantach.

Shín an roinn a húsáid de léarscáilíú na nód tascacha do na foirne máinliachta plaistigh, agus méadú i líon na n-othar ag dul faoin ngnáthamh seo díreach roimh an obraid. Ar an dóigh chéanna, bhain seirbhísí néareolaíochta agus geiriatracha úsáid as íomáú DaTSCAN do Shiondróm Parkinsonian, agus dhá scrúdú sa tseachtain acu ar a laghad. Bhí neart pleanála in 2007 maidir le hullmhú do sheoladh an chéad áise scanta phoiblí PET CT in Éirinn, atá le bheith i bhfeidhm i lár 2008.

Raideolaíocht Idirghabhála

Bhí tuilleadh leathnaithe agus éilimh in 2007 ar sheirbhísí Raideolaíochta Idirghabhála ó thaobh istigh den ospidéal agus ó ospidéal eile sa dobharcheantar. Baineann an chuid is mó den ualach oibre cliniúil le soláthar na seirbhísí a bhaineann le hailse. Bhí taighde sa ghrúpa Raideolaíochta Idirghabhála bainteach le hailse freisin agus ról ag an ngrúpa mar Phríomh-Imscrúdaitheoir i staidéar Pan-Eorpach ar úsáid na gcáithníní eambólacha ceimiteiripeacha i gcóireáil d'aillse ae príomha agus tánaisteacha.



Is sa réimse idirghabhála matánchnámharlaigh a bhí na forbairtí nua, ina measc tuilleadh forbartha ar na seirbhísí vertebroplasty and kyphoplasty, chomh maith leis an bhforbairt nua de sheirbhís nucleoplasty do chóireáil de ghearheirne diosca.

Tá Raideolaíocht Idirghabhála mar chroí de staidéar ilionaid idirnáisiúnta ar an roghnú oibreáin eambólach optamam in eambólachtas fiobróideach útarach.

Oideachas agus Taighde Radagrafaíochta

Bhí forbairt agus seachadadh leanúnach de chúrsaí naisiúnta Diplóma larchéime i Míochaine Núicléacha, lena n-áirítear PET (Positron Emission Tomography), agus Íomháu Athshondais Maignéadaigh do Radagrafaihte, eagraithe ag Roinn na Míochaine Cliniciúil, Coláiste na Tríonóide i gcomhar le hOspidéal Naomh Séamas. Is í Bernadette Moran Uasal, Bainisteoir Seirbhísí Radagrafach comhordaitheoir cúrsaí den dá chláir.

I Lúnasa 2007, chríochnaigh 10 Radagrafaí ó gach cearn den tír an Diplóma larchéime i Míochaine Núicléach go rathúil. I nDeireadh Fómhair 2007, thosaigh 14 Radagrafaí Diplóma larchéime/MSc nua in Íomháu Athshondais Maignéadaigh.

Mar chuid dá obair sheachtrach, d'éascaigh an Grúpa Oideachasúil Radagrafach ag Ospidéal Naomh Séamas na cúrsaí scileanna freisin:

- Cúrsa Red Dot
- Cúrsa PET/CT do Radagrafaihte
- Laethanta staidéir cosanta radaíochta d'Altraí
- Cosaint radaíochta do Chleachtóirí Liachta Neamh-Radaíochta agus Pearsanra Ospidéil
- Cúrsa do hOifigh Radaíochta
- Oiliúintar scileann IV do Radagrafaihte

Déantar oiliúint chliniciúil leanúnach do mhic léinn radagrafaíochta fochéime taobh istigh den Stiúrthóireacht. In 2007, ceapadh teagascóir cleachtais i radagrafaíocht ag Ospidéal Naomh Séamas chun oiliúint chliniciúil do mhic léinn radagrafaíochta fochéime a mhaoirsiú agus a chomhordú.

ORIAN



An Dr. Jeanne Moriarty
Stiúrthóir Cliniciúil

Cora Keary Uasal
Bainisteoir Gnó

Fiona Murphy Uasal
Bainisteoir Altra


Réamhrá

Is éard atá i Stiúrthóireacht ORIAN Seomraí Obráidí, Aonad Dianchúraim, (ICU), Aonad Ardchleithiúnais (HDU), Aonad Eindeoshoithíoch, Aonad Soláthairtí Amridithe agus Ainéistéistigh. Soláthraíonn sé seirbhísí obrádlann, cúram criticiúil, steiriú agus seirbhísí aineistéiseacha do raon speisialtachtaí feadh an Ospidéal.

Forbairtí in 2007

- Bhí Ospidéal Naomh Séamas measúnaithe agus creidiúnaithe mar an chéad ionad oiliúna satailíte don chúrsa Acute Life Threatening
- Ceannaíodh luascaire ardmhínicíochta breise tar éis an ratha nuair a tugadh isteach aerú ascalach ardmhínicíochta mar theiripe othar go 2006
- Bhí tionscnaimh chóireála nua, ina measc Córas Athimshruthaithe Súiteach Móilíneach (MARS) agus Monatóireacht Bhrú Urrainne Bhoilg
- Aistríodh an tAonad Ardspleáchais 4 leaba chuig áis athchóirithe ar Bharda Edward Halloran Bennett gan chailleadh de laethanta leapacha
- Rinneadh tógáil agus athchóiriú de 4 leaba Aonaid Dianchúraim (ICU) agus 3 leaba HDU

Gníomhaíocht Ghnáthamh ORIAN



Obrádlann

Is éard atá i saoráid an Ospidéil Svuít 11 Obrádlann, Obrádlann Dó, Svuít Eindeashoithíoch neamhspleách, agus 2 sheomra ghnáthaimh léasair. I measc na speisialtachtaí a úsáideann an tsaoráid obrádlainne ná gach seisialtachtaí máinliachta, gaistreintreolaíocht, raideolaíocht idirghabhála agus míochaine péine.

Le linn 2007 rinneadh 6,675 obráid eicleicteach agus 1,672 obráid éigeandála, sin iomlán de 8,347. Bíonn an Obrádlann Dó oscailte ar an Mairt agus ar an Aoine agus rinneadh 24 obráid in 2007. Rinneadh 250 gnáthamh san Obrádlann.

Cuireadh tús leis an Diplóma Iarchéime in Altranas peiri-Oibríoch athuair i Meán Fómhair 2007 tar éis bearna in 2006/2007, i gcomhar le AMNCH (Tamhlacht).

Soláthraíonn an obrádlann seirbhís ionscópachta do ghnáthaimh eicleicteacha agus éigeandála d'Obrádlann agus an ICU Ginearálta. Rinneadh 2,157 scóp in 2007. Cuireadh 181 líne lárnach go neasach isteach in 2007. Soláthraíodh ainéistéise do 7 ngnáthamh TIPS i raideolaíocht Idirghabhála. Ceapadh Monica Griffin Uasal mar Bhainisteoir Obrádlainne in Iúil 2007.

Ionad Máinliachta Lae

Is aonad neamhspleách é an tIonad Máinliachta Lae ina bhfuil 18 leaba lae. Tá dhá obrádlann ghinearálta san Ionad, obrádlann Mhionmháinliachta, athshlánú, seirbhís réamh-mheasúnaithe ainéistéiseach agus seomra réamh-scaoilte.

Soláthraíonn an tIonad Máinliachta Lae seirbhísí d'othair a bhíonn faoi obráidí máinliachta lae faoi ainéistéiseach ginearálta, réigiúnach nó áitiúil do Mháinliacht Ghinearálta, Máinliacht Phlaisteach, Gíniceolaíocht, Úireolaíocht, E.N.T., Ortapéidic, Mascaill, Bainistiú Péine, Cairdeolaíocht agus Deirmeolaíocht agus Deonadh Smeara.

Aonad Dianchúraim (ICU) agus Aonad Ard-Spleáchais (HDU)


Bhí na 15 leaba san ICU ag feidhmiú go hiomlán 2007. Bhí ardseilbh leapacha ag os cionn is 100%. Cuireadh cóireáil ar 570 othar san ICU (AVLOS de 9.7).

Soláthraíonn ICU and HDU cúram liachta d'othair a bhíonn an-tinn agus lena mbaineann bail a d'fhéadfaí a athrú agus a éilíonn tacaíocht orgán.


Tugadh aerú ascalach ardmhíochta isteach san aonad in 2006, agus mar gheall ar a rath mar theiripe othair ceannaíodh ascaltóir breise in 2007. Bhí tionscnaimh chóireála nua, ina measc Córas Athimshruthaithe Súiteach Móilíneach (MARS) agus MonatóireachtBhrú Urrainne Bhoilg.

Mar gheall ar an ardseilbh leapacha san ICU bhí gá ann don HDU othair aonair ICU a ghlacadh a raibh aerú meicniúil agus/nó insiltí vasaipreiora de dhíth orthu. Cuireadh roinnt cásanna eicleicteacha a raibh leapacha ICU nó HDU uathu tar éis obráidí ar ceall mar gheall air seo. Fuarthas maoiniú caipitil le toilleadh leapacha ICU/HDU a mhéadú chun dul i ngleic le héilimh chriticiúla chúraim.


Foinsí Iontrála d'Othair san ICU 2007



Aoisghrúpa ICU 2007



Comparáid idir Foinsí Iontrála 2006 agus 2007



22% a bhí sa ráta mortláochta do 2007. Cuireadh cóireáil ar 570 othar, 555 aeraithe, 333 a fuair tacú inotropic, 150 traicéatóimí (45% seilbh de gach lá leapacha ar fáil) 145 a raibh CRRT de dhíth orthu. Bhí 40% de na laethanta leapacha ar fáil de dhíth ar othair aonraithe.

Le linn 2007 bhí 116 othar aeraithe san HDU agus 56 othar aeraithe san áit athshlánaithe obrádlainne.


Aonad Ard-Spleáchas

Bhí 464 iontráil ag an HDU 4 leaba (AVLOS 2.98). Aeraíodh 116 othar sa HDU le linn 2007 agus méadú ar fad cónaithe mar gheall air seo ó 2.22 i 2006 go 2.98 i 2007.


Úsáid Leapacha ICU % 2007



Iontrálacha Othar HDU



Amanna Amach ó ICU 2007



Léiríonn na sonraí seo an an-bhrú ata ar leapacha ICU, agus 53% d'othair a bheith scaoilte idir 1800 agus 0900 agus 24% tar éis 2300.

Aistríodh an tAonad Ard-Spleáchais 4 leaba go dtí saoráid Nua-athchóirithe ar Bharda Edward Halloran Bennett gan chailleadh de lá leapacha ar bith. Bhí an limistéar tréigthe athdheartha ansin le haonad breise 3 leaba a chruthú le líon na leapacha dianchúraim a mhéadú.

Oiliúint agus Taighde ICU/HDU

Chríochnaigh 12 rannpháirtí Clár Forbartha Inniúlachta an HDU go rathúil.

Bhí 6 rannpháirtí san Ard-Diplóma in Altranas Dianchúraim. Leannan an cúrsa Bunteastais in Altranas Dianchúraim ar aghaidh d'iontrálaithe nua chuig an réimse dianchúraim agus bhí rath air.

Rinneadh measúnú ar an ospidéal agus creidiúnaíodh é mar ionad sailíte oiliúna don chúrsa ALERT, atá ar an chéad cheann in Éirinn. Tá an cúrsa ildisciplíneach dírithe ar Altraí Foirne, dochtúirí agus baill eile den fhoireann ildisciplíneach sna blianta luatha d'oiliúint le haird a dhíriú ar aithint luath agus cóireáil thosaigh d'othair atá an-tinn ar na barda.

Tá beirt bhainisteoirí ón Stiúrthóireacht ag glacadh páirte i dtionscadal mór comhoibrthe ar shábháilteacht othar atá á reáchtáil ag an údarás Cháilíochta agus Eolais Sláinte (HIQA) i gcomhpháirtíocht le Comhaontas Domhanda do Shábháilteacht Othar de chuid WHO.

Seirbhísí Steiriúla Ospidéil

Ceapadh an tUasal Andrew Smith mar bhainisteoir HSSU i nDeireadh Fómhair 2007. Bhí an dara bliain ag an Roinn le mic léinn Skillvec-cláraithe, clár a áiríonn módúil speisialta sa phróiseas Díshalaithe.

Roghnaíodh an Roinn mar shuíomh píolótach do chóras inrianaitheachta agus rianaithe gléis liachta maoinithe ag HSE a bheas ar fáil in 2008.

Aonad Léasair

D'oibrigh an tseirbhís eis-othar in éineacht le comhairleoirí Plaisteacha agus Déirmeolaíochta ar phleananna cúraim othar agus sholáthair 1,468 cóireáil in 2007 lena n-áirítear deireadh a chur le:


- Marcanna ó mbroinn agus marcanna fuildearg ar an gcráiceann (Léasar Ruaime Bíogach)
- Haemangómana, leisíní sa chraiceann agus fionnadh (Alexandrite Gentlelase)
- Leisíní ciorotacha agus carcinoma cealla basal (CO2 Laser)
- Tatúnna Iarthrámach – (Léasar Rúibíneach)

Seirbhíse Péine

Bunaíodh seirbhís Mhíochaine Phéine Idirghabhála ag Ospidéal Naomh Séamas in 2004 agus ó shin bhí méadú ar atreuithe ó 116 in 2004 go 1179 in 2007.

Soláthraíonn an tseirbhís gnáthaimh eipeadúracha, PCA agus idirghabhála d'othair.

Gníomhaíocht Seirbhíse Péine 2005 - 2007



Tairgeann an tseirbhís saineolas freisin sna cóireálacha seo a leanas: rhizotomy-ceirbheacsach-tóracasach-lumbach, brostú chorda an dromaigh, teiripe néaróige agus néarfhréimhe radamhincíochta bhíogach, néaraeisídiú trígheimineach, teiripe intéiceach agus bainistiú phian ailse idirghabhála.

Cuireadh tús leis an gclár Bhainistithe Pian i Meitheamh 2007. Ceapadh tríú CNS in 2007 a d'éascaigh cur i feidhm seirbhíse eipeadúracha bunaithe ar an mbarda. Tá beirt Chomhairleach, Comhalta Péine, Cláraitheoir rothlach, triúr Speisialtóir Altra Cliniciúil agus beirt rúnaithe san fhoireann.

SCOPE



Philomena Flood Uasal

Bainisteoir/Bainisteoir Cothaithe Cliniciúil SCOPE

Patricia Reilly Uasal

Riarthóir

Gina O'Donohue Uasal

Bainisteoir Teiripe Urlabhra agus Teanga

Angela Keane Uasal

Bainisteoir Obair Shóisialta

Niamh Merriman Uasal

Bainisteoir Teiripe Shaothair

Niamh Murphy Uasal

Bainisteoir Fisiteiripe

Réamhrá

Clúdaíonn SCOPE Teiripe Urlabhraíochta agus Teanga, Obair Shóisialta Mhíochaine, Cothú Cliniciúil, Teiripe Shaothair agus Fisiteiripe.

Eochairghníomhaíochtaí in 2007

- D'fhreastail breis is 100 gairmí sláinte agu mac léinn ar an dara lá staidéir ildisciplíneach aonaid SCOPE 'Emerging in the Emergency Department' ar an Aoine 11 Bealtaine 2007
- Ó Bhainistíocht Feidhmíochta Foireannbhunaithe SCOPE 7 (TBPM) chuir foirne a dtorthaí i láthair foirne an ospidéal ar phróimhréimsí feidhmíochta ar 10 Nollaig 2007
- Bunaíodh post Éascaitheora Taighde Teiripe
- Ghlac foireann SCOPE páirt maidir le hinniúlachtaí gairmiúla sláinte comhghuallithe a bhunú chun agallóireacht inniúlachta a éascú

Cothú Cliniciúil

Treochtaí Seirbhíse

Méadaíodh gníomhaíocht ghinearálta le 6% in 2007.

Forbairtí/Tionscnaimh Cháilíochta

- Thosaigh earcú don Chomhaltacht Taighde HRB do staidéar Ghairmeacha Teiripe ar *“Investigation of the Incidence of Central Adiposity, Metabolic Syndrome, Insulin Resistance and Adipo-cytokine Secretion in Patients with Oesophageal, Colorectal and Breast Cancer”* in 2007
- Chríochnaigh Aoife Ryan Uasal a taighde sa chothú agus aise uachtarach gastraistéigeach dá tráchtas PhD
- Críochnaíodh staidéar dall dúbailte randamaithe placebo-rialaithe a d’fhiosraigh módúlú an fhreagairt immuno-athlastach go éasafaigeachtóime ag úsáid forábar eintreach saibhrithe le h-aicíd eicosapentaenoeach
- Rinne Cothú Cliniciúil iniúchadh duánach i néafreolaíocht ar 50 céim 4 agus céim 5 othar seachtrach ghéartheip duánach atá ag freastal ar ár seirbhís
- Rinneadh scagadh ar othair nua ag freastal ar an Aonad Titime agus Sioncóipise i gCothú Cliniciúil do riosca mhíchothú thar 4 seachtain. Sainnithníodh 14.8% d’othair mar i mbaol mhíchothaithe nó ró-éadrom. Bhí 25.9% d’othair atreoraithe do sheirbhís othar seachtrach an Chothaithe Chliniciúil. Leag an tionscadal béim ar rátaí suntasacha de mhíchothú sna hothair ag freastal ar an Aonad Titime agus Sioncóipise
- Thug Cothú Cliniciúil, i gcomhar leis an Roinn Phoitigéara agus IMS, áis ordaithe TPN nua ar-líne isteach
- Tugadh dhá chlinic athbhreithnithe gaistrentreolaíochta de chuid Cothú Cliniciú breise sa mhí isteach i nDeireadh Fómhair mar thionscnamh feabhais caighdeán, mar fhreagra ar na hagaí feithimh a bhí ag dul i bhfaid d’othair athbhreithnithe ardtosaíochta. Tugadh clinic tráthnóna isteach chomh maith othair céiliacha chun breis solúbthacht a chur ar fáil d’othair maidir le amanna cinntí
- Thug an coiste lónadóireachta biachlár píolótach ospidéal isteach ó Feabhra 2007 go ceann bliana chun éagsúlacht ag am béile a mhéadú agus sásamh na n-othar a fheabhsú

Rannóg Oibre Shóisialta Liachta

Forbairtí/Tionscnaimh Cháilíochta

- Chuir obair shóisialta tús le Clinic seachtainiúil Dhaoine Gan Dídean in ED agus foireann d’Aonad an Duine Gan Dídean i Sráid Shéamais ag obair ann. Agus iad ag obair le hoibrithe sóisialta, déanann an fhoireann measúnú agus iarracht le lóistín scaoilte chuí a aimsiú d’othair i mbaol atá gan dídean
- Thosaigh Seirbhísí Eolais na Saoránach (CIS) le seastán for-rochtana seachtainiúil a sholáthar san ospidéal, a fhreagraíonn ar an láthair ceistanna ó theaghlaigh agus ó fhoireann a bhaineann le seirbhísí agus teidil. Tá an tionscadal comhordaithe ag obair shóisialta agus CIS ag obair ann. Bíonn meán de 85 ceist in aghaidh an lae
- Dhearbhaigh iniúchadh ar na Seirbhísí Uatóipse agus Méala go gcomhlíonann ár gcleachtas reatha na heochairmholtaí a rinne an Tuarascáil Madden
- Bhain na hoibrithe sóisialta GUIDe úsáid as ceistneoir othar le measúnú a dhéanamh ar éifeachtach an ‘New Person’s Clinic’
- Go náisiúnta, ghlac gach oibrí sóisialta leighis páirt i dtogra taighde a ghlac alagraf seachtaine de na taisc agus na scileanna a úsáideann oibrithe sóisialta leighis ar fud na hÉireann. Tá an taighde sé á chur isteach i gcáipéis atá curtha le chéile ag Grúpa na gCeann Oibrithe Sóisialta Leighis, agus é mar aidhm obair shóisialta leighis a chur i lár an aonaigh sa leasú reatha ar an chóras leighis
- Chomh maith le socrúcháin oiliúna rialta a sholáthar do dháréag mac léinn, thosaigh an roinn le socrúcháin ‘Adaptation’ a sholáthar do mhic léinn eachtracha, atá ag cur iarratais isteach ar cheadúnú a gcuid cailíochtaí tríd an mBord Cáilíochta Obair Shóisialta Náisiúnta
- Go náisiúnta, soláthraíodh oiliúint do chúrsaí mar, Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha (náisiúnta), Oiliúint Ildisciplíneach VEID (náisiúnta), Foirne Leanáí Scartha (HSE). Tugadh cur i láthair ar ‘Seirbhísí d’Ógantacht’ ag Comhdháil Chumann Haemaifilia na hÉireann, Cill Airne. Glacann oibrithe sóisialta páirt anois ar an gcoiste feachtais náisiúnta ‘Stamp Out Stigma’ agus ar an gcoiste Straitéise SEIF

An Roinn Teiripe Shaothair

Bhí méadú de 15% go ginearálta ar theagmhálaithe Teiripe Shaothair othar cónaithe agus othar seachtracha in 2007, agus méadú de 12% ar ghníomhaíocht. Méadaíodh teagmhálacha dónna agus Plaistigh le 18%. Bhain an roinn seilbh 97% de phoist amach le linn 2007.

Forbairtí

- Cuireadh tús leis an bpost Teiripeoir Saothair sinsearach dónna agus plaistigh, maoinithe ag an Dr. Eadie (Comhairleach Plaisteach) i Márta 2007. Chuir bunú an phoist seo le cur i bhfeidhm 3ú Clinic Treoraithe ag Teiripe (TLC) le feidhmiú i gcomhthráth le clinici comhairleach
- Ghnóthaigh A Rheumatology Arthritis Information Support and Education (RAISE) tugtha ag Teiripe Shaothair, Fiseateiripe agus Speisialtóir Altranais Chliniceach an sparánacht €10000 mór le rá, Bernard Conor, i 2007
- Soláthar Threalaimh Chumasúcháin atá Riachtanach do Scaoileadh: Tar éis críochnú de sceim phíolótach go luath in 2007 le LHO 4. Thug LHO 3 agus 5 gealltanais chun stoc de threalaimh riachtanach cumasúcháin a sholáthar mar chuidiú le scaoileadh gan uaim an othair isteach sa phobal

Tionscnaimh Cháilíochta

D'éascaigh deontas fondúireachta Ospidéal Naomh Séamas forbairt de DDanna suaimhnis, athchóiriú den seomra cóireála teiripe saothair agus turais phobail le hothair chúraim fhad-téarmach ó Ospidéal 4.

D'éascaigh cur i bhfeidhm an chórais dhaingean bharrachóid agus clibeála ar-líne don roinn barrachóid a chur ar a cuid trealaimh go léir. Éascaíonn sé seo taifead cruinn agus suíomh dár gcathaoireacha rothaí, páirteanna agus comhpháirteanna agus cinntíonn sé uasúsáid d'othair.

Críochnaíodh iniúchadh ar mhaoirseacht ghairmiúil agus cuirfear na torthaí i láthair ag comhdháil AOTI in Aibreán 2008.

Chríochnaigh an Roinn Teiripe Shaothair, Ospidéal Naomh Séamas & Institiúid Taighde Mercer (MIRA) Ospidéal Naomh Séamas, Roinn Síceolaíochta, Ospidéal Beaumont staidéar Teiripe Spreagtha Cognáíoch (CST). Tá sé mar aidhm ag an staidéar éifeachtúlacht de chlár theiripe spreagtha cognáíoch bunaithe ar fhianaise do dhaoine a bhfuil laigí cognáíocha orthu a chur i gcomparáid le rannpháirtíocht i ngnáthghrúpaí. Leiríonn torthaí tosaigh treoshuíomh don duine, am & áit tar éis don chlár grúpa a bheith críochnaithe.

An Roinn Fiseiteiripe

In 2007 bhí méadú de 12% ar ghníomhaíocht othar gan fhoireann bhreise mar gheall ar éifeachtúlachtaí agus próiseas othar feabhsaithe. Sholáthair an roinn fiseiteiripe iomlán de 94,408 cóireáil fhisiteiripe do 5,008 othar seachtrach agus 6,016 othar cónaithe.

Forbairtí/Tionscnaimh Cháilíochta

- Tosaíodh clinic fiseiteiripe OPD treoraithe ag mic léinn in Aibreán 2007. Tá rath air seo agus aiseolas ar dóigh soláthraithe ag othair agus chuidigh sé le liostaí feithimh othar seachtrach a laghdú
- Lean uaireanta oibre sínithe ar aghaidh in OPD. Shínigh seirbhís fiseiteiripe an ED a huaireanta ó 8-6 agus anois soláthraíonn na fiseiteiripeoirí in Ospidéal 2 seirbhís uaireanta sínithe
- Cuireadh le tréimhsí rothlaithe ghráid foirne i cairdeoirspráide agus i gcúram na naosach agus bhí sé an-thairbheach. Déanadh forbairt ar táscairí cliniceach in othair máinliachta iar-ob le sprioc go siúlfadh 80% d'othair 80m faoi lá 3 iar-ob. Cuireadh tús togra ag féachaint ar traenáil nirt i gcúram na haosach
- Nearaíodh nascanna lenár gcomhghleacaithe pobail agus forbraíodh rothlú gráid foirne idir LHO 5 agus Naomh Séamas agus forbraíodh post idirchaidrimh fiseiteiripe le pobal LHO 4. Déascaigh sé seo scaoilidh ospidéil ó fhisiteiripe agus obair fhisiteiripe phobail leantach níos tapa ar scaoileadh
- Leanadh roinnt tionscadal bainistíochta athraithe sa roinn in 2007 agus clár oiliúna do shinsir nua agus ghráid fhoirne curtha ar fáil. Déanadh athbhreithniú freisin ar thaifid agus ar mheicníochtaí bailíochta staitisticí na roinne. Bunaíodh coiste foirgnimh agus coiste cumarsáide chun ár meicníochtaí cumarsáide agus ár dtimpeallacht oibre a fheabhsú

Duaiseanna

I Samhain 2007, ag searmanas duaiseanna bronnta ag an Ollamh Brendan Drumm, Príomhfheidhmeannach, HSE, fuair an roinn fisiteiripe in Ospidéal Naomh Séamas an chéad duais sa chatagóir Iarracht is Fearr dá dtionscadal dar teideal- 'A reduction in outpatient physiotherapy non-attendance' - sna Duaiseanna HSE Bhaile Átha Cliath Lár Laighean. Bhí laghdú suntasach i rátaí neamh-fhrestail na roinne fisiteiripe ó 23% (290) go dtí 10% (190) in aghaidh na míosa agus laghdaíodh amanna liosta feithimh le dhá mhí. Ní raibh othair ag fanacht níos mó ná 6-8 seachtain do choinne fisiteiripe.

An Roinn Teiripe Urlabhra agus Teanga

Bhí méadú suntasach ar leibhéal de ghníomhaíocht in 2007. Méadaíodh gníomhaíocht othar cónaithe le 15%.

Forbairtí/Tionscnaimh Cháilíochta

- Bhí muid in ann leanstan ar aghaidh i mbliana lenár rannpháirtíocht le hinstitiúidí speisialta do dhaoine fásta ar fud na hEorpa a bhfuil afáise orthu, mar gheall ar mhaoiniú leanúnach ón tionscadal Léargas. D'óstáil roinn s'againn cruinniú an-rathúil i Márta 2007 i mBaile Átha Cliath. Saibhríodh an tseirbhís do chliant fhásta afáiseacha mar gheall ar an tionscadal seo
- Forbraíodh cosáin chúraim chaighdeánaithe do gach othar taobh istigh de MEDel
- Chuir roinn s'againn rothluithe i bhfeidhm do theiripeoirí den ghrád bunúsach
- Ceannaíodh córas suíochánra speisialta nua d'othair faoi scrúdú físfhluarascópach de slogóg
- Cuireadh tús le clár d'fhorbairt inniúlachtaí do theiripeoirí ag obair le hothair thraicéatóime
- Rinneadh atheagrú agus athbhreithniú rathúil ar sholathar seirbhíse do Speisialtacht Liachta Ginearálta go luath in 2007, agus bhí soláthar seirbhíse níos cothroma agus níos éifeachtacha mar thoradh
- Le riachtanais chumarsáide na n-othar i suíomhanna cúraim fadtéarmacha a chomhlíonadh, bhunaigh an Roinn Teiripe Urlabhra agus Teanga in Ospidéal 4 agus in Ospidéal Ghort na Silíní grúpaí athchuímhne

Gníomhaíochtaí Oideachais agus Taighde SCOPe

Cothú Cliniciúil

- Oileadh seachtar mac léinn BSc (Hons.) Cothú an Duine agus Daitéiteacha i 2007
- D'fhreastail 24 Saineolaí Cothúchain ar chúrsa oiliúna ar athrú nósanna maireachtála 'Stages of Change' i Samhain 2007
- Lean foireann Chothaithe Cliniciúil ar aghaidh le ar athrú ar athrúfoirne agus othar taobh istigh d'Ospidéal Naomh Séamas agus lasmuigh de chomh maith

Teiripe Shaothair

- D'éascaigh an roinn socrúcháin chliniciúla do 12 mac léinn in 2007

Fisiteiripe

- Fuair an roinn fisiteiripe roinnt deontas/sparántacht ón gcumann Ailse agus Fondúireacht Naomh Séamas a d'éascaigh freastal ar chomhdhálacha agus cúrsaí éagsúla chomh maith le ceannach de ríomhaire glúine agus teilgeoir don roinn
- Rinne roinnt ball foirne céimeanna iarchéime agus taighde. Chuir an fhoireann i láthair ag roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn na bliana, agus buaicphointe ná gur chuir beirt bhall foirne ó Naomh Séamas a dtionscadail ar oideachas agus airtréas réamatóideach i láthair, agus ról de chleachtadh 'sit to stand' ag an gcomhdháil dhomhanda teiripe fhisiceac in Vancouver i Meitheamh 2007

An Roinn Teiripe Urlabhra agus Teanga

- D'fhreastail teiripeoir sinsearach ar Chruinniú Chumann Taighde Diosfaige Idirnáisiúnta i Márta 2007 in Vancouver, Ceanada. Fuarthas maoiniú d'fhreastal ar an gcúrsa seo ón Sparantacht Oideachais Fhondúireachta
- Rinneadh maoiniú HSE foirmiúil do bhuanphost 0.5 Teagascóir Cleachtais do Theiripe Urlabhra agus Teanga
- Leanann foireann Teiripe Urlabhra agus Teanga lena ranníocaíocht d'oideachas na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga ag leibhéal iarchéime in TCD agus UL. Thosaigh ball foirne Céim Mháistreachta
- Chuir Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga póstaer i láthair ag Comhdhálacha eagraithe ag IASLT agus Cumann Míochaine Athshlánaithe na hÉireann

An Roinn Poitigéara



Veronica Treacy Uasal

Stiúrthóir na Seirbhísí Cógaisíochta (Ionadú)

An tUasal Shaun Flanagan

Príomh-Phoitigéir 1

Sandra Conaty Uasal

Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Ceannaíonn agus roinneann an Roinn Poitigéara táirgí poitigéara agus paraiphoitigéara laistigh den ospidéal. Soláthraítear seirbhís chliniciúil chun úsáid shábháilte, éifeachtach agus eacnamaíoch ar na táirgí sin a sholáthar.

Áirítear ar na seirbhísí eile seirbhís chomhdhúite aseipteach, eolas ar dhruaí, dáileadh eisothar chuig Ospidéal 5 agus oideachas agus oiliúint d'othair agus don fhoireann chliniciúil araon. Soláthair an Roinn Poitigéara na seirbhísí poitigéara go léir d'Ospidéal Naomh Lúcaís agus d'Oispis Mhuire. Bhí méadú ar ghníomhaíocht i ngach réimse le linn 2007.

Forbairtí in 2007


- Foilsíodh eagrán 2007 Prescribers Guide Naomh Séamas in Iúil. Cuireadh an acmhainn luachmhar seo ar fáil ar an inlín freisin
- Forbraíodh treoirínte do riarachán drugaí trí fheadán eintreach fothaithe d'inlín in 2007
- Thosaigh poitigéir sinsearach 0.5 WTE do TB i Meán Fómhair 2007. Soláthraíonn an ról seo seirbhísí poitigéara do clinic TB othar seachtrach agus othair chónaithe a bhfuil TB orthu, soláthar míochaine, oideachas othar agus comhairle chliniciúil do ghairmithe sláinte san áireamh

- Déanadh leasú leanúnach ar threoirlínte riaracháin drugaí inféitheach i gceantair bhardaí
- Chonaic an Seirbhís Cógais Diúité Éigeangála- a bhíonn ar fáil chun cógais nó eolas práinneach a chur ar fáil iar-ama anseo agus in ospidéal Ceangailte eile- ardú 10% ar dháileadh deireadh seachtaine
- Forbairt de Sheirbhís Phoitigéara Thrialacha Chliniciúil le Stiúthóireacht Medel
- Forbairt de chuntas cumarsáide leictreonach do phoitigéirí HOPE atá suite taobh istigh den Taifead Leictreonach Othar

Seirbhísí Íoclainne agus Leithdháilte

Lean an Íoclann ar aghaidh le seirbhís bhreisithe a sholáthar don ospidéal in 2007. Méadaíodh caiteachas drugaí an ospidéal go suntasach in 2007 agus méadú de 2.5% ar an méid dáiliúcháin. Le linn 2007 chuir an Roinn Poitigéara córas ordaithe ar-líne i bhfeidhm d'fhoireann phoitiéara bhordabhunaithe, deartha ag an roinn IMS.

An Líon Idirbheart



Seirbhísí Aiseipteacha/Athiolraithe

Déanann an tAonad Athiolraithe Aiseipteach in Ospidéal 7 réimse leathan de tháirgí cíteatocsaíneacha agus steiriúla eile d'othair chónaithe agus sheachtracha. Méadaíonn an t-éileamh don tseirbhís seo ó Haemaiteolaíocht/Oinceolaíocht. Bhí méadú ar éileamh mar gheall ar mhéaduithe i ngníomhaíochta thrialach freisin.

Seirbhísí Cliniciúla Poitigéara 2007

Tá rannpháirtíocht phoitigéara ag leibhéal barda dírithe ar úsáid sábháilte, éifeachtach agus eacnamaíoch de dhrugaí a chur chun cinn. I measc na seirbhísí ná:

- Rannpháirtíocht i gcuairteanna tróraithe ag comhairligh i roinnt réims speisialtóra
- Cuairteanna laethúla ar othair le soláthar drugaí agus athbhreithniú oidis a chinntiú

- Athbhreithniú staire mhíochaine ar iontráil. Foirm mheasúnaithe forbartha d'úsáid ag phoitigéirí in AMAU
- Oideachas a chur ar othair chónaithe (agus othair seachtracha nuair is gá) faoi mhíochaine roimh scaoileadh
- Soláthar de chártaí taifid mhíochaine agus bileoga eolais othar chun cur le comhlíonadh de réimeanna míochaine casta. Rinneadh athbhreithniú ar sholáthar na gcartaí taifid mhíochaine d'othair in 2007 le sásamh othar agus aiseolas phoitigéara a mheas. Leag an tionscadal béim ar leibhéal ard de shásamh othar agus mhol freisin athruithe d'fhormaid agus de leithdháileadh
- Dul i gcomhairle le Poitigéirí Pobail le cinnte a dhéanamh de nach dtagann fadhbanna solatháir chun solais ar scaoileadh
- Comhairle le foireann speisialtóra liachta agus altranais le treoirlínte íoclainne a athbhreithniú don Ospidéal

Tá léachtaí do na cúrsaí 5 lá Haemaiteolaíochta agus Oinceolaíochta, na laethanta Staidéir Cheimiteiripe do leibhéal altra I & II, na clár Mháistreachta in Oinceolaíocht Chliniciúil ag UCC agus TCD chomh maith le Nuashonruithe bliantúla in Oinceolaíocht agus Haemaiteolaíocht mar chuid de rannpháirtíocht phoitigéara stiúthóireachta HOPE in oiliúint agus oideachas foirne ildisciplíneach (MDT).

Bhí fás leanúnach ag Phoitigéirí GUIDe i líon na n-othar a fuair míochaine frith-aisvíreasacha agus HIV-bainteach eile ag na clinici HIV a bhíonn ann dhá uair sa tseachtain agus ag an gclín Comh-Ionfhabhtaithe HIV a bhíonn ann uair sa tseachtain.

MSc. i gCógaisíocht Ospidéal

Is cúrsa débhlíantóga cleachtasbhunite le tionscadal taighde é an M.Sc. i gCógaisíocht Ospidéal. Tá sé deartha chun eolas agus scileanna na bpoitigéirí ospidéal a uasmhéadú. Soláthraíonn an Scoil Eolaíochtaí Chógaisíochta agus & Cógaseolaíoch TCD é, i gcomhar le roinnt ospidéal teagaisc agus comhordaithe ó Ospidéal Naomh Séamas. Chríochnaigh deichniúr mac léinn an clár go rathúil i Nollaig 2007.

Gníomhaíochtaí Oideachais agus Taighde

Tá ról ag an Roinn i dteagasc leanúnach do mhic léinn chógaisíochta fhocheime agus iarchéime, altraí agus mic léinn liachta agus intéirigh.

I measc na n-éachtaí foirne in 2007 bhí:

- MSc Cógaisíocht Ospideil TCD - David Walsh agus Kate Dunn
- MSc Cógaisíocht Chliniciúil UCC - Rebecca Breslin
- Bronnadh an Duais Mary Harte ar Nicola Henegan don Tionscadal Cógaisíochta Réamh-Chláráithe is fearr, 2007 ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Phoitigéirí Ospidéal na hÉireann
- Bronnadh an Duais Servier ar Eileen Relihan, Oifigeach Sábháilteachta Míochaine, do thionscadal R-Foghlama d'Altraí

Ionad Eolais Míochainí Náisiúnta (NMIC)

Claudine Hughes Uasal

Príomh-Phoitigéir II

John Feely An tOllamh

Stiúrthóir Liachta

An tOllamh Kamal Sabra

Stiúrthóir Cógaisíochta

Soláthraíonn an NMIC eolas faoi aon ghné de theiripe drugaí lena n-áirítear léirithe agus frithléirithe do mhíochainí, dáileoga i staideanna galair, idirghníomhaíocht drugaí, drochéifeachtaí, úsáid drugaí le linn toirchis agus lachta. Thosaigh breis is 70% d'fhíorúcháin chuig an NMIC in 2007 ó phríomhchúram agus an t-eolas is coitianta de dhíth a bhain le riarachán/dáileogacht mhíochainí.

Soláthraíonn an NMIC eolas míochainí go réamhghníomach trína dhá fhoilseachán, nuachtlitr mhíosúil thuisceana reatha "Therapeutics Today" agus bileog threapeolaíochta dhémhíochacháin. I measc na n-ábhar clúdaithe in 2007 (eag.13) ná Míochaine Thaistil, Diabetes Mellitus, Murtall & an Siondróm Meitibileach, Eachma & Soiríais.

Cuirtear gach foilseachán NMIC chuig dochtúirí agus poitigeirí ar fud na tíre agus iad ar fáil ar <http://www.nmic.ie>

Ionad d'Ard-Teiripeacha Cliniciúla (CACT)

An Dr. Mary Teeling

Stiúrthóir

An tOllamh John Feely

Stiúrthóir Liachta

Soláthraíonn an tIonad oideachas le cur ar chumas gairmithe sa chúram sláinte agus an tionscal poitigéireachta coinneáil cothrom le dáta le dul chun cinn i réimse na poitigéireacht.

Le linn 2007, cheiliúir an tIonad bronnadh céime ar a chéad líon de mhic léinn ón MSc i Míochaine Chógaisíochta (i gcomhar le Coláiste na Tríonóide) agus a dhara iontráil de mhic léinn ón MSc i gCógaisíocht Chliniciúil (i gcomhar le Scoil na Cógaisíochta, Colaiste Ollscoile, Corcaigh).

Bhí roinnt cúrsaí gairide le linn na bliana, ina measc modhanna cliniciúla taighde, nuashonrú ar oinceolaíocht, tuiscint ar staidéir chliniciúla agus faireachas cógas agus sábháilteacht dhrugaí. Lean an tIonad ar aghaidh lena chomhoibriú le Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn agus réachtáil cúrsaí staitisticí do Chláráitheoirí Speisialtóra dhá uair sa bhliain.



Na chéad chéimí MSc i Míochaine Chógaisíochta le baill fhoirne CACT



Ionad Náisiúnta don Eacnamaíocht Poitigéireachta (NCPE)

An Dr. Michael Barry
Stiúrthóir Cliniciúil

Bunaíodh an tIonad Náisiúnta don Eacnamaíocht Poitigéireachta (NCPE) in Éirinn, a mhaoiníonn an Roinn Sláinte agus Leanaí, in 1998 agus tá an tIonad bunaithe in Ospidéal Naomh Séamas.

Cuireann an tIonad saineolas chun chinn in Éirinn maidir le dul chun cinn an disciplín Eacnamaíocht Poitigéireachta trí chleachtas, taighde agus oideachas. Áirítear ar a ghníomhaíochtaí luacháil eacnamaíoch ar tháirgí poitigéireachta agus forbairt ar oidisiú atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Déanann an NCPE taighde freisin, ag díriú go príomha ar anailís eacnamaíoch na dteiripí ardchostais cosúil le cóir leighis do ghalar othrais peiptigh, chliseadh croí, theiripe HIV agus do theiripe laghdaithe lipide. Chomh maith leis sin cuireann an tIonad leis an gcuraclam fochéime poitigéireachta agus le hollíúint iarchéime.

Chuir an tIonad 13 athbhreithniú isteach d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ó Eanáir 2007 agus tá 3 mheasúnú teicneolaíochta sláinte á dhéanamh aige i láthair na huaire.

I measc na measúnuithe ar na mallaibh bhí: vacsaín Niúmacocúil, Natalizumab (Tysabri), imdhíon-teiripe fotheangach (Graza), Suboxone, Lapatinib (Tyverb), Nilotinib (Tasigna) agus vacsaín HPV le riosca ó ailse cheirbheacsach a laghdú.

D'óstáil NCPE cruinniú Chumann Idirnáisiúnta do Thaighde Eacnamaíochta Poitigéireachta agus Torthaí (ISPOR) i nDeireadh Fómhair ag an RDS. Tá tuilleadh eolais ag: www.ncpe.ie.

Fisic Liachta agus Bith-Innealtóireacht



An tOllamh Neil O'Hare
Ceann Cúnta Roinne



An Dr. Geraldine O'Reilly
Ceann Cúnta Roinne

Réamhrá

Is í an Roinn Fisic Mhíochaine & Bithinnealtóireachta (MPBE) acmhainn theicniúil agus eolaíoch an Ospidéil maidir le ceistanna trealamh míochaine. Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bainistíocht tionscadail, coimisiúnú córais, cúraim sábháilteachta, bainistíocht trealamh, dearbhú cáilíochta, oideachas agus taighde.

Forbairtí in 2007

Trealamhú

- Bhí ath-threalamhú mór ar dhruilírí agus sábhá máinliachta don stiúthóireacht ORIAN
- Coimisiúnaíodh seomra bairiam agus Saotharlann úrscothach Cataitéaraithe Cairdiach dlómháú Diagnóiseach
- Cuireadh tús le tógáil d'fhoirgneamh nua don Ionad Ard-Íomháithe maoinithe ag an mBord Taighde Sláinte
- Bhí pleanáil d'athchuir na ndíghalróirí teirmeacha reatha in CSSD i gcomhar leis an Ionad Fuinnimh. Bhí laghdú suntasach ar chostais fhuinnimh mar gheall air seo, chomh maith le lorg carbóin laghdaithe
- I gcomhar le GEMS agus CResT, thug MPBE tacú do threalamhú de sheirbhís ionscópachta ultrasonach nua, agus mar chuid de sin bhí tabhairt isteach den chéad áis ultrafhuaim bhroiniceach ionscópachta in Éirinn

Gníomhaíochtaí

- Bhí an tréachur bliantúil is airde go dtí seo ag seirbhís eisídithe iaidín raidió Ospidéal Naomh Séamas, tacaíthe ag MPBE
- Sholáthair MPBE seirbhísí sábháilteachta léasair, RPA (Comhairleoir Cosanta Radaíochta) agus UV do Shan Séamas agus agus d'ospidéil sheachtracha agus Cleachtais Fhiaclóireachta
- I measc na gcóras seachtracha a déanadh a choimisiúnú bhí CTs Il-shleasach, CTs sothghluaiste ar leantóirí, córais mamagrafaíochta digiteacha agus córais raideolaíochta FPD
- Bhí áit ag baill MPBE ar an mbord den Choimisiún Leictreicniúil Idirnáisiúnta (IEC), coistí teicniúla agus ar Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiún Eorpaigh ar Chosaint Radaíochta
- Chuaigh an tOll. Neil O'Hare ar iasacht chuig an HSE chun an tionscadal náisiúnta PACS a bhainistiú

Gníomhaíochtaí Taighde

SENTINEL

Chuir MPBE le agus chomhordaigh grúpaí oibre in SENTINEL, gníomh maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach a bhaineann le dáilleog, cáilíocht íomháithe agus éifeachtúlacht in Íomháu Digiteach. Cuireadh DD oiliúna a d'fhorbair MPBE ar DXA (Dual X-Ray Absorbimetry) ar fáil trí shuíomh gréasáin SENTINEL.

Cuireadh deireadh le SENTINEL in 2007, agus chuir MPBE an tuarascail dheiridh isteach ar a chuid oibre agus chuir paipéir dheiridh i láthair ag an gcruinniú cuibhreannais in Delft. Cuireadh tús le tionscadal leantach ar chritéir d'inghlacthacht de threalamh x-gha.

EMITEL

Chuir MPBE le tionscadal EMITEL, maoinithe ag an gClár Leonardo, le ciclipéid ar-líne ar Fhísic Liachta a fhorbairt.

E-Medi

Lean ionchur MPBE don tionscadal r-foghlama EMedi, maoinithe ag an gCoimisiún, i gcomhoibriú le Raideolaithe in Íomháu Diagnóiseach.

Eile

I gcomhar leis an Aonad Titime agus Sioncóipise, fuair MPBE Sparántacht Noel Hickey Fhondúireacht Chroí na hÉireann le taighde a dhéanamh ar theicniocht diagnóiseach darb ainm Carotid Sinus Massage, a úsáidtear chun cúiseanna féideartha titime agus sioncóipise a mheas.

Thug MPBE tacaíocht do thaighde TRIL ar chosc titime i ndaoine scothaosta agus chuidigh le clinic taighde titime a bhunú, a áiríonn anailís choisíochta 3D agus córais rianaithe gluaisne. Bronnadh scoláireacht Marie Curie ar MPBE le freastal ar sheimineár ar "Mathematical Modelling and Cardiovascular Respiratory Control" a mhaoiniú.

Leanadh taighde cliniciúil agus teicniúil ar chrith súile ag MIRA ag baint úsáide as an gcóras tomhais súile a d'fhorbair MPBE. Chuir foireann agus mic léinn i láthair go forleathan ag comhdhála náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Oideachas/Oiliúint

Tá Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) go fóill mar chuid thábhachtach de ghníomhaíocht na Roinne agus cuireadh córas rianaithe CPD bunaithe ar ríomhairí i bhfeidhm mar chuidiú le cinnte a dhéanamh de go gcomhlíontar spriocanna CPD.

Chláraighe dáréag mac léinn ar an gcórsa MSc in Eolaíochtaí Fisiceacha i Míochaine ag TCD, atá in Ospidéal Naomh Séamas. B'é seo an chéad iontráil ar an gcórsa athdheartha agus is féidir anois é a chríochnú taobh istigh de bhliain.

Rinne MPBE ranníocaíochtaí móra léachta do Chomhaltacht Dhán na Radaíochta ag RCSI. Thug MPBE tacú freisin don MSc i bhFaisnéisíocht Sláinte ag TCD agus don BSc in Eolaíochtaí Comhshaoil agus Sláinte ag DCU. Socraíodh comhalta IAEA (Gníomhaire Fuinnimh Adamhach Idirnáisiúnta) ar chuairt ón Mhalaeisia le MPBE chun taithí a fháil ar chleachtas rialaithe/QA Eorpach i radaíocht ianaithe.

Reáchtáil MPBE cúrsaí lae i Sábháilteacht Léasair agus i gCosaint Radaíochta do Chleachtóirí Liachta Neamh-Radaíochta agus Pearsanra Ospidéil. Forbraíodh cúrsa lae i dTeicneolaíocht Ainéistéise agus curtha ar fáil i gcomhar leis an Roinn Ainéistéise. Forbraíodh agus seachadadh an chéad cheardlann Eintreascópachta Balúin Dúbailte sa Roinn i gcomhar le Fuji na Seapáine agus an stiúrthóireacht GEMS. Thug saineolaithe ar shábháilteacht Radaíochta sa Roinn an leagan deiridh d'fhoilseachán coimisiúnaithe ag an RPIL: *"The design of diagnostic medical installations using ionising radiation"*.

Fuair foireann MPBE oiliúint go dtí leibhéal an duine tastála údaráithe i gcórais steirilithe. Ceapadh an Dr. Neil O' Hare, Cheann Cúnta roinne mar Ollamh cúnta Fisice ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).

Bronnadh MSc in Innealtóireacht Chliniciúil ar Brian Lennon, Teicneoir Sinsearach Innealtóireachta Cliniciúil, ó Ollscoil Cardiff.

Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta



An tUasal Craig Robertson

Bainisteoir Sheirbhísí Tacaíochta Ginearálta

Réamhrá

I meas na seirbhísí ná, Lónadóireacht, Fódóireacht, Neachtlan, Slandáil, Doirseoireacht, Teileachumarsáid, Timpeallacht agus Séiplíneacht. Tá gach seirbhís tiomanta do thimpeallacht sábháilte, glan agus taitneamach d'othair, foireann agus cuairteoirí.

Eochairfhorbairtí

- Sainithníodh Ospidéal Naomh Séamas ag tús na bliana mar shuíomh 'Critical Mass Status' don tionscadal SKILL' Spreagann agus éascaíonn an tionscadal seo foireann na seirbhíse tacaíochta páirt a ghlacadh i gclár oiliúna bunaithe ar inniúlacht a sholáthróidh cáilíocht creidiúnaithe ag FETAC. Tá an deis seo á ghlacadh anois ag cuid mhór den fhoireann tacaíochta GSS
- Ceapadh Craig Roberston mar Bhainisteoir Sheirbhísí Tacaíochta Ginearálta i Márta 2007
- Bhain an t-ospidéal rangú 'maith' amach i Scéim Mheasúnaithe Sláinteachais de Bhord Creidiúnaithe Seirbhísí Sláinte na hÉireann
- Tugadh córas ceannaigh gan airgead tirim isteach i mBialann na Foirne agus in áiteanna lónadóireachta eile atá bainisthe ag an ospidéal ar an suíomh

- Bhí 5,000 cárta Aitheantais/Rialúcháin Rochtana foirne uasghrádaithe do chartaí teicneolaíochta Mifare a chuireann ar chumas na foirne a gCártaí Aitheantais mar mhodh aitheantais, Cárta Rochtana, agus Cárta Ceannaigh gan airgead tirim

Roinn na Seirbhísí Fódóireachta

I bhFeabhra 2007, thosaigh Grace Rothwell mar Cheann de Sheirbhísí Fódóireachta. D'éascaigh an ceapachán seo tuilleadh comhtháthaithe de gach seirbhís fódóireachta ar fud an ospidéal, atá soláthraithe ag meascán de sheirbhísí istigh agus conartha.

Rinne an Fhoireann Athbhreithnithe Chomhpháirtithe Iniúchta Shláinteachais iniúchadh ar an ospidéal, faoi choimirce Bhord Creidiúnaithe Sheirbhísí Sláinte na hÉireann. Bhain an t-ospidéal rangú 'maith' amach. Mar ullmhúchán don chéad athbhreithniú eile glacadh le cur chuige ildisciplíneach maidir le polasaithe, cleachtas, agus modhanna oibre a fhorbairt le rannpháirtíocht suntasach ó Roinn na Seirbhísí Fódóireachta, i gcomhar le foireann tábhachtach eile, ina measc Altranas agus Rialú agus Cosc Infhabhtaithe.

Bhí forbairtí eile le linn na bliana, ina measc athbhreithniú ar sheirbhísí agus acmhainní glantacháin i roinnt áiteanna san ospidéal, m.sh. soláthar de sheirbhís lá fada glantacháin; tabhairt isteach agus soláthar de 'Fhoireann Scaoilte', ó 6in-10in gach lá le cuidiú i mbainistiú éifeachtach leapacha; forbairt de Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse do sheirbhísí glantacháin fuinneog ag Ospidéal Naomh Séamas.

Roinn na Seirbhísí Timpeallachta

D'eirigh Frank Duffy as in 2007, Bainisteoir na Seirbhísí Timpeallachta, tar éis blianta fada seirbhíse san ospidéal. Tá obair ag dul ar aghaidh, i gcomhar le conraitheoir fuill an ospidéal, Thorntons, le gach sruth fuill a shainnithint agus le leithscaradh agus athchúrsáil a uasmhéadú nuair is féidir, agus an méid is mó is féidir a choinneáil ó líonadh talún.

Bhí tionchar dearfach le bunú DMR (Earraí In-athchúrsáilte Measctha Tirim) mar shruth ar leith fuill ar iarrachtaí an ospidéal, agus 30% den fhuíoll ag dul le haghaidh athchúrsála.

Seirbhísí Neachtlainne

Soláthraíonn an Roinn, i gcomhpháirtíocht le Celtic Linen, an soláthraí seirbhíse seachtrach, seirbhís laethúil línedaigh do gach barda an Ospidéal, agus anuas air sin cuireann sí seirbhísí éagsúla níocháin ar fáil, lena n-áirítear éadach pearsanta d'othair fhadtéarmacha sa réimse Cúram do Dhaoine Scothaosta, níochán cuirtíní mar chuid de sheirbhís don Ospidéal ina iomlán, seirbhís níocháin éide do ranna

áirithe agus seirbhís níochán mapa don Roinn Tís, seirbhís atá ag fás, a éascaíonn leathnú amach an chórais nua mapála. Cuirtear seirbhísí fuála ilghnéitheacha ar fáil freisin.

Bhí obair na Seirbhísí Neachtlainne don bhliain dírithe ag an bpróiseas de fhéin-mheasúnú chomh maith le moltaí ó Iniúchadh Coisc Infhabhtaithe agus Rialaithe ar rinneadh go luath in 2007.

An Roinn Lónadóireachta

Tá an Roinn Lónadóireachta freagrach go bliantúil d'ullmhúchán agus leithdháileadh de chóir a bheith milliún béile othar agus de sholáthar roinnt seirbhísí bialainne agus caifé ar an suíomh. Caithfidh an roinn lónadóireachta na rialúcháin reachtúla reatha maidir le sábháilteacht bhia chomh maith le sláinteachas oibríochta a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm go laethúil.

Cuirtear monatóireacht chuimsitheach ar an gcóras i bhfeidhm, bunaithe ar na prionsabail HACCP ionas go mbíonn monatóireacht ar gach modh oibre ar bun mar ghnáthamh.

Fuarthas maoiniú in 2007 chun an roinn a nuachóiriú chun tús le clár athchóirithe cuile barda a éascú agus chun trealamh sa tsaoráid táirgthe a athchur.

Ceannach gan airgead titim

Tugadh córas ceannaigh gan airgead tirim isteach i mBialann na Foirne agus in áiteanna lónadóireachta eile atá bainistithe ag an ospidéal ar an suíomh. Baineadh an tionscadal seo amach trí chur chuige ildisciplíneach leis an gCoiste Comhpháirtíochta agus na Ranna Lónadóireachta, Airgeadais agus IMS.

An Roinn Séiplíneachta

Nuair a thagann daoine chuig an ospidéal bíonn imní orthu go minic faoin gcuid síceolaíoch agus spioradálta dá saol freisin. Baineann foireann na Seirbhíse Séiplíneachta leis na príomhEaglaisí Críostaí agus freagraíonn siad do riachtanais spioradálta agus síceolaíochta othar agus a dteaghlach trí dháileadh na Sacraimintí agus trí chúram agus comhairleoireacht spioradálta, go háirithe ar uair an mhíshuaimhnis, a chur ar dhaoine breoite agus iad ag fáil bháis agus orthu siúd ar éag daoine leo.

Caitear neart ama le teaghlach na n-othar, ag tabhairt tacaíochta dóibh siúd atá ag fulaingt le taithí an tinnis foirceanta ar na daoine is cóngaraí dóibh agus ag tabhairt sólais do na daoine i lár méala.

Bíonn an tseirbhís ar fáil 24 uair a chloig agus tá foireann dheonach láidir 36 duine ann a fheidhmíonn mar Mhinistí na hEocairiste agus a thugann cúnamh chun comaoin a thabhairt chuig othair ar bhonn laethúil.

Bhí Aifreann Cuimhneacháin Speisialta i mí na Samhna do bhaill fhoireann nach maireann, a teaghlach agus a gcairde. Bhí áthas ar an roinn i mí na Nollag Cór Guinness a bheith ann mar aionna ag an tSeirbhís Carúl a bhí ar an suíomh.

Teileachumarsáid

Cuireadh córas nua Teileafónaíochta IP isteach i Meitheamh 2007 ar fud an ospidéil. Soláthraíonn sé córas teileafóin úrscóthach a éascóidh tuilleadh fairsingithe den ospidéal sa toadhchá. Rinneadh an mórtionscadal seo i gcomhphairtíocht leis an roinn IMS agus soláthraí seirbhíse conartha Planet 21 agus Cisco.

Slándáil

In 2007 lean an Roinn Slándála/Comhghuaillithe lena forbairt a chur chun cinn. Is acmhainn mhór é an Seomra Rialúcháin a dhéanann monatóireacht 24 uair ar fhorhór an CCTV ar fud an Ospidéil agus a chuireann cumarsáid lárnaithe ar fáil do ghníomhaíocht slándála ar bith. Tá an Seomra Rialúcháin le foireann 24/7, idir fhoireann slándála conartha agus an fhoireann istigh.

Tá córais slándála bunaithe ar IT agus leictreonaic á bhforbairt don chaighdeán is airde. Uasghrádaíodh an córas Rialúcháin Rochtana ó Swipe go Mifare Proximity Access Control, Carrchlóis Ainmnithe d'Fhoireann. Méadaíodh clúdach Rialúcháin Rochtana le 50% in 2007. Bhí 5,000 cárta Aitheantais/Rialúcháin Rochtana foirne uasghrádaithe do chartaí teicneolaíochta Mifare a chuireann ar chumas na foirne a gCártaí Aitheantais mar mhodh aitheantais, Cárta Rochtana, agus Cárta Ceannaigh gan airgead tirim.

Seoladh folíne tiomanta Teileafóin Éigeandála Slándála in 2007. Is líne teileafóin tiomanta gan idirbhriseadh é seo d'fhoireann ar fud an ospidéil le teagmháil a dhéanamh leis an Seomra Rialúcháin Slándála i gcás éigeandála. Cuireadh Beolíne Shlándála i bhfeidhm freisin ag Fáiltiú an Ospidéil in 2007. Cuireann se seo ar chumas fhoireann an fháiltithe teagmháil a dhéanamh leis an Seomra Rialúcháin Slándála i gcás éigeandála trí shás láimhe a thógáil agus labhairt. Tá rath ar an dá chóras.

Ní raibh méadú ar choir ar champas an ospidéil le linn na bliana, go staitistiúil. Bíonn rath go fóill ar chlár faireachais an ospidéil agus idirchaidreamh méadaithe leis an nGárda Síochána chomh maith le tiomantas Oifigeach Idirchaidrimh an Ghárda agus a chomhghleacaithe. Tá dearcadh neamhfhuilgthe ag an bhfoireann shlándála go fóill maidir le hiompar frith-shóisialta ar champas an ospidéil, agus gabhálacha agus ionchúisimh suntasacha mar thoradh air seo.

D'éirigh David F. Lewington, Bainisteoir Seirbhísí Slándála/Comhghuaillithe as a phost in 2007 a ghlac páirt an-luachmhar sa Roinn Slándála/Seirbhísí Comhghuaillithe.

Doirseoireacht

Feidhmíonn an tSeirbhís Doirseoireachta ar bhonn 24 uair a chloig seacht lá na seachtaine agus oibríonn sí le gach Roinn san Ospidéal. Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil áirítear aistriú othar ó barda go barda agus chuig ranna, seirbhís otharcharr inmheánach chomh maith le seirbhísí cuimsitheacha teachtaireachtaí ar fud an ospidéil agus ar fud na cathrach.



An tUasal Paul Gallagher
Stiúrthóir Altranais

Réamhrá

Déanann an roinn Altranais Altraí agus Cúntóirí Chúram Sláinte a earcú agus a fhorbairt, agus cuireann párolla, riarachán pearsanra agus forbairt ghairmiúil ar fáil dóibh. Tá an roinn freagrach freisin as Aonad Forbartha Cleachtais Altranais.

Ar na príomhdhúshláin a bhí roimh an ngairm agus an ospidéal bhí an t-achrann altranais a thosaigh ar 2 Aibreán, 2007 agus a mhair ar feadh 51 lá. Coinníodh soláthar cúraim go cuí d'othair le linn na tréimhse sin agus coinníodh caidreamh dearfach oibre idir bainistíocht an ospidéil agus ceardlanna cuí altranais.

Eochairfhorbairtí i 2007

Oideasú Altra

Lean rannpháirtíocht i 2007 sa tionscadal náisiúnta ar oideasú altra, ar cuireadh tús leis i 2006 i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus Coláiste Ríoga na Máinlianna. Fuair foireann altranais cliniciúil, a raibh taithí acu, sé mhí d'oiliúint in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair. Fuair gach rannpháirtí meantóireacht ó fhoireann liachta sinsir le linn na tréimhse seo agus tar éis an phróisis seo, rachaidh cuid de na rannpháirtithe ar aghaidh agus a bheas cáilithe mar Oideasóirí Altra cláraithe i 2008.

Banc Altra

Cuireadh tús leis an tionscadal píolótach seo i Meán Fómhair 2007, agus an príomhchuspóir a bhí aige ná áirithintí de na sealanna ragoibre agus gníomhaireachtaí atá de dhíth sa suíomh cliniciúil a lárú. Tá se mar aidhm thar iomlán an tionscadail an caiteachas iomlán a laghdú agus go háirithe costais a bhaineann le foireann altranais ghníomhaireachta.

Coiste Rochtana Taighde Altranais

Thosaigh an tionscnamh seo in 2007 agus an phríomhaidhm aige ná rochtain ag taighdeoirí d'fhoireann chúnta altranais agus chúram sláinte ar fud an tsuímh a mhaoirsiú agus a bhainistiú. Le linn na bliana d'athbhreithnigh an coiste 25 togra taighde.

Cumarsáid Altranais

Le linn 2007 cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun cumarsáid go foireann altranais agus HSA a fheabhsú, iad seo a leanas san áireamh:-

- Seoladh nuachtlitir “*Nursing Matters*” agus foilsítear gach ceithre mhí é
- Thosaigh cruinnithe seachtainiúla na Feidhmeannacht Altranais, cruinnithe dírithe idir an Stiúrthóir Altranais agus na grúpaí seo a leanas: Ard-Chleachtóirí Altra, coiste na Speisialtóirí Altra cliniciúla, coiste na mBainisteoirí Altra Cliniciúla

Seachtain Oibre 37.5 Uair

Tar éis an achrainn altrá náisiúnta, thosaigh foireann altranais díospóireachtaí áitiúla mar ullmhú do chur i bhfeidhm seachtain oibre 37.5 uair, le tosú i Meitheamh 2008. Ghlac foireann altranais an ospidéal páirt freisin i Staidéar Féidearthachta náisiúnta nuair a bailíodh sonraí tábhachtacha a úsáidfear in ullmhúchán do chur i bhfeidhm na seachtaine oibre 35 uair d'altraí sa todhchaí.

Prótacal Radaíochta Ianaíthe

Tar éis athbhreithnithe de chleachtas altranais, forbraíodh treoirlínte le tacaíocht a thabhairt d'Ard-Chleachtóirí Altra (ANPí) agus Speisialtóirí Altra chun radaíocht x-ghanna/ianaíthe a iarradh ar son comhairleach. Tá 86 ball foirne altranais chliniciúil go neasach páirteach go gníomhach sa phróiseas seo. Déanfar measúnú foirmiúil air in 2008.

Atreoruithe Altra Sláinte Phoiblí Leictreonacha

Bhí tuilleadh fairsingithe in 2007 ar an tionscadal seo i roinnt réimsí ar fud an ospidéal agus faoi dheireadh na bliana bhí an tionscnamh seo á chur i bhfeidhm i ngach limistéar barda.

Cláir Dhioplóma Iarchéime

Bhí cláir dhioplóma iarchéime ar fáil d'Altranais Thimpiste agus Éigeandála, Oibrádlann Mháinliachta, Dianchúraim agus Haemaiteolaíochta. rinneadh tuilleadh nascanna le comhghleacaithe altranais in AMNCH/Ospidéal Thamhlachta ionas go mbeadh acmhainní agus léachtóirí roinnte do ghnéithe áirithe de chlár chéimí. Tugann Ospidéal Naomh Séamas tacaíocht leanúnach don chlár oiliúna altranais fhochéime agus iarchéime, déanta le hidirchaidreamh dlúth le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Léachtóir/Cleachtóir (Altranais Seaneolaíoch)

D'fhorbair Ospidéal Naomh Séamas agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath post de Léachtóir/Cleachtóir (Altranais Seaneolaíoch). Thosaigh Anna Watson Uasal sa ról nua seo in Iúil 2007, atá ina phost roinnte idir an Stiúrthóireacht MedEL agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an ról seo tacú díreach a sholáthar do rannpháirtithe cúrsa ar an gCéim Mháistreacht, Altranais Seaneolaíoch.

Iníúchadh Suímh an Bhoird Altranais

Cuireadh tuarascáil ón mBord Altranais ar Ospidéal Naomh Séamas, a rinneadh i Samhain 2006, chuig an Stiúrthóir Altranais in Iúil 2007. Solathraíodh aiseolas an-clearfach, ag déanamh tagartha do réimsí de shármhaitheas. Rinne an tuarascáil roinnt moltaí freisin a bhí curtha i bhfeidhm ag an Aonad Forbartha Cleachtais Altra.

Scoir Altranais Sinsir

D'éirigh Mary McKenna Uasal, Stiúrthóir Cúnta Altranais agus Barbara Garrigan Uasal, Ceann an Ionaid Fhoghlama agus Fhorbartha, as Ospidéal Naomh Séamas le linn 2007.

Earcú

Líon Iomlán Foirne Earcaithe

= 276 coibhéisí lánaimseartha (wte).

Miondealú de réir Náisiúntachta:

– Éireannach = 151
– AE = 19
– Neamh-AE = 106

Líon Iomlán a d'éirigh as

= 254 wte

Meánráta Míosúil Folúntais

= 69.04 wte

Aonad Forbartha Cleachtais Altranais (NPDU)

Is é aidhm an NPDU feidhmiú chleachtas fianaise-bhunaithe i gcúram altranais do gach othar, dá dteaghlach agus dá gcúramóirí san Ospidéal a éascú. Faigheann na Comhordaitheoirí tacaíocht ó Chomhordaitheoir Oideachais, ó 4 Altra Tacaíochta Cliniciúla, ó Altraspeisialtóir Inmharthanachta Fíocháin, ó 9.5 Comhordaitheoirí Socrúcháin Chliniciúla agus ó Oifigeach Leithdháilte Mac Léinn.

Téann tacú d'fhorbairt ar chleachtas trí struchtúr coiste go fóill, agus/nó foghrúpaí oibre gearrthéarmach ar a bhfuil ionadú réimse traschliniciúil agus ildisciplíneach mar is gá. Bhí na coistí, grúpaí oibre agus tionscnaimh i measc iad siúd a tháinig chun cinn nó a forbraíodh in 2007:

- Grúpa Oideachais Inseirbhíse Altranais
- Ionlocadh agus bainistiú Fheadáin Chothaithe/Sróine-Gastracha
- Caitidéarú Uiréadach Fear
- Clár Féin-Chógais (Stiúrthoireacht MedEI)
- Cur chun cinn Chleachtais Dhoiciméadúcháin is fearr le moladh ar chaighdeán dhoiciméadúcháin altranais ón bFhoras Creidiúnaithe i rith a cuairte suímh
- Cleachtais Inmharthanachta Fíocháin ina measc Lá Staidéir Inmharthanachta Fíocháin le freastalaithe ó cheann ceann na tíre
- Forbairt Inniúlachta agus sruthíniú inniúlachtaí altranais atá ann faoi láthair ar fud na heagaráochta
- Cúram Traicéastóime (le hidirchaidreamh dlúth leis an Éascaitheoir Sábháilteachta) ina measc Lá Staidéir Cúraim Traicéastóime le freastalaithe ó cheann ceann na tíre
- Athbheithniú ar Pholasaithe/Phrótaicil Cliniciúla agus ar Threoirínte Altranais
- Measúnú Othair/Foirne agus Oideachais agus forbairt inniúlachta maidir le hionanálú cógais
- Bainistíocht Cógais (i bpáirt leis an Áisitheoir Sábháilteachta Cógais)
- Cleachta is Infhéitheacha
- Oideachas/oiliúint maidir le Féith-Tholladh agus Cannúlú
- Clár Uainíochta d'altraí nuacháilithe le na céad céimithe Altranais BSc ag comhlíonadh an Chláir Uainíochta
- Grúpa Iniúcháireachta Cleachtais Altranais

Altraí Tacaíochta Cliniciúla

Lean na hAltraí Tacaíochta Cliniciúla lena dtacaíocht do Bhainisteoirí Altra Cliniciúla (CNMs) ina ról trí dhírú ar an bhforbairt leanúnach de gach altra liachta/máinliachta in Ospidéal Naomh Séamas, agus cleachtas altranais a fhorbairt sa réimse cliniciúil.

Altraí ón gCoigríoch – Clár Oiriúnaithe

In 2007 chríochnaigh 72 altra breise an clár ionductaithe agus oiriúnaithe. Comhordaíonn altra tacaíochta cliniciúil an clár d'altraí ón gcoigríoch in Ospidéal Naomh Séamas. Éilíonn sé seo go n-oibreofaí go dlúth leis an mBainisteoir Acmhainní Daonna Altranais agus CNManna/foireann chliniciúil lena chinntiú go gcomhlíonann na haltraí seo na critéir agus na hinniúlachtaí cliniciúla riachtanacha chun clárú leis an mBord Altranais agus go leanann siad orthu ag forbairt tuilleadh eolais agus scileanna chun freastal ar riachtanais a n-othar.

Clár Fochéimithe BSc

Tá an NPDU freagrach as comhordú na gcomhpháirteanna cliniciúla den Chlár Altranais Fochéimithe. Tá meániontráil bhliantúil de 85 mac léinn altranais ag Ospidéal Naomh Séamas agus téann i gcomhairle le foireann ón Scoil Altranais agus Chnámhseachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

I mí na Nollag, bronnadh suaitheantais agus teastais Ospidéal Naomh Séamas ar an dara grúpa altra ón gclár fochéimithe BSc Altranais. Thug Siobhan O'Halloran Uasal, Stiúrthóir Seirbhísí Altranais, HSE an léacht bhliantúil Chuimhneacháin Anne Young ag an searmanas sin.

Gníomhaíochtaí Oideachasúla



Ionad Iarchéime William Stokes



An Dr. Finbarr O'Connell

Stiúrthóir Liachta

An tUasal David Sweeney

Stiúrthóir Riaracháin

Valerie Wilkinson Uasal

Emma McCabe Uasal

Riarthóirí

Is ionad iarchéime neamhspleách bunaithe ar shuíomh an ospidéil é Ionad Iarchéime William Stokes a dhéanann ionadaíocht ar chomhthionscnamh idir An Bord Míochaine Déidliachta Iarchéime, Ospidéal Naomh Séamas, an ERHA, Dámh William Stokes de chuid Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath. Cuireann sé áiseanna agus acmhainní oideachais iarchéime nua-aimseartha ar fáil do dhochtúirí i gColáiste na Tríonóide agus in Ospidéal Naomh Séamas agus freisin i gceantar níos leithne deisceart agus iardheisceart Bhaile Átha Cliath. Tionóltar raon leathan cruinnithe/seimineáir san Aonad, lena n-áirítear:

- Cuairteanna Móra
- Cruinnithe Nuashonraithe Liachta
- Cruinnithe Haemaiteolaíochta/Oinceolaíochta
- Cruinnithe Inchríneolaíochta
- Cruinnithe Taighde Liachta
- Cruinnithe Liachta do Dhaoine Scothaosta
- Cúrsa MSc i gCairdeolaíocht
- Cúrsa MSc i dTeiripe Cognaíoch
- Cúrsaí ACLS
- Cruinnithe seachtainúla oideachasúla den Dámh William Stokes de Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann



- Cúrsa Treoshuímh Bliantúil d'Inteirnich nua
- Clár oideachais leanúnaigh d'Inteirnich
- Comórtas Boinn Bliantúil d'Inteirnich
- Cruinnithe Gairmthreoracha

Cuireann an tlonad an fheidhm riaracháin ar fáil freisin do scéim SHO Liachta Choláiste na Tríonóide, an chéad scéim agus an scéim is mó do SHONna i liacht inmheánach in Éirinn. Cuireann an tlonad raon leathan gníomhaíochtaí oideachasúla ar fáil do SHONna liachta ar an scéim sin agus déanann iad a chomhordú freisin.

Institiúid Haughton

Dara O'Mahony Uasal

Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Ionadú)

Marion Bruce Uasal

Rialtóir Airgeadais

Is comhlacht corpraithe neamhspleách é Institiúid Haughton, lánúinéireacht ag a trí chomhalta, Coláiste na Tríonóide, Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Thamhlachta. Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta é Institiúid Haughton. Tá stádas carthannachta aici agus Bord naoi gcomhalta ar a bhfuil trí ionadaí ó gach ceann de na comhpháirtithe.

Déanann an Institiúid forbairt ar Choláiste na Tríonóide, Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Thamhlachta le chéile agus cuidíonn chun an lan-acmhainneacht is mó a bhaint astu chun cur le hoideachas iarchéime, taighde, forbairt seirbhíse agus comhairleachta sna heolaíochtaí sláinte. Cuireann an Institiúid ar chumas a mball bheith níos éifeachtaí agus sármhaitheas sna gníomhaíochtaí ina bhfuil leas comónta acu á bhaint amach.

Oideachas agus Oiliúint Iarchéime

Is mórfháirt de ghníomhaíocht na hInstitiúide tabhairt isteach agus reáchtáil cláir oideachais agus oiliúna a éascú. Orthu seo áirítear MScanna agus Dioplómaí a ndearnadh iad a bhailíochtú go foirmiúil trí Choláiste na Tríonóide a bhaineann úsáid fhairsing as foireann agus as saoráidí an Ospidéil. Anuas air sin tairgeann an Institiúid raon leathan ghearrchúrsaí agus clár oiliúna scileanna sna réimsí ina bhfuil sármhaitheas bainte amach ag an gColáiste agus ag na hOspidéil. I roinnt cásanna beidh na cláir seo leagtha amach go speisialta do chliant áirithe. Tá seirbhís bainistithe comhdhála ar fáil freisin ar iarratas ó na baill.

Bainistíocht agus Maoiniú Taighde

Tairgeann an Institiúid seirbhís i mbainistiú maoinithe don taighde, ag teacht le polasaithe taighde na nOspidéal agus an Choláiste, agus é dírithe ar a bhfoirne a bhfuil baint acu le conarthaí taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

Rinneadh bainistiú ar chuntais taighde ó €1,000 go €700,000 i mbliana, sin thart ar €7m in iomlán. Cuireann an Institiúid riaradh oiriúnach don úsáideoir ar fáil agus tacaíocht do chonarthaí taighde don fhoireann agus do na gníomhaireachtaí ina mbíonn siad ag obair trí chothú scileanna i mbainistiú na gconarthaí seo le gníomhaireachtaí tráchtála agus Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar nós an AE. Féadfaidh an Institiúid feidhmiú mar shealbhóir conartha agus, nuair is cuí, mar fhostóir foirne. Féadfaidh sí feidhmiú freisin mar shealbhóir conartha ar son daoine aonair nó ar son cuibhreasann grúpaí i dtionscail fhorbartha sheirbhíse.



Dr. Joe Harford (National Cancer Institute), Dr. Doug Weed (NCI), Ms. Mary Harney (Minister for Health and Children), Prof. Mark Lawler (Chairman Cancer Strategy Group St. James's Hospital)



Professor Peter Daly

Oifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta

An tOllamh John Reynolds

Stiúrthóir Réigiúnach, Seirbhísí Ailse

Hilary Craig Uasal

Oifigeach Réigiúnach Cumarsáide agus Cothaithe Sláinte

Eileen Nolan Uasal

Oifigeach Réigiúnach Treoirínte Oinceolaíochta agus Cosán Cúraim Comhtháite

Tá Oifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta, Feidhmeannacht na seirbhíse Sláinte - an Ceantar Thiar Theas - suite in Ospidéal Naomh Séamas. Tá sé mar shainchúram aige feabhsúchán/forbairt do sheirbhísí ailse ar fud an réigiúin.

Is acmhainn í Oifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta le iarrachtaí i seirbhísí cúraim ailse i measc na n-institiúidí a éascú agus a slógadh. Mar chuidiú i mbainistiú de thionscnaimh oideachais mar Cancer 2007, cruthú de threoirínte atreoraithe DG d'ailse amhrasta, cláir phobail mar *'Wise up-its my life too!'*, agus leathnú den chóras iniúchta cliniciúil ailse, feidhmíonn sí mar fhócas chun caidrimh chomhoibrítheacha láidre a thógáil le comhlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta.

Cancer 2007 – Comhdháil Ailse

